Clár
An Rialtais
Ár dTodhchaí le Chéile

Clár

Ár dTodhchaí Le Chéile - Réamhrá 6
Our Shared Future - Introduction 8

Misean: Caighdeán Saoil níos Fearr do Chách 11
Bearta Nua maidir le Folláine agus Dul Chun cinn
Tús Áite do Lár Bailte
Straitéis Náisiúnta maidir le hAer Glan
Cothromaíocht Oibre is Saoil níos Fearr
Iompar

Misean: An Geilleagar a Spreagadh agus a Athnuachan 18
Téarnamh faoi stiúir Fostaíochta
An Plean Geilleagrach Náisiúnta
Airgeadas Poiblí agus Cánachas
An Plean Forbartha Náisiúnta
Eitlíocht agus Calafoirt
Turasóireacht
Athchóiriú Árachais
An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach

Misean: Comhaontú Glas Nua 34
Astaíochtaí
Rialachas maidir leis an Aeráid
Fuinneamh
Iarfheistiú
Aistriú Cóir
Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht
Uisce

Misean: Sláinte Uilíocht 46
Cúram a Sholáthar i dTimpeallacht COVID-19
Sláintecare a chur i bhFeidhm
Sláinte na mBan a Chur Chun Cinn
Todhchaí níos Sláintiúla
Meabhairshláinte

Cur Chuige Sláinte-Bhunaithe maidir le Mí-Usáid Drugaí
Éire Aoisbhách

Clár An Rialtas –
Ár dTodhchaí le Chéile

Misean: Tithíocht do Chách 59
Easpa Dídine
Úinéireacht Tí Inacmhainne
Tithíocht Phoiblí agus Shóisialta
Athchóiriú Cíosa agus Cíos Costais
Gníomhaireacht Forbartha Talún
Pleanáil agus Athchóiriú

Misean: Forbairt Réigiúnach ar bhonn Cothrom..... 66
Forbairt Réigiúnach
Talmhaíocht agus Bia
Cúrsaí Muirí
Leathanbhanda

Misean: Conradh Sóisialta Nua..... 82
Cosaint Shóisialta
Pinsin
Cúramóirí Teaghlaigh
Comhionannas
Soláthar Díreach
Míchumas
Leanaí agus Tacaíocht Teaghlaigh

Misean: Pobail níos Láidre agus níos Sábháilte a Fhorbairt..... 92
Póilíneacht
Sábháilteacht ar líne
Na hEalaíona agus Cultúr
An Ghaeilge
Spórt
Forbairt Pobail, Ionchuimsiú Sóisialta agus Rannpháirtíocht an Phobail

Misean: Deiseanna níos fearr trí Oideachas agus Taighde 104
Oideachas Bunscoile agus Meánscoile
Ardoideachas, Breisoideachas agus Taighde
Printíseachtaí

Misean: Oileán Comhroinnte..... 113
Oileán Comhroinnte
An Breatimeacht
Caidrimh na Breataine-na hÉireann

Misean: Ag Croílár na hEorpa agus Saoránacht Dhomhanda 119
Éire i gCroílár na hEorpa
Oileán i Lár an Domhain
An Caidreamh atá againn leis an Diaspóra a Neartú
Cúnamh Forbartha Thar Lear
Cosaint
Oibríochtaí Thar Lear agus Comhar Idirnáisiúnta

Misean: An Saol Poiblí a Athchóiriú agus a Athmhúnlú 128
Rialtas Áitiúil
Athchóiriú na hEarnála Polaitiúla agus Poiblí
Idirphlé Sóisialta
Na Meáin

Feidhmiú an Rialtais 134
Foirmiú an Rialtais
Rothlú an Taoisigh agus Ainmniú an Rialtais
Oifig an Tánaiste
Ceannaire an Chomhaontais Ghlais
Coistí Comh-Aireachta agus Coiste Comhordaithe an Rialtais
Comhoibriú Leanúnach
Ranna Rialtais
Imní gan Choinne
Daingniú Chlár an Rialtais

Ár dTodhchaí Le Chéile - Réamhrá

Is í seo uair na faille in Éirinn. Tá dúshláin phráinneacha romhainn a bhaineann do gach pobal. Tá an saol caite bunoscionn le roinnt bheag míonna anuas. Bhásaigh roinnt dár muintir go hanabaí, fágadh croíthe briste, agus claochlaíodh ár saol agus ár slí bheatha ó bhonn. Agus muid ag strácáil le bagairt a bhrúigh anuas orainn uile, b'ábhar iontais dúinn a luaithe is a éifeachtaí is a chuamar i dtaithí ar na cúinsí nua. Idir chomhar na gcomharsan, mheitleacha chomhpháirtíochta agus chineálacha nua comhoibre, tháinig an pobal le chéile ar bhealaí nár bhféadfaí a shamhlú roimh ré. É sin ar fad ar mhaithe le hollrún comhroinnte eadrainn: ár dtodhchaí a thógáil i dteannta a chéile.

Tá dúshláin uafásacha curtha ag COVID-19 roimh an gcine daonna, anuas ar ghéarchéim leanúnach an athraithe aeráide agus na bithéagsúlachta. Fógraímid sa Clár Rialtais seo ár rún daingean aghaidh a thabhairt ar na dúshláin úd, an dochar a chneasú a d'imir an phaindéim, misneach na linne a mhúscailt agus beartú dá réir. Cuirfear bearta i gcrích a thabharfaidh saol ar fónamh do gach éinne, a chruthóidh sochaí chomhionann, agus a ghinfidh dáimh níos doimhne leis an dúlra, an bhfiadhúlra agus lena chéile.

Bhí an domhan ar bhruach na tubaiste aeráide i bhfad sular bhuail COVID-19 linn. Bhrostaigh an phaindéim sinn, trína ligean dúinn polasaithe radacacha a chur i bhfeidhm a shamhlaítí a bheith dodhéanta roimpi. Ní haon leithscéal í – agus ní cóir go nglacfaí léi mar leithscéal – as gan gníomhú láithreach ar a bhfuil ag teastáil chun sochaí níos fearr a thógáil agus beatha shlán a dhearbhú do gach dúil bheo. Dírítear sa Chlár seo ar théarnamh ár ngeilleagair, ar atógáil na sochaí, ar athnuachan ár bpobal agus ar ár bhfreagairt ar na dúshláin, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, atá romhainn. Rialtas fiontraíochta a bheas ann: cruthóidh sé poist nua, ullmhóidh sé don fhostaíocht úr amach anseo, déanfaidh sé cúram den téarnamh geilleagrach, agus feabhsóidh sé saol na muintire uile.

Léiríonn an Clár gur féidir an smaointeachas is fearr a thabhairt le chéile ó thrí pháirtí éagsúla, ainneoin a bhfuil de dhifear bunúsach eatarthu go stairiúil. Leagann sé amach fís athleasaithe agus athnuachana a chabhróidh le téarnamh agus le bláthú na hÉireann, rud nach éasca. Ní thugann an Clár seo le fios go mbeidh na freagraí gan dua. Ní bhainfear gach aidhm amach le linn thréimhse an Rialtais seo. Ach san am i láthair, agus muid ag cur tús le hathruithe suntasacha, aithnímid go bhfuil sé d'acmhainn ag na céimeanna atá á dtógáil, an tír a chlaochlú ar bhealach radaiceach. Is fíor-chomhpháirtíocht a bheas sa Rialtas idir na baill éagsúla. Eascraíonn na polasaithe atá leagtha amach againn as rún daingean a bheith ag obair as lámha a chéile, agus as meas ionraic na bpáirtithe ar pholasaithe, ar chreidiúintí agus ar luachanna a chéile.

Is iad na bearta a chuirfear i gcrích sna cúig bliana atá romhainn a shainneoidh cúrsa an náisiúin go ceann na scórtha bliain. Tá sé d'aidhm againn a bheith rannpháirteach san aisfhreagairt dhomhanda chun an domhan a thabhairt slán tar éis COVID. Is mian linn a bheith eiseamláireach freisin i ndícharbónú an gheilleagair. Aithnímid gur ollmhór é an cúram atá orainn. Is iomaí sin toradh dúshlánach atá le baint amach, ina measc an chomhghuaillíocht shóisialta agus na comhdheiseanna; an comhréiteach éiceolaíoch; an chóir agus an cothromas eacnamaíoch; slí bheatha bunaithe ar an talamh; tithíocht do chách; agus an éagsúlacht chultúir, atá le cothú. Ní dhéanfar faillí iontu.

Caithfidh an Rialtas nua gach dua chun go bhfillfeadh pobal ar an obair agus go n-athosclófaí gnólachtaí. Forbhróidh sé straitéisí agus polasaithe cuí chuige sin. Spreagfaimid an geilleagar trí infheistiú a dhéanamh san infreastruchtúr poiblí

agus i gcroíréimsí ar nós na tithíochta, an chúraim sláinte, an chórais taistil agus an fhuinnimh.

Is leithne go mór fada leas an náisiúin, áfach, ná caolchuibhreann an fháis eacnamaíoch. Sna cúig bliana amach romhainn cleachtóidh an Rialtas táscairí leasa agus folláine, i dteannta na dtáscairí eacnamaíocha, chun an éagothroime a aithint agus chun a chinntiú go mbunófar polasaithe ar leas na ndaoine. Níor mhór don gheilleagar téarnamh ar bhealach atá cóir agus cothrom, gan faillí a dhéanamh in éinne, agus a sheasfaidh an aimsir fiú i gcás na tubaiste. Cuid dár slí bheatha feasta an teacht aniar a chothú agus a bheith in ann an fód a sheasamh in aghaidh na hanachaine, á chur san áireamh gur fód fáiltiúil í Éire do ghnólachtaí idirnáisiúnta, agus gur maith is acmhainn dár bhfiontair, idir bheag agus mheánach, trádáil go rathúil ach timpeallacht thacúil a bheith acu.

Fís í seo d'Éirinn a fhéachann leis an easaontas agus an deighilt a shárú agus teacht ar réiteach ar na bhfadhbanna i bpáirt lena chéile. Ní fearr áit len é sin a fheiceáil ná sa ghníomhú ar son na haeráide. Taispeánaimid trínár bhfís gur féidir bogadh ar aghaidh ón bpolaitíocht ar mhaithe le hathruithe claochlaitheacha a dhéanamh a théann chun sochair don talmhaíocht, don iascaireacht, don tsochaí, don gheilleagar agus don phlainéad.

Féachann an Clár seo le saol níos fearr a sholáthar do chách. Ní foláir dúinn na dea-cheachtanna atá foghlamtha againn ón bpaindéim a chur in oiriúint don todhchaí, tráth a mbeimid seasmhach agus muiníneach as ár gcumas féin teacht aniar. Chuige sin éascóidh an Rialtas an chianobair agus tacóidh sé léi. Ar an gcaoi sin laghdófar an t-am a chuirtear amú sna caranna, agus cinnteofar go mbeidh breis ama ag baill teaghlaigh le caitheamh le chéile.

Tá an fhorbairt réigiúnach ag croílár an Chláir. Ní rath náisiúnta go rath réigiúnda agus áitiúil. Leanfar leis an infheisitiú i saol na tuaithe ar bhealach a chinnteoidh an nascacht dhomhanda, gan dochar a dhéanamh do shainbhuanna na tuaithe. Ar an gcaoi sin féachfaimid chuige go mbeidh sé de chumas ag gach limistéar den tír teacht aniar agus bláthú ar bhealach rathúnasach, inmharthana.

De réir mar a bheas an geilleagar á atógáil againn agus an tsochaí á hathshamhlú, déanfaimid athnuachan ar ár ról san Eoraip agus sa domhan iomlán. Sainchomhartha buan de chuid na hÉireann riamh anall, ár dtiomantacht dhomhain d'aidhmeanna agus d'idéil an Aontais Eorpaigh, ar ballstát sinn de. Tá Éire tiomanta d'aidhmeanna agus d'idéil na Náisiún Aontaithe freisin agus fáiltímid roimh na dualgais a eascraíonn as ár rannpháirtíocht sa chomhphobal domhanda.

Tá cor nua curtha i gcaidreamh na hÉireann lenár gcomharsa bhéal dorais de dheasca an Bhreatimeachta, ach tógfaidh an Rialtas seo ar dhea-obair an Rialtais dheireanaigh trína chinntiú go gcosnófar Comhaontú Aoine an Chéasta, gach gné agus mír de. Saothróimid go dian chun oileán na hÉireann a chosaint ar an gcuid is measa d'iarmhairt an Bhreatimeachta agus caidreamh úr á fhorbairt againn leis an Ríocht Aontaithe. Tríd an dlúthghaol le Tuaisceart Éireann, gaol a thógtar agus a thógfar i gcónaí, oibreoidh an Rialtas ar bhealaí chun an t-oileán a roinnt eadrainn.

Táfís sa Chlár seo. Samhlaíonn sé Éire do chách, idir óg agus aosta; Éire na n-ealaíon agus an chultúir agus iad faoi bhláth; Éire na Gaeilge agus í á forbairt agus á cothú; Éire rathúil an spóirt fholláin; Éire a fhearann na múrtha fáilte roimh chuairteoirí, bídís ar saoire, ag staidéar, ag lorg dídine nó ar thuras gnó. Tá polasaithe sa Chlár a chabhróidh le daoine a gclann a thógáil go cúramach, a spreagfaidh rannpháirtíocht na n-óg sa pholaitíocht, a chinnteoidh an tsábháilteacht dhigiteach agus a chuirfidh luach ar an tseanaois.

Agus an tír á múscailt, eagróidh an Rialtas lá náisiúnta comórtha in ómós dóibh siúd a cailleadh. Is mithid freisin ceiliúradh a dhéanamh orthu siúd a chuidigh linn teacht slán agus teacht aniar. Tabharfar tacaíocht dóibh siúd a bhraitheann uaigneach nó caillte. Táimid craite ag an bpaindéim. Ní thiocfaidh leigheas thar oíche ar aon chuid den dochar, an tslánte intinne san áireamh, ach tacóidh an Rialtas leis na hiarrachtaí. Réab an COVID-19 tríd an saol socair cinnte agus chuir sé cor nua inár saol. Orainne a thiteann sé a chinntiú go dtiocfaimid aníos as an ngéarchéim seo le ceachtanna foghlamtha, agus meáite ar shaol níos fearr a thógáil. Léiríodh dlúthpháirtíocht an phobail le linn na géarchéime; éarlais í sin don an atá le teacht, agus comhartha ár muiníne as a chéile.

Tá na haidhmeanna atá leagtha amach dúinn féin thar a bheith uaillmhianach, ach is féidir iad a bhaint amach. Seo geallúint uainn go saothróimid go hionraic agus go práinneach chun clár seo an téarnaimh agus an leasaithe a chur i gcrích ar mhaithe leis an bpobal uile.

Geilleagar agus sochaí na hÉireann a neartú, naisc a dhaingniú ar fud Éireann agus guth dearfach a ardú ar son na comhoibre idirnáisiúnta: dóibh siúd a thiomnaítear sinn.

Our Shared Future - Introduction

This is a defining moment for our country. We face urgent challenges which touch every community. In the space of a few short months our world has turned upside down. Lives have been lost and hearts broken, and our lives and livelihoods have been changed utterly. In striving together against something which threatens us all, we have shown we can surprise ourselves – adapting quickly, building new alliances and collaborating in ways we never expected – all to realise a common purpose: our common future.

COVID-19 has presented the global community with a terrible set of challenges to add to the ongoing climate and biodiversity emergency. In this *Programme for Government*, we are asserting our ambition to meet these challenges, repair the damage that has been inflicted by the pandemic, and take the renewed spirit arising from these challenging times and translate it into action – action that can deliver a better quality of life for all, equality within society and a deeper sense of connection to the natural world around us, and each other.

The world was approaching a climate crisis long before COVID-19 hit our shores. The pandemic has acted as a catalyst, enabling us to implement radical policies that were considered impossible before; it will not and must not be used as an excuse for failure to take immediate action to deliver on all that is needed to build a better society and a secure future for all living things. This is a Programme to recover our economy, rebuild our society, renew our communities, and respond to the challenges we face both nationally and internationally. This will be a Government of enterprise, creating new jobs, preparing for the jobs of the future, driving our economic recovery, and improving the quality of life for all our people.

This Programme shows that it is possible to bring together the best thinking from three distinct parties, which differ fundamentally in terms of history. It creates a vision for reform and renewal that can help Ireland recover and thrive. It will not be easy, and this Programme does not offer easy solutions. Not everything will be achieved within the lifetime of this Government. But, as we begin to make some transformative changes for our country, we recognise that these steps have the potential to deliver radical change. This Government will be a genuine partnership between all involved and the policies outlined reflect a shared desire to work together and a mutual respect for each other's policies, beliefs, and values.

The actions taken over the next five years will define this nation's future direction for decades to come. Our objective is to contribute positively towards a wider global response to how we shape the post-COVID recovery and also to how we lead as an exemplar in decarbonising our economy.

We recognise that the task is immense. Some of the biggest tasks include achieving social solidarity and equality of opportunity, reaching ecological harmony and economic equity, securing good livelihoods from our land and housing for all, and embracing our cultural diversity. It is a task we will not shirk from.

The new Government will make every effort to get people back to work, to reopen businesses, while developing the strategies and the policies to drive this forward. We will stimulate the economy through investment in public infrastructure, and critical areas such as housing, health care, transport, and energy.

The wellbeing of our nation, however, goes beyond the narrow confines of economic growth. Over the next five years, the Government will use wellbeing indicators as well as economic indicators to point out inequalities and help ensure that policies are driven by a desire to do better by people.

Our economy must recover in a way that is fair and balanced, leaves no one behind, and is future proofed against shocks. Embedding resilience within our economy must become a way of life, recognising our strength as a home for international business, and crucially how our own indigenous small and medium-sized enterprises can trade in a supportive environment.

This is a vision for Ireland that seeks to move beyond division and discord and find shared solutions. Nowhere is this more evident than in the area of Climate Action, where we show that it is possible to move beyond politics and deliver transformative change that benefits our agriculture and fisheries, our society, our economy and our planet.

This Programme seeks to deliver a better life for all. We must take the good things we have learned from the pandemic and apply them towards a resilient future. Therefore, this Government will facilitate and support remote working, reduce the time wasted in our cars, and ensure that families have more time together.

The Programme has balanced regional development at its heart because all parts of Ireland must thrive if we are to prosper as a country. By continuing to invest in rural Ireland, ensuring global connectivity without sacrificing its best features, we will ensure that all parts of our country are prosperous, sustainable, and resilient.

As we rebuild our economy and reimagine our society, we will renew our role in Europe and the world. Ireland's total commitment to the aims and ideals of the European Union (EU) has been a consistent feature of our membership. Ireland is also committed to the aims and ideals of the United Nations (UN) and we willingly accept the obligations that arise from being part of the world community.

Our relationship with our nearest neighbour has been challenged by Brexit but this Government will build on the good work of the last administration by ensuring that the spirit and the letter of the Good Friday Agreement are protected. We will work to protect the island of Ireland from the worst effects of Brexit, as we develop a new relationship with the United Kingdom (UK). By continuing to build a close relationship with Northern Ireland, the new Government will also look forward to how we can share this island together.

This Programme outlines a vision of an Ireland for all ages, where the arts and culture thrive, the Irish language is nurtured and developed, and sport inspires us to lead healthier and better lives – an Ireland that is a welcoming place to all visitors, whether they are here on holiday, to learn, to seek refuge, or for business; an Ireland for people of all ages. The Programme therefore includes policies to help people raise their children in all circumstances with real care, encourage youth political participation, promote digital safety, and value our older people.

As the country begins to reawaken, this Programme will have a National Day of Commemoration to commemorate those we have lost, to celebrate all those who helped us survive and endure, and we will ensure that there is support for all those who feel alone or lost. The pandemic has shaken us in many ways. Repairing this in every aspect, including people's mental health, will take time and the support of this Government.

COVID-19 upended our certainties and changed our world. It is our obligation to ensure that we emerge from this Emergency having learned its lessons and with a renewed determination to build a better future. The solidarity shown during the Emergency can serve as an article of faith in the future and what we can achieve together.

The goals which we have set ourselves are deeply ambitious, but they are achievable. Our commitment is that we will work with good faith and urgency to deliver this programme of recovery and reform for the benefit of all our people.

Éire atá ar thóir láidreachta ó thaobh an gheilleagair agus ó thaobh na sochaí sóisialta de, ceangail a thógáil agus a neartú ar an oileán seo agus a bheith mar ghuth dearfach don chomhoibriú idirnáisiúnta - seo ár dtiomantas.

Caighdeán Saoil níos Fearr do Chách

- **Bearta Nua maidir le Folláine agus Dul Chun Cinn**
- **Tús Áite do Lár Bailte**
- **Straitéis Náisiúnta maidir le hAer Glan**
- **Cothromaíocht Oibre is Saoil Níos Fearr**
- **Iompar**

Misean: Caighdeán Saoil Níos Fearr do Chách

Tá sé mar fhócas uileghabhálach againn folláine mhuintir na hÉireann agus shochaí na hÉireann a fheabhsú. Chun é sin a bhaint amach, is é an dúshlán láithreach atá romhainn ná a theacht chugainn féin agus atógáil a dhéanamh tar éis éigeandáil COVID-19, agus an scrios atá déanta ag an bPaindéim ar shaol na ndaoine agus ar shlándáil gheilleagrach agus shóisialta teaghlaigh.

Taobh amuigh de sin, tá sé mar fhócas againn freagairt go deimhneach d'éileamh an phobail maidir le hathrú i dtéarmaí tithíochta, sláinte, gníomhú ar son na haeráide agus caighdeán saoil a tháinig chun solais le linn an Olltoghcháin deiridh. Tá sé mar fhís againn Éire a bheith ina tír inar féidir le muintir na tíre ceangal leis an nádúr arís, tuilleadh ama a chaitheamh lena dteaghlaigh agus le cairde agus rannpháirtíocht chothrom a bheith acu i saol sóisialta, polaitiúil agus cultúir na hÉireann.

Bearta nua maidir le Folláine agus Dul Chun Cinn

Aithníonn an Rialtas go bhfuil gá le bearta nua a chur in áit na mbeart geilleagrach atá againn cheana féin. Tuigimid gur theip na bearta maidir le feidhmiú geilleagrach atá againn cheana féin cúrsaí ar nós an damáiste atá ann don timpeallacht agus d'obair dheonach a thomhas. Níor thóg siad san áireamh ach an oiread comhionannas deiseanna, comhroinnt na maoine agus ioncaim agus níor thóg siad luach caiteachais phoiblí san áireamh ach amháin ar bhonn ionchuir a úsáideadh agus ní ar na torthaí a baineadh amach.

Déanfaimid sraith táscairí a fhorbairt chun comhthéacs níos leithne a chruthú do cheapadh beartais, chun an méid seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- Sraith d'innéacsanna folláine chun tuairim iomlánaíoch chuimsitheach a fháil den bhealach ina bhfuil ag éirí leis an tsochaí.
- Scórchárta cothrom de gach réimse beartais phoiblí, atá dírithe ar thorthaí agus ar thionchar na mbeartas sin ar dhaoine aonair agus ar phobail. I dtús báire, díreofar ar thithíocht, ar oideachas agus ar shláinte.

Cuirfidh taithí i ndlínsí ina ndearnadh forbairt ar bhearta den chineál céanna le blianta beaga anuas faisnéis ar fáil d'fhorbairt na hoibre seo. Trí Roinn an Taoisigh tabharfaimid grúpa saineolaithe le chéile ón tseirbhís phoiblí, ón saol acadúil, ó NGOanna agus ón earnáil phríobháideach ar mhaithe leis an obair seo a threorú.

Cinnteoimid, agus an obair déanta, go mbainfear úsáid aisti ar bhealach córasach ar fud ceapadh beartais rialtais ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta, ó thaobh tosaíochtaí buiséid, meastóireacht cláir, agus tuairisciú ar dhul chun cinn a leagan síos. Beidh sé seo tábhachtach chun comhlánú a dhéanamh ar na huirlisí atá ann cheana féin maidir leis an ngeilleagar a thomhas.

Tús Áite do Lár Bailte

Táimid tiomanta do bheartas Tús Áite do Lár Bailte a fhorbairt, atá bunaithe ar an scéim atá forbartha ag Rialtas na hAlban agus ar fhaisnéis ó thionscadal píolótach Tús

Áite do Lár Bailte. Cuirfimid cur chuige straitéiseach i bhfeidhm i leith athnuachan lár an bhaile trí úsáid a bhaint as foirgnimh atá ann cheana féin agus as tailte nach bhfuil á n-úsáid d'fhorbairt nua agus cuirfimid áitíocht chónaithe inár mbailte agus sráidbhailte tuaithe chun cinn. Bainfimid leas as an *gCreat Náisiúnta Pleanála* mar theimpléad.

Tabharfaimid:

- Tosaíocht do chur chuige straitéiseach agus comhoibríoch i leith Tús Áite do Lár Bailte ó thaobh athnuachan a dhéanamh ar bhailte agus ar shráidbhailte agus úsáid á baint as an gcreat Seiceáil Sláinte Lár Baile Comhoibríoch (CTCHC) chun sonraí a bhailiú agus gníomhartha a stiúradh.
- Tabharfaimid an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte atá leathnaithe amach chun tosaigh chun foirgnimh atá folamh agus tréigthe a chur in úsáid arís agus iad a chur chun cinn d'áitíocht chónaithe.
- Cuirfimid síolchaipiteal ar fáil d'údaráis áitiúla chun láithreáin le seirbhísí ar chostas a sholáthar i mbailte agus i sráidbhailte, chun deis a thabhairt do dhaoine aonair agus do theaghlaigh tithe a thógáil.

Straitéis Náisiúnta maidir le hAer Glan

Foilseoimid an chéad straitéis riamh maidir le haer glan. Déanfaimid:

- Cur chuige réigiúnach i leith forfheidhmiú caighdeáin aeir agus torainn a fhorbairt.
- Cur chuige ilghníomhaireachta a fhorbairt i leith srianta diana a chur i bhfeidhm ó thaobh breosla le cion ard sulfar atá á allmhairiú ón Ríocht Aontaithe, le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Infheistíocht inár líonra stáisiúin mhonatóireachta chun fianaise eolaíoch a sholáthar ó thaobh caighdeán aeir ó pháirteanna difriúla den tír, lena n-áirítear, faisnéis fíor-ama agus áitiúil maidir le caighdeán aeir.
- Síneadh a chur ar an gcosc ar Ghual Deataigh a dhó i mbailte nua agus síneadh a chur ar an gcosc ar fud na tíre le linn théarma an Rialtais.

Cothromaíocht Oibre is Saol Níos Fearr

Tabharfaimid moltaí chun tosaigh maidir leis an gceart chun dínascadh sa bhliain 2020. Breithneoimid ról don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ó thaobh cód a chur le chéile sa réimse seo freisin.

Iompar

Táimid tiomanta athrú ó bhonn a dhéanamh ar chineál an iompair in Éirinn.

Éilíonn feabhsúcháin riachtanacha ar thionchar athrú aeráide, caighdeán saoil, caighdeán aeir agus sláinte choirp agus meabhairshláinte go mbíonn gach iarracht á dhéanamh ag an Rialtas taisteal gníomhach agus iompar poiblí a fheabhsú agus a dhéanamh níos inrochtana.

Tabharfar sainordú láithreach do gach údarás áitiúil tabhairt faoi mheasúnú ar a líonra bóithre chun a fháil amach cén áit is féidir spás a athdháileadh do choisithe agus do rothaithe. Ba cheart é sin a dhéanamh láithreach.

Rothaíocht agus Siúlóid

Tá acmhainneacht ollmhór ag rothaíocht agus ag rothaíocht leictreach cion ard d'aistir laethúla a éascú má chuirimid timpeallacht ar fáil a dhéanann cosaint agus a thugann tosaíocht don mhodh rothaíochta seo. Cuirfimid sábháilteacht rothaíochta agus coisithe chun cinn agus déanfaimid é sin a chumasú trí dhearadh feabhsaithe, scaradh níos mó agus comharthaíocht agus marcáil níos fearr.

Tabharfaidh an Rialtas gealltanas chun 10% den bhuiséad caipitil iompair iomlán a leithdháileadh do thionscadal rothaíochta agus leithdháileadh 10% den bhuiséad caipitil iomlán do bhonneagar coisithe. Socrófar tiomantas an Rialtais do thionscadail rothaíochta agus coisithe ag 20% de bhuiséad caipitil 2020 (€360 milliún) in aghaidh na bliana ar feadh shaolré an Rialtais.

Déanfaidh an tiomantas seo clár maoinithe ilbhliantúil cúig bliana a sheachadadh atá nasctha le sprioc shonrach maidir le bonneagar rothaíochta agus coisithe nó beidh sé á thógáil faoi dheireadh na bliana 2024. Cumasóidh sé seo athrú ó bhonn ar an líon daoine a thugann faoi aistir laethúla de shiúl na gcos nó ar rothair agus cuideoidh sé leis an gcaighdeán saoil agus leis an gcaighdeán aeir a fheabhsú.

Áiríonn an caiteachas iomlán ar bhonneagar siúlóide agus rothaíochta maoiniú atá geallta ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do thaisteal gníomhach, do ghlasbhealaí agus leithdháileadh comhaontaithe do choisithe agus do rothaithe ó chlár Bus Connects.

Cuirfear maoiniú breise ar fáil chun freastal ar an teorainn bhliantúil ón gCiste Téarnaimh le fócas ar bhonneagar a chruthóidh go leor poist.

Beidh an maoiniú seo faoi réir ag na gnáthrialacha maidir le maoiniú caipitil a thabhairt ar aghaidh.

Chomh maith leis an tiomantas seo ó thaobh caiteachais, tabharfaimid faoi bhearta eile chun cuidiú le hardú leanúnach ar líon na daoine atá ag siúl nó ag rothaíocht ar bhonn laethúil a éascú.

Tabharfaimid faoi:

- Sainordú go nglacann gach údarás áitiúil, le

- cuidiú ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) le beartas ardchaighdeáin rothaíochta, go dtugann siad faoi mheasúnú ar a líonra bóithre agus pleananna a fhorbairt do líonra rothaíochta a chuirfear i bhfeidhm le cúnamh ó Oifigeach Rothaíochta atá cáilithe go cuí le cumhachtaí agus róil atá soiléir.
- Leathnú agus feabhas a chur ar an saineolas maidir le taisteal gníomhach atá riachtanach chun cur i bhfad níos fearr le bonneagar agus rannpháirtíocht san NTA agus sna húdaráis áitiúla araon, lena n-áirítear, trí Oifigí Deartha Rothaíochta Réigiúnacha a bhunú, atá comhshuite sna seacht nOifig Deartha Réigiúnacha do bhóithre, chun tacú leis na hÚdaráis Áitiúla.
- Ardú as cuimse a chur ar líon na leanaí atá ag siúl agus ag rothaíocht chuig bunscoileanna agus chuig iarbhunscoileanna trí údarás a thabhairt don Roinn Iompair oibriú le scoileanna ar fud na tíre, le húdaráis áitiúla, leis an gclár do Scoileanna Glasa agus le tionscnaimh áitiúla, lena n-áirítear, Sráideanna do Rothaíocht, do Bhusanna agus do Scoileanna.
- Leathnú ar incháilitheacht Scéim na Rothar chun Oibre. Soláthróimid liúntas comhréireach níos mó do rothair leictreacha agus do rothair lastais.
- Cur leis an gclár do Rothaíocht i gCeart chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint rothaíochta ar fáil do gach leanbh i ngach bunscoil.
- Athbhreithniú ar bheartas tráchta ar bhóithre agus ar reachtaíocht a stiúradh chun tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht maidir le rothaíocht agus le siúlóid.

Glasbhealaí

Déanfaimid forbairt straitéis náisiúnta glasbhealaí comhtháite a stiúradh. Tá an acmhainneacht aige seo ó thaobh aistriú córa iompair agus caighdeán aeir agus sláinte phoiblí a fheabhsú.

Cuirfidh an tiomantas seo don rothaíocht ar ár gcumas uaillmhian ollmhór a bhaint amach ó thaobh forbairt a dhéanamh ar líonra náisiúnta comhtháite de ghlasbhealaí ar mhaithe lena n-úsáid ag comaitéirí, rothaithe atá ag rothaíocht do chaitheamh aimsire agus turasóirí. Leanfaimid leis an gcur chuige comhordaithe idir an rialtas láir, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí chun seachadadh a dhéanamh ar an uaillmhian seo.

Bonneagar Iompair

Maidir le bonneagar iompair nua, tá an Rialtas tiomanta do chóimheas 2:1 caiteachas idir bonneagar iompair phoiblí nua agus bóithre nua thar shaolré an Rialtais. Déanfar cothabháil ar an gcóimheas seo i ngach Buiséad de chuid an Rialtais. I gcás gannchaiteachas ar bhóithre, ní bheidh tionchar aige seo ar an gcaiteachas ar iompar poiblí.

Déanfar cosaint iomlán ar bhuiséid chothabhála atá riachtanach do bhóithre agus d'iompar poiblí chun nascacht agus sábháilteacht leanúnach an phobail a chinntiú.

Leanfaimid leis an gclár infheistíochta in iompar poiblí chun líonra bus, iarnród éadrom agus iarnród idirchathrach a fheabhsú ar fud na tíre.

Déanfaimid straitéisí atá ann cheana féin dár gcathracha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar nós na *Straitéise Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, Straitéis Iompair na Gaillimhe* agus an Dréachtstraitéis Iompair do Mhórcheantar Chorcaí chomh maith leis na straitéisí atá á bhforbairt do Phort Láirge agus do Luimneach, agus tionscadail atá ag dul trí phleanáil.

Go sonrach, tabharfaidh an Rialtas tosaíocht do phleananna chun seachadadh a dhéanamh ar an Metrolink, Luas agus ar leathnú iarnróid éadroma eile, leathnú ar an DART agus ar an idirnascaire agus ar *Bus Connects* i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach.

Táimid tiomanta cothabháil a dhéanamh ar an líonra bóithre atá ann cheana féin chuig an gcaighdeán is airde agus do mhaoiniú a dhéanamh ar fheabhsúcháin sábháilteachta.

Leanfaimid le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar do bhóithre nua chun a chinntiú go mbíonn gach páirt den tír ceangailte le chéile.

Iompar Poiblí

Déanfaimid:

- Athbhreithniú ar struchtúir táillí chun a chinntiú go mbíonn iompar poiblí chomh hinrochtana agus is féidir, go dtacaítear le seachadadh seirbhíse agus go ndéantar taisteal le linn uaireanta seachbhuaice a spreagadh.
- A chur de chúram ar an NTA pleananna cur chun feidhme páirceála agus taistil a chur ar fáil do gach aon cheann de na cúig chathair chun cabhrú le plódú agus le hamanna aistir a laghdú. Déanfaidh siad seo saoráidí páirceála do charranna a chomhtháthú le hiompar poiblí agus le líonraí rothaíochta agus áireoidh siad soláthar taisceadáin slándála do rothair.
- Forbairt a dhéanamh air agus Plean Soghluaisteachta Inbhuanaithe Tuaithe a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh sé seo caighdeán seirbhísí iompair phoiblí isteach ina mbeidh seirbhís a nascann na lonnaíochtaí go léir atá os cionn méid áirithe leis an gcóras iompair phoiblí náisiúnta i dtéarmaí daonra, chomh maith le háiteanna fostaíochta nó oideachais.

Beidh ról lárnach ag Nasc Áitiúil san fhorbairt seo. Cuirfidh taighde *Connected Ireland* a bhfuil an NTA ag tabhairt faoi faisnéis ar fáil don chaighdeán seirbhíse seo.

- An tábhacht a bhaineann leis an Nasc Áitiúil a aithint agus go háirithe a acmhainneacht ó thaobh naisc iompair phoiblí idir cheantair thuaithe. Déanfaimid athbhreithniú ar oibríochtaí agus ar mhaoiniú Nasc Áitiúil laistigh de naoi mí agus déanfaimid an tseirbhís a leathnú chun a thrí oiread paisinéirí a mhealladh.
- Tosaíocht a thabhairt do thionscadail iompair phoiblí a chuireann le nascacht réigiúnach agus tuaithe, ar aon dul leis an *gCreat Náisiúnta Pleanála*, ar mhaithe le maoiniú breise thar shaolré an *Phlean Forbartha Náisiúnta* atá athbhreithnithe agus leathnaithe.
- Grúpa oibre a bhunú chun úsáid a bhaint as acmhainneacht samhaltaithe an NTA agus na sonraí comaitéara agus taistil atá ag Grúpa Comhlachtaí Chóras Iompair Éireann (CIE) agus ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, an NTA agus ag páirtithe leasmhara eile chun éileamh atá ann cheana féin agus éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh iompar poiblí a aithint agus oibriú leis an éileamh a mheaitseáil leis na seirbhísí atá ann cheana féin agus leis na seirbhísí nua, sa chás gur cuí.
- Córas iompair phoiblí náisiúnta comhtháite le clár ama comhtháite, córas ticéadaithe clibeála aonair agus comhordú idir clár ama bus agus iarnróid na n-oibritheoirí go léir a chinntiú.
- Fóram Náisiúnta Iompair Phoiblí a bhunú lena mbeidh baint ag na páirtithe leasmhara go léir agus cuirfimid tús le hAlt 17 d'Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath chun Comhairle Chomhairleach Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a bhunú.
- Sineirge féideartha idir cineálacha difriúla iompair agus idir seirbhísí a bhaineann le hiompar atá á mhaoiniú ag an Stát trí ranna agus trí ghníomhaireachtaí difriúla a fhiosrú.
- Luas a chur faoi phleananna iompair inbhuanaithe do scoileanna. Tabharfaimid an t-athbhreithniú ar an Scéim Iompair Phoiblí chun críche chun torthaí níos fearr a lorg agus le haistir i gcarranna a laghdú. Ba chóir go n-oibreodh an Scéim Iompair Scoile in éineacht le Clár um Bealaí Sábháilte chun Scoile.

Iarnród

Déanfaimid seirbhísí atá ann cheana féin a chosaint trí leanúint lena chinntiú go mbíonn leibhéal íocaíochta atá riachtanach le flít Oibleagáide Seirbhíse Poiblí leordhóthanach chun cothabháil agus feabhas a dhéanamh ar acmhainneacht agus ar mhinicíocht seirbhíse.

Déanfaimid:

- Ar aon dul leis an tiomantas atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála ó thaobh forbairt réigiúnach atá cothrom, tosaíocht a thabhairt do thionscadail iarnróid i gCorcaigh, i nGaillimh agus i bPort Láirge ar línte iarnróid atá ann cheana féin agus ar línte nach bhfuil á n-úsáid.
- Maoiniú ar bhonn leanúnach ar oibreacha sábháilteachta agus ar fheabhsúcháin chaipitil ar an líonra iarnróid, déanfaimid leathnú ar fhlít Iarnród Éireann agus cuirfimid leictriúchán seirbhísí iarnróid chun cinn chun laghdú a dhéanamh ar amanna aistir agus ar astaíochtaí.
- Coimisiúnú ar luacháil gheilleagrach naisc iarnróid ardluais idir na príomhchathracha.
- Feabhas a chur ar shaoráidí rothaíochta agus stórála ar thraenacha nuair is indéanta.
- Iarnród for-uirbeach agus comaitéara trasna na tíre a fheabhsú.
- Tuarascáil ar thodhchaí Chonair Iarnróid an Iarthair a bhreithniú agus glacfaimid an gníomh cuí.
- Maoiniú a chur ar leataobh chun deisiú agus uasghrádú tapa ardaitheoir ardáin traenacha a chinntiú agus chun a chinntiú go bhfuil siad níos inrochtana.

Busanna

Déanfaimid:

- Nascacht réigiúnach agus nascacht idir bailte agus sráidbhailte i gceantair thuaithe na hÉireann a chosaint agus a leathnú.
- Aghaidh a thabhairt ar phointí fáiscthe do bhusanna agus cuirfimid leathnú ar chomharthaíocht tosaíochta do bhusanna agus ar Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí.
- Tosaíocht níos fearr a thabhairt do sheirbhísí bus trí leathnú a dhéanamh ar Mhórlánaí Bus agus trí bhreithniú a dhéanamh ar Sheirbhís Bus Gasta.

Dícharbónú ar Iompar ar Bhóithre

Chun ár spriocanna uaillmhianacha astaíochtaí a laghdú, ní mór dúinn dícharbónú suntasach a dhéanamh ar an fhlít iompair, le fócas faoi leith ar charranna agus ar fheithiclí éadroma earraí.

Déanfaimid:

- Úsáid a bhaint as raon cur chuige beartais chun úsáid feithiclí leictreacha (EVanna) agus aistriú ó fheithiclí peitril/díosail a spreagadh.
- Reachtaíocht a thabhairt isteach chun clárú carranna agus feithiclí éadroma nua ina bhfuil breosla iontaise a chosc ón mbliain 2030 ar aghaidh agus chun deireadh a chur le húsáid carranna peitril agus díosail ó chathracha na hÉireann ón mbliain 2030.
- Athbhreithniú ar an réimeas reatha mótarcháin chun a chinntiú go léirítear go leordhóthanach an damáiste a bhíonn mar chúis le hastaíochtaí NOx (ocsaíd nítrigine) agus SOx (ocsaíd sulfair). Ní bheidh baint aige seo ach amháin le feithiclí atá cláraithe as an nua.
- Straitéis EV a fhoilsiú chun a chinntiú go mbíonn an bonneagar luchtaithe chun tosaigh ar éileamh agus cuirfimid treoir ó thaobh pleanála ar fáil d'údaráis áitiúla.
- Creat soláthar poiblí a fhoilsiú d'EVanna. Ní thabharfaimid cead, faoin mbliain 2025 ar a laghad, do chomhlachtaí na hearnála poiblí carranna agus feithiclí éadroma earraí íseal-astaíochtaí nó feithiclí gan aon astaíochtaí a cheannach.
- Éileamh gur busanna hibrideacha nó busanna leictreacha a bheidh sna busanna uirbeacha go léir.
- Reachtaíocht a chur ar fáil do scútair leictreacha agus do rothair leictreacha.
- Straitéis 10 mbliana a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm don earnáil iompair a bheidh dírithe ar éifeachtúlacht agus ar chaighdeáin a fheabhsú agus cabhrú leis an earnáil aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin.

Tacsaithe

Tá tionchar díréireach ag an fhlít tacsaithe ar chaighdeán aeir agus ar astaíochtaí aeráide i lárionaid uirbeacha.

Leanfaimid:

- Ag tabhairt tacaíochta do ghlasú an fhlít tacsaithe agus le cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thiománaithe tacsaithe atá ag aistriú chuig feithiclí leictreacha cadhnra agus feithiclí leictreacha hibrideacha plugála isteach.
- Le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ar fáil do thacsaithe atá inrochtana ó thaobh cathaoir rothaí chun cur le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Tabharfaimid straitéis sábháilteacht ar bhóithre uaillmhianach isteach a dhíríonn ar phrionsabal Vision Zero.

Tabharfaimid:

- Straitéis sábháilteachta ar bhóithre nua isteach atá ag díriú ar bhásanna agus ar ghortuithe a laghdú ó thaobh úsáideoirí bóithre, coisithe agus rothaithe atá leochaileach.
- Tosaíocht do chomhdhlúthú na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre atá ann cheana féin agus úsáid a bhaint as sin mar dheis le haon aimhrialtachtaí a cheartú a d'fhéadfadh a bheith ann a chuireann moill ar fhorfheidhmiú cuí.

Bearta eile

Déanfaimid:

- Athbhreithniú agus síneadh a chur ar théarmaí tagartha reachtúla an NTA. Tabharfaidh sé seo an deis don NTA oibriú le húdaráis áitiúla chun straitéisí iompair ag a bhfuil bonn dlí láidir a fhorbairt inár gcathracha, bailte móra agus réigiúin.
- Scoileanna, áiteanna oibre agus institiúidí eile a chumasú le huaireanta oscailte agus dúnadh a mhoilliú.
- Measúnacht air agus tabharfaimid bearta chun tosaigh chun bainistíocht a dhéanamh ar an éileamh chun aistriú córa iompair a spreagadh.
- Athbhreithniú agus laghdú ar luasteorainneacha, sa chás gur cuí, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus ar astaíochtaí carbóin agus chun comhlíonadh níos fearr a chinntiú.
- Clár píolótach chun an fhéidearthacht ó thaobh aipeanna do chomhroinnt carranna a fhiosrú ar mhaithe le nascacht tuaithe a fheabhsú.

•

An Geilleagar a Spreagadh agus a Athnuachan

- Téarnamh faoi stiúir Fostaíochta
- An Plean Geilleagrach Náisiúnta
- Airgeadas Poiblí agus Cánachas
- An Plean Forbartha Náisiúnta
- Eitlíocht agus Calafoirt
- Turasóireacht
- Athchóiriú Árachais
- An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach

Misean: An Geilleagar a Spreagadh agus a Athnuachan

Bhí agus tá tionchar uafásach ag COVID-19 ar theaghlaigh. Laistigh de roinnt seachtainí aisiompaíodh an dul chun cinn go léir a bhí déanta le blianta beaga anuas, tráth a raibh fás láidir déanta ó thaobh an gheilleagair de agus beagnach lánfhostaíocht bainte amach. Ní raibh aghaidh le tabhairt ag aon Rialtas in Éirinn riamh ar a leithéid seo de dhúshlán agus ní bheidh aon easpa orainn ó thaobh teacht aniar maidir le freagairt don dúshlán seo. Tá muinín againn i mianach mhuintir na hÉireann agus cuirfimid téarnamh faoi stiúir fostaíochta ar fáil a chuideoidh lenár muintir filleadh ar a gcuid oibre. Cruthóimid sochaí atá cothrom, rathúil, comhbhách agus inbhuanaithe. Tá tiomantas léirithe ag an Stát ó thaobh freastal ar an dúshlán seo trí thacaíocht airgeadais nach bhfacthas a leithéid riamh cheana a cuireadh ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí le roinnt míonna anuas.

Beidh an pobal SME lárnach sa téarnamh. Is iad na SMEanna cnámh droma an gheilleagair agus tá tacaíocht á thabhairt acu do go leor fostaíochta ar fud na tíre. Oibreoimid leo chun daoine a chur ar ais ag obair, ag cur le hoidhreacht láidir pobal bríomhar gnó. Beimid oscailte agus tarraingteach i gcónaí d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus forbairt á dhéanamh ar na fiontair dhúchasacha ag an am céanna.

Tabharfaimid Tionscnamh Jabanna isteach i mí Lúil atá dírithe ar Chiste Téarnaimh, chun tacú lenár ngeilleagar agus chun cabhrú le fostaíocht a chur ar ais go deireadh na bliana 2020. Chomh maith le fostaíocht a chur ar ais, cuirfidh an ciste spriocanna chun cinn maidir le dícharbónú an gheilleagair, forbairt réigiúnach chothrom a chur ar fáil agus ullmhú do thodhchaí dhigiteach. Ansin, i mí Deireadh Fómhair, leagfaimid amach an Plean Geilleagrach Náisiúnta fadtéarmach ina dtabharfar mionsonraí maidir lenár gcuid iarrachtaí do théarnamh fadtéarmach.

Téarnamh faoi stiúir Fostaíochta

Taobh istigh de chúpla mí, chuaigh Éire ó riocht ina raibh níos mó fostaíochta ná mar a bhí riamh ann go riocht dífhostaíochta agus tá dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i ndán don tír i dtéarmaí daoine a chur ar ais ag obair. Ní raibh a leithéid seo de dhúshlán i ndán d'aon rialtas roimh seo ach ní bheidh aon drogall orainne mar rialtas tabhairt faoin dúshlán seo.

Díreoimid ar dhaoine a chur ar ais ag obair a luaithe agus is féidir.

Tá sé mar aidhm againn 200,000 post nua a chruthú faoin mbliain 2025, chomh maith le cabhrú le daoine atá dífhostaithe i láthair na huaire mar gheall ar COVID-19 filleadh ar obair. Ciallóidh sé seo fócas comhbheartaithe ar SMEanna, ar chomhlachtaí móra agus ar dhaoine atá féinfhostaithe.

Agus an méid sin á dhéanamh againn, tógfaimid geilleagar atá níos láidre, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bheidh ullmhaithe don chéad chéim eile de theicneolaíocht bhunathraitheach agus do bhealach chuig todhchaí atá íseal ó thaobh carbóin.

Trí dhaoine a chur ar ais ag obair, beimid in ann airgeadas poiblí a chur ina cheart arís agus seirbhísí poiblí atá níos fearr agus níos inrochtana a chumasú ar bhonn inbhuanaithe agus fadtéarmach.

Ar deireadh thiar beidh téarnamh faoi stiúir fostaíochta ag brath ar ár gcumas margaí a aimsiú dár gcuid earraí agus seirbhísí agus infheistíocht a mhealladh chun na hÉireann. Táimid tiomanta do chreatbeartais atá fabhrach d'fhiontraíocht trí thimpeallacht rialála agus cánachais atá cobhsaí agus inbhuanaithe agus bainistíocht stuama airgeadas poiblí a sholáthar, le gur féidir linn infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar agus sna scileanna atá riachtanach chun go mbeidh sé ar ár gcumas iomaíochas a fheabhsú.

Le linn dúinn a bheith ag díriú ar an dúshlán láithreach a bhaineann le daoine filleadh ar an obair, tuigimid freisin an tábhacht a bhaineann le hAistriú Cóir, agus an spleáchas ar bhreosla iontaise á thabhairt chun críche agus de réir mar a éiríonn bunathrú digiteach agus uathoibríoch níos coitianta. Cruthóimid deis gheilleagrach trí ghníomhú ar son na haeráide agus trí mheicníochtaí ón mbun aníos a bhunú agus a chinntiú go dtugann ceapadh beartais áitiúil agus náisiúnta aghaidh ar riachtanais an phobail ionas nach mbeidh duine ar bith fágtha amach.

Beidh dhá ghné i gceist lenár gcur chuige.

Beidh Tionscnamh Jabanna ann i mí Iúil chun cuidiú le gnólachtaí agus chun borradh a chur faoi iarrachtaí ó thaobh fostaíocht a chruthú agus a choinneáil. Cabhróidh sé seo le roinnt de na hearnálacha is measa as, ar nós turasóireacht agus fáilteachas, miondíol, siamsaíocht agus na healaíon, tógáil (aisfheistiú), comhlachtaí poiblí agus an earnáil tríú leibhéil.

Is é an Ciste Téarnaimh an príomhuirlis a bheidh i gceist anseo.

Ansin, i gcomhar le Buiséad 2021, tabharfaimid Plean Geilleagrach Náisiúnta chun cinn chun ár gcur chuige fadtéarmach a leagan amach chun filleadh ar fhostaíocht. Tabharfar mionsonraí sa phlean freisin maidir leis an mbealach ina ndaingneoimid airgeadas poiblí i saol ina mbeidh orainn maireachtáil le COVID-19, ag cur treallús, ag an am céanna, faoinár n-iarrachtaí chun an geilleagar a dhícharbónú agus ullmhú do na chéad chéimeanna eile don aistriú teicneolaíochta.

Ciste Téarnaimh

Beidh an Ciste Téarnaimh mar spreagadh a bheidh dírithe ar chur le héileamh baile agus le fostaíocht. Cuirfidh an Ciste seo treallús faoi athrú straitéiseach trí SMEanna, ag cur dlús le cruthú poist, déanfaidh dícharbónú ar an ngeilleagar, agus cinnteoidh go mbeidh Éire chun tosaigh ó thaobh todhchaí digiteach. Beidh seachadadh a dhéanamh ar fhás réigiúnach atá cothrom mar thosaíocht ríthábhachtach leis an gCiste seo.

Beidh an Ciste Téarnaimh ar fáil ó 2020, 2021 agus 2022.

Déanfaidh sé maoiniú ar thionscadail chaipitiúla a bhí ann cheana féin agus ar thionscadail caipitiúla reatha agus rachaidh sé in oiriúint de réir mar a thagann rath ar an ngeilleagar agus a fheabhsaíonn fostaíocht.

Beidh trí ghné difriúla i gceist leis an gCiste Téarnaimh:

a) **Forbairt Bonneagair:** tosaíocht a thabhairt do thionscadail infheistíochta chaipitiúla atá táirgiúil agus lena mbaineann dlúthfhostaíocht agus atá ag díriú ar réimsí ar nós tithíocht, aisfheistiú agus iompar poiblí agus iompar gníomhach chun cuidiú go díreach le fostaíocht agus cothabháil a dhéanamh ar fhostaíocht, ach tacú le fostaíocht amach anseo freisin.

b) **Athoiliúint:** bearta caiteachais chun cabhrú leo sin atá dífhostaithe mar gheall ar COVID-19 agus nach bhfuil ar a gcumas filleadh ar an bhfostaíocht a bhí acu roimhe seo, chun oiliúint a fháil agus cur lena gcuid scileanna agus cur ar a gcumas deiseanna nua a aimsiú.

c) **Ag Tacú le hInfheistíocht:** chomh maith leis an gcúnamh atá á sholáthar chun solúbthacht gnó a threisiú, ar nós trádáil ar líne, acmhainneacht bainistíochta agus nuálaíochta, cuirfimid bearta i bhfeidhm chun cuidiú le comhlachtaí Éireannacha creidmheas agus caipiteal a rochtain chun tacú le poist a choinneáil agus a chruthú. Áireoidh sé seo ráthaíochtaí creidmheasa agus ról na n-iasachtóirí a fhaigheann tacaíocht Stáit ar nós an SBCI a bhreithniú.

Gníomhartha Láithreach

Chomh maith leis an gCiste Téarnaimh, leanfaimid suas na gníomhartha seo a leanas ar feadh na tréimhse, mar chuid dár dTionscnamh Post mhí Iúil.

Déanfaimid:

- Bealach a leagan amach do chur i bhfeidhm na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá amach anseo.
- Dáileadh Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime amach anseo a leagan amach, bunaithe ar phrionsabal na cothroime.
- Tascfhórsaí earnála a bhunú, a chuimsíonn an Rialtas, saineolaithe neamhspleácha agus páirtithe leasmhara faoi chathaoirleacht airí líne, chun díriú ar riachtanais shonracha na n-earnálacha agus pleananna a thabhairt chun cinn i gcomhthéacs an Plean Geilleagrach Náisiúnta.
- Grúpa SME agus Comhlachtaí Stáit faoi chomhchathaoirleacht an Aire Airgeadais agus an Aire Gnó a thionóil chun comhordú a dhéanamh ar

fhreagra leanúnach an Rialtais i leith COVID- 19 do SMEanna.

- Tús a chur le hathbhreithniú ardleibhéil ar gheilleagar na hÉireann faoi stiúir Roinn an Taoisigh chun na hearnálacha lena mbaineann an deis is mó ó thaobh fostaíochta a fhás agus a choinneáil i bhfianaise na géarchéime sláinte phoiblí, na treochtaí geopholaitiúla atá mar thoradh ar an ngéarchéim agus na dúshláin fhadtéarmacha a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide, agus le dúshláin sláinte phoiblí amach anseo.
- Reachtaíocht a achtú chun Scéim Ráthaíochta Creidmheasa nua €2 bhilliún, scéim SURE a thabhairt isteach, agus dliteanais chánach a thrádstóráil.
- Athbhreithniú ar an Deontas Atosaithe Gnó agus déanfaimid tacaíochtaí deontais eile do SMEanna a bhreithniú.
- Cur le Mhicrea-Airgeadas Éireann ionas gur féidir tacú le líon níos mó gnólachtaí beaga agus le gnólachtaí atá ag dul i mbun gnó le hairgeadas a rochtain. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach inar féidir linn úsáid a bhaint as agus giaráil a dhéanamh air mhaoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ar dheiseanna maidir le maoiniú seachtrach an méid is fearr is féidir chun tacú lenár dtéarnaimh agus le haistriú chuig todhchaí atá íseal ó thaobh carbóin de.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na hUirlise Cobhsaíochta Paindéime agus athbhreithniú cibé a bhfuil athruithe riachtanach chur feabhas a chur ar ról Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.
- An bealach ina ndéileálfar le rátaí tráchtála an chuid eile den bhliain 2020 a leagan amach.
- Cód iompair a chruthú idir tiarnaí talún agus tionóntaí do chíosanna tráchtála.
- Bearta sonracha earnála breise a ghlacadh sa chás gur cuí. Breithneoimid bearta breise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun tacú leis na hearnálacha, fáilteachais, miondíola, siamsaíochta, na healaíona agus caitheamh aimsire.

An Plean Geilleagrach Náisiúnta

Ar an lá céanna le Buiséad na bliana 2021, leagfaidh an Rialtas Plean Geilleagrach Náisiúnta amach a chuirfidh an treo ar fáil do théarnamh fadtéarmach faoi stiúir fostaíochta.

Cé go raibh idirghabhálacha stáit nach bhfacthas a leithéid riamh cheana riachtanach le linn Ghéarchéim COVID-19 go dtí seo, ní mór go nglacfaidh an chéad sraith bearta eile léargas fadtéarmach maidir leis an mbealach a gcuirfimid daoine ar ais ag obair ar bhealach atá inbhuanaithe.

Ar feadh na tréimhse seo, leanfaimid le díriú ar ullmhúcháin d'aistriú féideartha na Ríochta Aontaithe chuig téarmaí trádála an WTO an 01 Eanáir 2021.

Gheofar treoir don Phlean Geilleagrach Náisiúnta trína paraiméadair seo a leanas:

- Tacú leo sin a chaill a gcuid poist chun filleadh ar fhostaíocht chomh luath agus is féidir.
- Clár athoiliúna ollmhór a chur chun cinn chun cur ar a gcumas sin a chaill a gcuid poist forbairt a dhéanamh ar scileanna atá acu ceana féin agus ar scileanna nua chun riachtanais fhiontraíochta a mheaitseáil.
- Cur ar chumas SMEanna filleadh ar lánacmhainneacht, sa chás é sin a bheith indéanta, agus tríd is tríd teacht aniar, táirgiúlacht agus nuálaíocht SMEanna a threisiú. Is iad na SMEanna cnámh droma gheilleagar agus na bpobal ar fud na hÉireann agus an príomhspreagadh fostaíochta.
- Tacú le SMEanna dul in iomaíocht do chonarthaí na seirbhíse poiblí.
- A chinntiú go bhfuil na deiseanna fostaíochta atá á gcruthú inbhuanaithe agus mar chuid dár n-aistriú náisiúnta chuig todhchaí atá íseal ó thaobh carbóin de.
- Réimsí féideartha fáis d'Éirinn i ngeilleagar domhanda COVID- 19 a aithint agus tacú leo.
- Feabhas a chur ar chaighdeán agus ar shlándáil cothromaíocht oibre agus saoil.
- Nuálaíocht a chur ar fáil inár n-áiteanna oibre trí dhigitiú agus cleachtais maidir le hobair chianda agus solúbtha.
- Tacaíocht a thabhairt d'fhiontraithe agus do thionscnaimh atá ar son na fiontraíochta.
- Forbairt réigiúnach chothrom a chur chun cinn agus tacú le geilleagar na tuaithe.
- Cothabháil ar thimpeallacht a thugann tacaíocht d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach.
- Cuirfimid muinín an tomhaltóra ar ais ina cheart.

Beidh an gá le fórsa saothair agus geilleagar na hÉireann a chosaint chomh maith agus is féidir mar bhonn taca leis an bPlean Geilleagrach Náisiúnta, sa chaoi is nach dtiocfar

aniar aduaidh orainn arís amach anseo mar gheall ar ghéarchéim sláinte poiblí eile, an Breatimeacht, aistriú digiteach agus athrú aeráide. Ciallóidh sé seo díriú ar dheiseanna in earnálacha atá níos láidre in ainneoin na mbagairtí seo agus aon bhagairtí eile den sórt sin atá ar na bacáin.

Cuirfidh an Rialtas seo inbhuanaitheacht i gcroílár ár mbeartas fioscach, fiontraíochta, nuálaíochta agus timpeallachta. Féachfaimid ar an téarnamh seo mar dheis le hathruithe struchtúracha a neadú a rachaidh chun leasa dár ngeilleagar agus dár muintir trí ghlacadh le teicneolaíocht agus le nuálaíocht agus a bheith sa tóir ar theacht aniar ó thaobh na haeráide, faoi stiúir earnála agus go náisiúnta araon.

Ag Cumhachtú na Seirbhíse Poiblí

Éileoidh an Plean Geilleagrach Náisiúnta treallús as an nua d'athchóiriú na seirbhísí poiblí lena sheachadadh. Cuirfear an plean i bhfeidhm trí struchtúr tras-rialtais le rannpháirtíocht ón taobh amuigh chun téarnamh a stiúradh, faoi thionchar Roinn an Taoisigh.

Cumhachtóimid an tseirbhís phoiblí chun cothabháil a dhéanamh ar luas agus ar sholúbthacht mar atá léirithe acu le linn Ghéarchéim COVID-19. Díreoimid ar chumas ceannaireachta, cinnteoireacht agus acmhainneachta a fhorbairt chun athrú éifeachtach a sheachadadh.

Is iad na príomhuirlisí a bheidh á n-úsáid againn tríd an bPlean Geilleagrach Náisiúnta:

- Oideachas, oiliúint agus athoiliúint.
- Infheistíocht agus spreagadh.
- Beartas fiontraíochta.
- Maoiniú gnó.
- Rialacháin agus costais.

Leagtar amach níos mionsonraithe thíos na bearta atá le forbairt laistigh de gach aon earnáil don Phlean Geilleagrach Náisiúnta.

An Plean Geilleagrach Náisiúnta - Oideachas, Oiliúint agus Athoiliúint

Déanfaimid:

- Clár uasoiliúna agus athoiliúna a chur i bhfeidhm le gur féidir le gach oibrí ó earnálacha nach bhfuil aon chosúlacht orthu go bhfillfidh siad ar lánacmhainneacht an bhliain dár gcion leas a bhaint as deiseanna in earnálacha eile atá níos inbhuanaithe. Mar chuid de seo, foilseoimid Plean Gníomhaíochta Printíseachta atá cothrom le dáta chun féachaint ar bhealaí nua le struchtúrú, maoiniú agus le printíseacht a chur chun cinn. Beidh spriocanna sonracha sa phlean maidir le líon na mban, na bhfear agus líon na ndaoine atá faoi mhíchumas agus na ngrúpaí faoi mhíchumas a ghlacann le printíseacht. Déanfaimid, faoi dheireadh na bliana 2020, sraith leanúnach printíseachta agus cúrsaí oiliúna a fhorbairt (lena n-áirítear, printíseach do dhaoine níos sine) chun tacú leis an gcéim téarnaimh agus chun bealaí gairme nua a sholáthar do dhaoine le spéis agus le cumas difriúil. Neadóimid printíseacht agus cúrsaí oiliúna i bhfiontraíocht na hÉireann.
- Cláir gníomhachtúcháin don mhargadh saothair a chuir i bhfeidhm atá láidir agus éagsúil.
- Clár Teicneolaíochta agus Cnuasaithe Réigiúnach a fhoilsiú chun naisc idir SMEanna, na Boird Oiliúna agus Oideachais, corparáidí ilnáisiúnta agus institiúidí tríú leibhéil a láidriú agus chun treallús a chur faoi iomaíochas, táirgiúlacht agus nuálaíocht sna réigiúin.
- Cur le tacaíocht d'Fhiontraíocht Éireann do chomhlachtaí beaga chun infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht do phróisis glanta, dramhaíola agus éifeachtúlachta fuinnimh.
- An tionscnamh Caipiteal Daonna a úsáid chun seachadadh a dhéanamh ar raon leathan cláir oideachais agus oiliúna do chuardaitheoirí poist in oideachas treasach, lena n-áirítear, oiliúint shonrach scileanna in achar ama atá gearr, cúrsaí tiontaithe i réimsí ganntanas scileanna agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.
- Tuilleadh cur chun cinn ar chultúr foghlama ar feadh an tsaoil laistigh den fhórsa saothair, ag díriú ar an ráta foghlama ar feadh an tsaoil atá ann i láthair na huaire de 9% agus é sin a ardú go dtí 18% faoin mbliain 2025.
- Obair laistigh d'institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais chun straitéis a chur i bhfeidhm chun samhlacha oideachais nua mear lár gairme a fhorbairt a fhreastalaíonn ar na riachtanais inár ngeilleagar nua atá ag teacht chun cinn go tapa.
- I gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint as farasbarr an Chiste Náisiúnta Oiliúna chun clár uasoiliúna agus athoiliúna a chur i bhfeidhm chomh maith le maoiniú breise d'institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais.

An Plean Geilleagrach Náisiúnta – Infheistíocht agus Spreagadh

Déanfaimid:

- Cur le Tionscnamh Poist mhí Lúil agus úsáid a bhaint as an gCiste Téarnaimh chun tacú leis na gnéithe sin den gheilleagar a bheidh:
  (a) Ar aon dul leis an gcomhairle maidir le sláinte phoiblí agus in ann éascú a dhéanamh ar éileamh breise.
  (b) Ar aon dul le hathbhreithniú ardleibhéil ar an ngeilleagar.
  (c) A mbeidh an tionchar is mó acu, go náisiúnta agus go réigiúnach.
- Athbhreithniú ar an *bPlean Forbartha Náisiúnta* a thabhairt chun cinn.
- Athrú ó bhonn ar RÉ Nua ó ról maoirseachta go ról lena mbaineann níos mó forbartha, áit a ndéantar straitéisí a fhorbairt chun cláir comhardaithe comhlachtaí stáit a ghiaráil chun treallús a chur faoi dheiseanna geilleagracha nua.
- An Plean Aisfheistithe Náisiúnta a fhoilsiú mar chuid den Phlean Geilleagrach Náisiúnta. Leagfar amach sa phlean ár dtiomantas chun:
  - Forbairt a dhéanamh ar chur chuige nua ceantar bhunaithe agus ionad ilfhreastail i leith aisfheistiú chun uasghrádú a dhéanamh ar 500,000 teach cónaithe ar a laghad chuig caighdeán B2 faoin mbliain 2030.
  - Tithe cónaithe a cur i ngrúpaí chun costas a ísliú, ag tosú sa cheantar Lár Tíre.

- Giaráil a dhéanamh ar airgeadas cliste (m.sh. ráthaíocht iasachta, an Banc Eorpach Infheistíochta, Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI).

- Meicníochtaí a fhorbairt chun aisíocaíocht a dhéanamh níos éasca (m.sh. trí bhillí fóntais).

- Maoiniú a thabhairt chun cinn do Thionscadal Éireann 2040 an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide agus don Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha agus dámhachtainí nua a eisiúint i gcomhar leis an bPlean Geilleagrach Náisiúnta.

An Plean Geilleagrach Náisiúnta – Beartas Fiontraíochta

Déanfaimid:

- An creatbheartas do Phoist Amach Anseo a thabhairt cothrom le dáta. Déantar iarracht le Poist Amach Anseo Éireann an geilleagar a chur i riocht níos fearr chun teacht aniar aduaidh orainn a sheasamh nuair a tharlaíonn sé. Léirítear le COVID-19 an gá le hathrú beartais a dhéanamh d'aon turas chun cur le poist ar ardchaighdeán, a chuirfidh an deis ar fáil do chaighdeáin mhaireachtála níos fearr agus do phoist inbhuanaithe, agus nach mbeidh chomh leochaileach ó thaobh caillteanas.
- Ár dtiomantas d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a athdhearbhú agus oibreoimid chun an infheistíocht eachtrach atá againn cheana féin a chosaint, le hinfheistíocht nua a mhealladh agus chun tuilleadh méid a chur ar ár n-acmhainneacht onnmhairithe. Déanfaimid forbairt ar acmhainneacht na hÉireann mar an láthair is fearr do shlabhraí soláthair ina bhfuil teacht aniar.
- Tascfhórsa Fáis SME a bhunú chun Plean Náisiúnta Fáis maidir le SME a dhearadh ina leagfar amach treoirphlean straitéiseach uaillmhianach fadtéarmach nuair a bheidh COVID-19 thart. Clúdófar sa phlean cur le agus saincheisteanna idirnáisiúnta, trádáil ar líne, scileanna bainistíochta agus éagsúlú. Cinnteoimid go dtacaíonn an córas cánach leis an earnáil SME i gcónaí.
- Leanúint ag tabhairt tacaíochta d'fhiontraithe agus d'infheisteoirí i gcomhlachtaí nua atá ag dul i mbun gnó lena mbaineann ardriosca trí chomhlachtaí ar nós Fiontraíocht Éireann agus an SBCI. Déanfaimid athbhreithniú ar na tacaíochtaí atá againn cheana féin i bhfianaise COVID-19 agus an ghéarchéim geilleagrach agus leagfaimid clár nua amach más gá. Leagfaimid spriocanna soiléire síos chun cur le ráta marthanais chomhlachtaí nua atá ag dul i mbun gnó le hardchumas fáis.
- Spreagfaimid gníomhaireachtaí, poiblí agus príobháideacha, chun díriú ar chumas na fiontraíochta a neartú in áiteanna ríthábhachtacha agus gríosóimid glacadh le hathruithe struchtúrtha a chiallóidh go mbeidh níos mó teacht aniar i bhfiontar san fhadtéarma.
- Leathnú a chur ar ról na nOifigí Fiontair Áitiúla (LEOanna), chun go rachaidh siad céim níos faide ó thaobh tacú le cruthú poist go háitiúil agus deis a thabhairt dóibh deontas a sholáthar go díreach do ghnólachtaí ina bhfuil níos mó ná 10 bhfostaí.
- Struchtúir a chur i bhfeidhm chun aistriú réidh a dhéanamh ó LEO go Fiontraíocht Éireann, ionas go mbeidh tacaíocht á fháil ag comhlachtaí uaillmhianacha ardfheidhmíochta, beag beann ar

mhéid, ó thaobh a lánacmhainneacht a bhaint amach.

- Sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas nuair atáthar ag déanamh iarratas ar thacaíocht LEO nó Fhiontraíocht Éireann, ionas go mbeidh treochlár dul chun cinn soiléir ag SMEanna.
- Moil agus líonraí áitiúla agus náisiúnta atá ann cheana féin a ghiaráil, a bhfuil forbairt déanta orthu le blianta beaga anuas, chun cuidiú le poist a chruthú go háitiúil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an timpeallacht cánach do SMEanna agus d'fhiontraithe, ag súil le feabhsúcháin a thabhairt isteach do scéimeanna difriúla, le go mbeidh Éire mar áit atá tarraingteach i gcónaí chun cothabháil a dhéanamh air agus gnó atá ann cheana féin a fhás nó chun tús a chur le nó méid a chur ar ghnólachtaí nua.
- Leanúint le tacaíocht a thabhairt do agus le hoiliúint a chur ar SMEanna dúchasacha na hÉireann, le go mbeidh ar a gcumas dul in iomaíocht do chonarthaí soláthair poiblí in Éirinn agus thar lear.
- Athbhreithniú ar Achtanna na gCuideachtaí, le súil le haghaidh a thabhairt ar an gcleachtas maidir le heintiteas trádála a scoilteann a gcuid oibríochtaí idir trádáil agus maoin, agus é mar thoradh air sin go dtéann an gnó trádála (lena n-áirítear poist) i ndócmhainneacht agus go dtógtar na sócmhainní as an ngnó bunaidh.
- Scrúdú ar an fhoráil dlí a bhaineann le haon díolachán leis an bpáirtí bainteach tar éis dócmhainneacht comhlachta, lena n-áirítear, cé leis is féidir agóid a dhéanamh agus na forais atá ceadaithe ó thaobh agóide.
- Cur le socruithe maidir le moil lenar féidir oibriú go cianda, agus atá solúbtha, chun cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach, rannpháirtíocht níos airde mná sa mhargadh saothair, laghdú ar chomaitéireacht agus cothromaíocht réigiúnach níos fearr.
- Tús a chur le comhairliúchán poiblí ar an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach le súil leis an straitéis a chríochnú agus a fhoilsiú laistigh de sé mhí.

An Plean Geilleagrach Náisiúnta – Ag Maoiniú Gnó

Déanfaimid:

- Chur chuige a fhorbairt trínar féidir leis na comhpháirtithe Stát in institiúidí agus i gcorparáidí móra tacú le SMEanna a theacht chucu féin agus fostaíocht a choinneáil agus a leathnú.
- Tacaíocht a thabhairt don ról atá caipiteal fiontair in ann a imirt ó thaobh treallús a chur faoi fhás sa gheilleagar dúchasach trí thírdhreach fadtéarmach atá cobhsaí a chinntiú.
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt pleananna inbhuanaithe chun bainistíocht a dhéanamh ar leibhéil a d'fhéadfadh a bheith níos airde d'fhiacha corparáideacha agus SME. Déanfar é sin i gcomhair le Banc Ceannais na hÉireann.
- Treallús a chur faoi athsheoladh luath iarrachtaí onnmhairithe faoi thionscnamh 'Éire – ar Oscailt le haghaidh Gnó' le tacaíocht ó chlár saincheaptha ó phríomhghníomhaireachtaí.
- Feabhas a chur ar shainordú Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI), ar mhaithe le maoiniú ar chostas íseal a fháil do SMEanna.
- Cumasú ar ghluaiseacht na gComhar Creidmheasa fás mar phríomhsholáthróir don bhaincéireacht pobail sa tír.

An Plean Geilleagrach Náisiúnta – Rialachán agus Costais

Déanfaimid:

- Fóram a bhunú ina mbeidh na rialtóirí earnála go léir ag tomhas a gcur chuige rialála in aghaidh dea-chleachtas. Beidh sé mar dhualgas ar an Fhóram ullmhacht na hÉireann i leith dúshláin atá ag teacht chun cinn a thástáil agus moltaí a chur faoi bhráid an rialtais agus thuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid na Dála.
- Athbhreithniú ar Acht na gCuideachtaí agus na hathruithe atá riachtanach a dhéanamh chun dlíthe glacadóireachta, scrúdaitheoireachta agus leachtaithe a shimpliú agus a fheabhsú mar fhreagra ar ghéarchéim COVID-19. Ní mór go n-áireoidh sé seo athbhreithniú ar thréimhsí cosanta do chomhlachtaí.
- Athbhreithniú cibé a gcosnaíonn na forálacha dlí thart ar iomarcaíocht agus ar leachtú comhlachtaí, cearta na n-oibrithe go héifeachtach.
- Clár athchóirithe a fhoilsiú agus tús a chur lena chur i bhfeidhm chun costais a bhaineann le rochtain chuig an gcóras dlí in Éirinn a laghdú.
- Athbhreithniú ar rialú glacadóirí chun a chinntiú, i ngach cás, go bhfuil siad cuntasach agus ag feidhmiú go trédhearcach ar shaincheisteanna

ar nós táillí, díolacháin sócmhainní, iompar foriomlán glacadóireachta agus go gcaitear go cothrom leis na páirtithe go léir atá rannpháirteach.

- Comhlachtaí rialála ar nós ComReg, Banc Ceannais na hÉireann agus an CCPC a éascú ó thaobh úsáid a bhaint as níos mó pionós ó thaobh rialacháin chun smachtbhannaí a ghearradh ar oibritheoirí bradacha mar atá coitianta i mBallstáit AE eile.

Beart Glas na hEorpa

Tacóimid le Beart Glas na hEorpa a dhéanann soláthar do threochlár don Eoraip chun leas a bhaint as na deiseanna a chuireann an t-aistriú chuig todhchaí atá íseal ó thaobh carbóin de i láthair.

Díreoimid aon mhaoiniú ábhartha faoi Bheart Glas na hEorpa i dtreo tionscadail dícharbónaithe, ar nós fuinneamh in-athnuaite, aisfheistiú, teacht aniar ó thaobh an éiceachórais agus athghiniúint, taighde agus caiteachas forbartha agus riachtanais athoiliúna chun aghaidh a thabhairt air dífhostaíocht mar gheall ar COVID-19 agus athruithe struchtúracha ón dícharbónú.

Beidh sé seo mar ghné thábhachtach do Phlean Geilleagrach Náisiúnta.

Airgeadas Poiblí agus Cánachas

Gheobhaidh ár gcur chuig i leith airgeadas poiblí treoir óna prionsabail seo a leanas:

- Fócas ar théarnamh faoi stiúir infheistíocht i dtreo geilleagar athnuaite agus athstruchtúrtha atá dírithe ar dhaoine.
- Éagothroime réigiúnach agus earnála sa gheilleagar a cheartú mar thosaíocht.
- Iasacht a fháil ar rátaí inacmhainne chun maoiniú a dhéanamh ar an easnamh. Agus an méid sin á dhéanamh, tabharfaimid tosaíocht d'infheistíocht i gcaiteachas caipitil. Creidimid go mbeidh sé seo indéanta, i dtús báire ar a laghad, ag tógáil beartas reatha an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus acmhainneacht creidmheasa na hÉireann san áireamh.
- Déanfaimid an infheistíocht seo a chur ar fáil trí Chiste Náisiúnta Téarnaimh a chruthú. Cuirfidh an Ciste seo treallús faoi athrú straitéiseach trí SMEanna, cuirfidh dlús le cruthú poist trí athstruchtúrú i dtreo timpeallacht atá íseal ó thaobh carbóin de agus cinnteoidh go bhfuilimid chun tosaigh sa chéad chéim eile de theicneolaíochtaí bunathraitheacha. Beidh fás cothrom a sheachadadh mar thosaíocht ríthábhachtach ó thaobh an Chiste seo
- Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an gCiste Téarnaimh Náisiúnta sa bhliain 2020 agus go gcuirfear in oiriúint é de réir méide de réir mar a thagann fás ar an ngeilleagar.
- De réir mar a fhilleann an geilleagar ar fhás agus go mbíonn fás fostaíochta tugtha ar ais, beidh an t-easnamh á laghdú bliain ar bhliain chun a bheith mar bhonn taca le hinbhuanaitheacht airgeadas poiblí.
- Lena linn seo, tabharfaimid tosaíocht do ghníomhaíochtaí beartais a thugann cosaint do na daoine is leochailí agus cuirfimid bearta nua i bhfeidhm do chinnteoireacht gheilleagrach a léiríonn leas agus caighdeán saoil na ndaoine atá ina gcónaí in Éirinn.
- Cuirfimid deireadh le hiasacht do chaiteachas reatha ar an gcéad dul síos le linn a bheith ag fáil iasachta go fóill do (a) caiteachas caipitil i réimsí ar nós tithíocht, bonneagar cúraim sláinte, iompar, oideachas agus gníomh ar son na haeráide agus (b) infheistíocht i scileanna agus athoiliúint. Cumasóidh sé seo an fhorbairt ar an gCiste Téarnaimh Náisiúnta.
- Ansin bogfaimid i dtreo buiséad atá cothromaithe tríd is tríd de réir mar a théimid i dtreo rátaí fostaíochta níos airde.

Cáin Ioncaim agus an Muirear Sóisialta Uilíoch (USC)

- Ní bheidh aon ardú á chur ar cháin ioncaim ná ar rátaí USC.
- I mBuiséad 2021, ní bheidh aon athrú ar chreidmheas ná ar bhandaí cánach. Ó Bhuiséad 2022 ar aghaidh, sa chás go mbíonn ioncam ag ardú arís de réir mar a thagann an geilleagar chuig féin, déanfar creidmheasanna agus bandaí a innéacsú le tuillimh. Déanfar é sin chun ardú sa mhuirear cánach a sheachaint, chun oibrithe ar ioncam níos ísle a chosc ó cháin a íoc mar gheall nach bhfuil aon athrú á dhéanamh ar an gcóras cánach agus chun a chinntiú nach bhfuil aon ardú ar líon na ndaoine a bhfuil orthu cáin ioncaim agus rátaí USC níos airde a íoc.
- Déanfar Creidmheas Cánach ar Ioncam Tuillte (Féinfhostaite) a thabhairt cothrom le creidmheas cánach an fhostaí.
- Tá an formhuirear de 3% USC atá á ghearradh ar ioncam féinfhostaithe míchothrom agus déanfar moltaí a bhreithniú chun é sin a fheabhsú le

himeacht ama de réir mar a cheadaíonn acmhainní.

- Tá Creidmheas Chánach an Chúramóra Baile mar mheicníocht éifeachtach chun tacú le lánúin sa chás go roghnaíonn tuismitheoir amháin fanacht sa bhaile seachas dul ag obair agus leas a bhaint as fóirdheontas cúram leanaí agus freisin sa chás go bhfanann tuismitheoir amháin sa bhaile chun freastal ar riachtanais cúraim eile. Ardófar é chun tacú le tuismitheoirí a fhanann sa bhaile de réir mar a dhéanaimid ardú a chur ar fhóirdheontais do chúram leanaí.

I mBuiséad 2021, agus soiléireacht níos fearr againn ar an tionchar geilleagrach a bheidh ag Géarchéim COVID-19 ag baile agus go hidirnáisiúnta, leagfaimid treochlár amach sa mheántéarma ina dtabharfar mionsonraí ar an mbealach a laghdófar an t-easnamh sa tír seo agus a bhfillimid ar bhuiséad comhardaithe tríd is tríd.

Bainfimid úsáid as bearta cánachais, chomh maith le bearta caiteachais, chun an t-easnamh a dhúnadh agus maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí, más gá. Agus é sin á dhéanamh againn, díreoimid aon arduithe cánach ar na cánacha sin a ghearrann cáin ar seachtrachtaí diúltacha, ar nós cáin charbóin, cáin ar shiúcra agus cáin ar phlaisteach.

Scrúdóimid, roimh Bhuiséad 2022, bearta maoinithe cuí chun tacú le cur i bhfeidhm Sláintecare.

Cáin Charbóin

- Is é atá mar chur chuige againn ardú a chur ar cháin charbóin go 100 euro in aghaidh an tonna faoin mbliain 2030, chuir torthaí staidéir an ESRI faisnéis ar fáil dó seo, atá le foilsiú faoi mhí Mheán Fómhair 2020 maidir leis an mbealach is fearr le tearcrochtain breosla a sheachaint. Bainfear an t-ardú seo amach trí ardú bliantúil de €7.50 in aghaidh na bliana go dtí an bhliain 2029 agus €6.50 in 2030.

- Rithimid reachtaíocht chun gealltanas a thabhairt an t-ioncam breise go léir ón gcáin charbóin a chur isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide agus meastar go mbaileoidh sé €9.5 billiún sna deich mbliana atá amach romhainn. Bainfear úsáid as an gCiste seo le linn na tréimhse sin chun:

    1. A chinntiú go mbíonn na harduithe sa cháin charbóin forásach trí €3 billiún a chaitheamh ar leas sóisialta spriocdhírithe agus ar thionscnaimh eile chun tearcrochtain breosla a sheachaint agus aistriú cóir a chinntiú.

    2. €5 billiún a chur ar fáil chun páirt-mhaoiniú a dhéanamh ar chlár aisfheisithe náisiúnta a théann ar aghaidh de réir a chéile agus a dhíríonn ar na tithe cónaithe go léir ach le fócas faoi leith ar an réigiún Lár Tíre agus ar thionóntachtaí sóisialta agus tionóntachtaí ar ioncam íseal.

    3. €1.5 billiún a leithdháileadh ar chlár REPS-2 chun feirmeoirí a spreagadh agus a mhealladh chun feirmeoireacht a dhéanamh ar bhealach níos glaise agus níos inbhuanaithe. Beidh an maoiniú sa bhreis ar an maoiniú ón gCombheartas Talmhaíochta. Áireofar dreasachtaí ann chun foraois dhúchasach a phlandáil agus chun feabhas a chur agus tacú leis an mbithéagsúlacht.

Cáin Chorparáide

Táimid tiomanta do ráta 12.5% do Cháin Chorparáide agus aithnímid gurbh ionann cánachas agus inniúlacht náisiúnta. Leanfaimid orainn lena bheith rannpháirteach ar bhealach dearfach maidir le hathchóiriú cánach idirnáisiúnta trí phróiseas an OECD.

Leanfaimid leis an Treochlár maidir le hAthchóiriú Cáin Chorparáide.

Aithnímid nach mór do bheartas cánachais geilleagar digiteach atá ag athrú a léiriú. Is fearr a dhéantar an obair sin tríd an OECD, i gcomparáid le bearta aontaobhach a d'fhéadfadh cur as do thrádáil. I gcomhthéacs Buiséad 2021, tabharfaimid ár réamh-mheastacháin don am atá romhainn maidir le hioncam ó Cháin Chorparáide cothrom le dáta.

An Beart Pá Poiblí

Déanfaimid iarracht idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le beart pá poiblí le ceardchumainn na seirbhíse poiblí. Beidh sé mar chur chuige againn i leith na hidirbheartaíochta sin treoir a fháil ó staid agus ó chúrsaí airgeadais an Stáit agus na dúshláin maidir le hearcaíocht agus le coinneáil foirne, agus na coinníollacha laistigh den mhargadh saothair níos leithne. Beidh treoir á fháil againn ón ról tábhachtach atá ag fostaithe na seirbhíse poiblí. Mar chuid d'aon chomhaontú pá, ní mór dúinn a chinntiú go mbíonn béim ar athruithe dearfacha ó thaobh cleachtais oibre a bheith neadaithe ann agus a tháinig chun cinn le linn Ghéarchéim COVID-19, chomh maith le feabhas ar tháirgiúlacht agus ar éifeachtúlacht, bunaithe ar thorthaí intomhaiste.

Tabharfaimid clásal margaíochta isteach sa chomhaontú nua chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le saincheisteanna earnála.

Cánacha na nGnóthas Bheag

Déanfaimid athbhreithniú ar Cháin Gnóthachan Caipitiúil i ngach aon Bhuiséad sna cúig bliana atá amach romhainn, go háirithe agus é mar chuspóir tacú le fiontair atá faoi threallús ag nuálaíocht a chuideoidh linn aistriú chun

geilleagar atá íseal ó thaobh carbóin.

Leanfaimid le glacadh níos mó a bheith ann maidir le Creidmheas Cánach Taighde agus Forbairt a spreagadh i measc comhlachtaí beaga dúchasacha. Cuirfimid leis na hathruithe le déanaí agus déanfaimid saincheisteanna a scrúdú maidir le nósanna imeachta réamhcheadaithe agus riachtanais laghdaithe maidir le coimeád taifead.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní (NAMA)

Oibreoimid le NAMA chun an toradh is fearr is féidir a fháil óna punann don cháiníocóir. Déanfar é sin tráth a leanfar ag an am céanna leis na pleananna atá ann cheana féin chun deireadh a chur leis an eagraíocht seo.

Earnáil Baincéireachta na hÉireann

Tacóimid le gníomhartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus Bhanc Ceannais na hÉireann chun a chinntiú go mbíonn cobhsaíocht ina earnáil na baincéireachta. Déanfaimid iomaíocht laistigh dár n-earnáil baincéireachta a spreagadh agus déanfaimid forbairt ar an earnáil Fintech (teicneolaíocht an airgeadais) mar fhoinse fostaíochta agus iomaíochta. Ní chreidimid go bhfuil cás fadtéarmach ann go bhfanfadh an Stát mar scairshealbhóir in earnáil baincéireachta na hÉireann. Mar sin féin, níor chóir dúinn ár gcuid sealúchas reatha a dhíol nó go dtiocfaidh an t-am ar dóigh go bhfaighimid cion suntasach d'infheistíocht an Stát ar ais, nó an infheistíocht sin go léir.

Déanfaimid:

- Réimeas Cuntasachta d'Fheidhmiúchán Sinsearach a thabhairt isteach chun cuntasacht níos fearr a sheachadadh sa chóras baincéireachta.
- Leanúint orainn ag obair leis an tionscal baincéireachta agus le hiasachtóirí neamhbhanc chun tacú le custaiméirí le linn agus tar éis ghéarchéim COVID-19.
- Tacaíocht a thabhairt do bhearta chun aistriú réidh beartas airgeadaíochta an ECB a chinntiú ar mhaithe le custaiméirí agus leis an fhíor-gheilleagar.
- *Straitéis um Sheirbhísí Airgeadais – Éire d'Airgeadas* a chur i bhfeidhm chun leanúint le hearnáil seirbhísí airgeadais atá iomaíoch agus ina bhfuil teacht aniar a chur ar fáil.
    - Tosaíocht a thabhairt do ghníomhartha straitéiseacha Airgeadas Glas a bhfuil forbairt á dhéanamh orthu ag teacht le spriocanna ceartais aeráide agus Spriocann um Fhorbairt Inbhuanaithe.
    - Iarracht reachtaíocht Comhpháirtíochta Infheistíochta a achtú san Oireachtas.

Comhar Creidmheasa agus Seirbhísí Airgeadais Pobalbhunaithe

Déanfaimid:

- Athbhreithniú ar an gcreatbeartas a bhfeidhmíonn na Comhar Creidmheasa laistigh de.
- Cumasú air agus tacú le gluaiseacht na gComhar Creidmheasa fás a bhaint amach.
- Tacaíocht a thabhairt do Chomhar Creidmheasa ó thaobh a chuid seirbhísí a leathnú chun forbairt pobail a spreagadh.

Morgáistí

Déanfaimid:

- Obair le Banc Ceannais na hÉireann agus le hearnáil baincéireachta na hÉireann chun cur le fáil a bheith ar mhorgáistí fadtéarmacha ráta seasta.
- Scrúdú sa bhliain 2020 ar an eispéireas idirnáisiúnta maidir le morgáistí le tacaíocht an stáit do cheannaitheoirí céaduaire, ar mhaithe le measúnú a dhéanamh cibé ar chóir iad a thabhairt isteach i gcomhthéacs na hÉireann chun tacú le húinéireacht tithíochta inacmhainne.
- Scrúdú ar mhorgáistí glasa agus ar tháirgí airgeadais chun cuidiú leis an uasghrádú agus le haisfheistiú tithe cónaithe atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh.
- Na hathchóirithe riachtanacha a thabhairt isteach maidir leis an reachtaíocht ó thaobh dócmhainneacht phearsanta agus a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí leordhóthanacha i bhfeidhm do dhaoine a bhfuil morgáiste acu agus a bhfuil deacracht acu le haisíocaíochtaí.
- Measúnú a dhéanamh ar an gCód Iompar maidir le Riaráistí Morgáiste, lena n-áirítear, sraith socruithe malartacha aisíocaíochtaí a bheith ar fáil agus a chinntiú go mbíonn éifeacht iomlán acu ó thaobh dlí.
- Scrúdú ar thabhairt isteach cód iompair maidir le haistriú morgáiste, a dhéanann an próiseas maidir le haistriú morgáiste níos éasca agus chun a bheith mar bhonn taca ag iomaíocht sa mhargadh.
- An Scéim Náisiúnta Morgáiste go Cíos a láidriú agus a chinntiú go bhfuil an bhfuil an scéim ag cabhrú leo sin a dteastaíonn cabhair uathu.

Gnóthachain Amhantair

Bainfimid úsáid as aon ghnóthachain amhantair, ar nós farasbarr na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní (NAMA), an réiteach deireadh ar leachtú Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc (IBRC), nó díolachán scaireanna an stáit sa bhanc chun ár gcuid riachtanas iasachta a laghdú.

An Próiseas Buiséadach

Cuirfimid feabhas ar bhuiséadú do chostais a bhaineann le déimeagrafaíocht. Tabharfar tosaíocht do réimsí sláinte agus do leas sóisialta ó thaobh buiséadú feabhsaithe. Éileofar ar gach aire pleananna maidir le feabhsúchán agus athchóirithe seirbhíse a chur ar fáil i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní mór róchaiteachas buiséid laistigh den bhliain buiséadach a chur san áireamh i bpleananna buiséadach roinne gach aon bhliain, ag teacht le hathruithe i mBuiséad 2020.

Ní mór go n-áireoidh pleananna buiséid agus caiteachais bearta chun treallús a chur faoi dhigitiú a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí agus oibriú laistigh dár seirbhís poiblí agus rochtain do chách chuig na seirbhísí sin a chothabháil.

Bainfimid úsáid as innéacsanna nua folláine agus as scórchárta ualaithe ó thaobh fhorbairt a dhéanamh ar bhuiséadú rialtais.

Soláthar

Táimid tiomanta meastóireacht a dhéanamh ar thionchair timpeallachta, geilleagrach agus sóisialta na straitéisí soláthair laistigh den Stát. Le linn saolré an Rialtais seo, déanfaimid forbairt air agus cuirfimid beartas soláthair inbhuanaithe i bhfeidhm: Déanfar a chinntiú leis an mbeartas go mbeidh:

- Luach láidir ar airgead a chinntiú don cháiníocóir.
- Iarracht a dhéanamh an tionchair timpeallachta a laghdú agus cur an méid is fearr is féidir le leas an phobail maidir leis na táirgí agus leis na seirbhísí atá á sholáthar.
- Tacú le nuálaíocht sna margaí soláthair chun cur le fáil agus éifeachtúlacht réitigh inbhuanaithe.
- Soláthróirí a spreagadh glacadh le cleachtais a dhéanann laghdú ar a dtionchar comhshaoil agus a théann chun leas an phobail.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le soláthróirí chun comhspriocanna a bhaint amach agus feabhas leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht le himeacht ama.

Cuirfimid mar dhualgas ar Oifig um Sholáthar Rialtais na creataí soláthair a thabhairt cothrom le dáta, ag teacht le cleachtas soláthair glas sna trí bliana atá amach romhainn.

Coimisiún um Leasa agus Cánachas

Bunóimid Coimisiún um Leasa agus Cánachas chun breithniú neamhspleách a dhéanamh ar an mbealach is fearr a bhféadfadh an córas cánach tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus ardú a chur ar fhostaíocht agus ar rathúnas, ag cinntiú ag an am céanna go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun freastal ar chostas seirbhísí agus tacaíochta pobail sa mheántéarma go fadtéarma.

Agus é sin á dhéanamh, ní mór don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar thionchar Ghéarchéim COVID-19, chomh maith le forbairtí fadtéarmacha ar nós daonra atá ag dul in aois, aistriú chuig geilleagar atá íseal ó thaobh carbóin de agus an t-ardú ar bhunathrú digiteach agus uathoibriú.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na bearta agus ar an gcaiteachas cánach atá ann cheana agus aird á thabhairt ar cleachtais chánach do gheilleagair oscailte den mhéid céanna san OECD.

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar phrionsabail an bheartais cánach atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Cáin Mhaoine Áitiúil

Tabharfaimid reachtaíocht chun cinn don Cháin Mhaoine Áitiúil ar bhonn cothroime agus lena chinntiú nach mbeidh aon ardú i ndán d'fhormhór úinéirí tithe cónaithe.

Tabharfaimid tithe nua isteach sa chóras cánachas, tithe atá díolmhaithe ó LPT i láthair na huaire.

Coinneofar laistigh den chontae an t-airgead go léir a bhailítear go háitiúil. Déanfar é sin ar an mbonn go ndéantar coigeartú ar na contaetha sin le bonn LPT níos ísle trí chiste cothromaithe náisiúnta bliantúil a íocfar ón Státchiste, mar atá an cás faoi láthair.

An Plean Forbartha Náisiúnta

Tabharfaimid athbhreithniú beartaithe ar an *bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP)* chun cinn ón mbliain 2022. Bainfimid úsáid as an athbhreithniú chun *NDP* atá tugtha cothrom le dáta a leagan amach don tréimhse go dtí an bhliain 2031.

Beidh athbhreithniú an *NDP* ag teacht le huaillmhian *Chlár an Rialtas*. Beidh an *NDP* atá tugtha cothrom le dáta ag teacht leis an *gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF)*.

Aithnítear san *NPF* an tábhacht thar na bearta a ghabhann le forbairt réigiúnach atá cothrom, cnuasaithe agus dlúth ó thaobh fáis, le nascacht fheabhsaithe chun seachadadh a dhéanamh ar rath eacnamaíochta agus ar inbhuanaitheacht timpeallachta.

Tá an *NPF* faoi shainordú uasdátú a dhéanamh sa bhliain 2024 agus ní mór freagairt do na dúshláin atá ag teacht chun cinn ar fud a spriocanna straitéiseacha agus é a bheith ag teacht le beartais náisiúnta.

Ní chuirfidh próiseas athbhreithnithe an *NPD* agus uasdátú an *NPF* as agus ní chuirfidh sé moill ar thionscadail atá ann cheana féin.

Eitlíocht agus Calafoirt

Calafoirt

Ag teacht leis an *mBeartas Náisiúnta Calafoirt*, oibreoimid leis na comhlachtaí calafoirt chun a chinntiú go bhfuil an acmhainneacht, an t-airgeadas agus tacaíochtaí beartais acu chun seachadadh a dhéanamh sna blianta atá romhainn.

Déanfaimid:

- Obair leis na calafoirt agus leis na haerfoirt chun slabhraí soláthair a chosaint do ghnólachtaí agus do rochtain do thurasóirí, mar go mbeidh an geilleagar á oscailt ar bhonn céimnithe.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an fhéidearthacht leathnú a chur ar acmhainneacht paisinéirí agus lastais i ngach calafort, ag tabhairt tacaíochta do naisc iarnróid agus idirmhalartaithe.
- Obair lena chinntiú go soláthraíonn comhlachtaí farantóireachta rochtain do phaisinéirí coise nach bhfuil aon charr acu.

Eitlíocht

Mar oileán, tá nascacht ríthábhachtach dár bhforbairt gheilleagrach. Aithnímid an luach ollmhór a ghabhann leis an earnáil eitlíochta ó thaobh tacú le forbairt gheilleagrach, le nascacht idirnáisiúnta agus le turasóireacht trína haerfoirt.

Déanfaimid:

- An clár caipitil a theastaíonn chun tacú le seirbhísí agus sábháilteacht sna haerfoirt stáit agus réigiúnacha a chinntiú a sheachadadh.
- Tacaíocht a thabhairt do ghníomh AE agus idirnáisiúnta chun astaíochtaí eitlíochta a laghdú, ag teacht le haidhmeanna Chomhaontú Pháras agus le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide.

An Breatimeacht

Leanfaimid orainn ag obair le Calafoirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir agus le hAerfort Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go bhfuil siad ullamh do chás ar bith a bhaineann leis an mBreatimeacht. Leanfaimid le béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le Droichead Talún na Ríochta Aontaithe le foireann idirbheartaíochta an AE agus beimid rannpháirteach lenár gcomhpháirtithe sa Fhrainc, san Ísiltír, sa Bheilg agus sa Ghearmáin lena chinntiú go bhfanann Droichead Talún na Ríochta Aontaithe mar bhealach inmharthana agus éifeachtúil chun an mhargaidh.

Turasóireacht

Tá an turasóireacht ar cheann de na hearnálacha geilleagracha is tábhachtaí sa tír agus aithníonn an Rialtas tábhacht na turasóireachta mar fhoinse fostaíochta áitiúil agus forbartha réigiúnach. Tá tionchar uafásach ag COVID-19 ar an turasóireacht agus leagfaidh an Rialtas amach, ar bhonn práinne, an bealach ina dtacóimid leis an earnáil tríd a bhfuil fanta de bhliain 2020. Tabharfaimid tosaíocht

d'fheachtas turasóireachta bailte chun saoire sa bhaile a thógáil, faoi réir ag comhairle sláinte poiblí.

Tá Tascfhórsa Téarnaimh Turasóireachta bunaithe againn cheana féin a chuimsíonn na príomhpháirtithe leasmhara. Táimid ag fanacht le moltaí ón tascfhórsa sin maidir leis an mbealach is fearr inar féidir earnáil na turasóireachta a chur in oiriúint agus inar féidir léi teacht chuici féin. Aithneoidh an tascfhórsa aidhmeanna tosaíochta, príomhchumasóiri agus deiseanna margaíochta don earnáil sna blianta 2021, 2022 agus ina dhiaidh sin agus cuirfidh leis an bPlean Geilleagrach Náisiúnta.

Cinnteoimid go bhfuil an turasóireacht i gcroílár an Plean Geilleagrach Náisiúnta. Tá an earnáil suite go huathúil chur cion láidir a chur lenár sprioc foriomlán, is é sin 200,000 post a chruthú faoin mbliain 2025 agus dífhostaíocht i bpobail ar fud na tíre a chasadh thart. Creidimid gur féidir leis an turasóireacht a theacht chuici féin go tapa mar a bhí amhlaidh le linn an chúlú eacnamaíochta deiridh. Déanfaimid iarracht aithris a dhéanamh ar an Tóstal sa bhliain 2013 trí Bhliain an Chuiridh a dhéanamh den Bhliain 2023.

Tá an chairdiúlacht san fháilte, áilleacht na tírdhreacha agus saibhreas ár gcultúr mar láidreachtaí seasmhacha a bheidh ar ár gcumas cur leo. Oibreoidh an Rialtas leis an earnáil chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo, cur chuige comhordaithe a ghlacadh i leith na hÉireann a chur chun cinn thar lear ar fud ár ngníomhaireachtaí agus ambasáidí agus rochtain chuig agus laistigh den tír a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe.

Déanfaimid:

- Obair lenár gcomhpháirtithe AE chun tacaíochtaí maoinithe nua atá sonrach don turasóireacht a thabhairt isteach do Bhallstáit agus an deis an tsolúbthacht is fearr is féidir ó thaobh rialacha a bhaineann le cúnamh stáit chun soláthar tacaíochta tráthúla agus cuí a chumasú.
- Bhliain an Chuiridh den Bhliain 2023 – cuireadh domhanda cuairt a thabhairt ar Éirinn ar chomóradh 10-mbliana an Tóstail.
- Cothabháil ar infheistíocht i dTurasóireacht Éireann agus i Fáilte Éireann chun feabhas a chur ar an méid atá á thairiscint againn mar cheann scríbe ar an gcaighdeán is airde agus luach ar airgead.
- Éire a fhorbairt agus a chur chun cinn mar cheann scríbe fadchuairte turasóireachta chun scaipeadh níos cothroime a dhéanamh ar an turasóireacht ar fud na tíre. Cuideoidh sé seo le hastaíochtaí a laghdú agus le cur an méid is fearr is féidir le teacht isteach eacnamaíoch.
- Doiciméad ar Bheartas Turasóireachta Inbhuanaithe a fhorbairt, agus Plean Gníomhaíochta Eatramhach roimhe sin.

Tá sé léirithe ag Slí an Atlantaigh Fhiáin an fhéidearthacht atá ann ó thaobh margaíocht a dhéanamh ar an tír seo mar cheann scríbe atá glan agus glas. Cuirfimid leis seo agus déanfaimid íomhá na hÉireann mar cheann scríbe saoire ghníomhaíochta lasmuigh a fhorbairt agus a neartú do na margaí baile agus idirnáisiúnta.

Déanfaimid:

- Straitéis Náisiúnta Caitheamh Aimsire Lasmuigh a fhorbairt.
- Tuilleadh forbartha ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, ar Chroíthailte Folaithe na hÉireann, agus ar Shean-Neasoirthear na hÉireann chun tuilleadh buntáistí geilleagracha a thabhairt chomh fada le pobail thuaithe.
- Próiseas comhairliúcháin a thosú le pobail feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin iomlán le súil le bealach leanúnach siúlóide a chruthú ó Chionn Mhálanna go Cionn tSáile.
- Próiseas comhairliúcháin a thosú le pobail feadh imeallbhord Loch Cairlinn go Cóbh le súil le cosán nua turasóireachta a chruthú, Bealach Muir Éireann, feadh chósta an oirthir agus an oirdheiscirt.
- Obair le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann chun cosán cósta turasóireachta a chruthú, ag nascadh Slí an Atlantaigh Fhiáin, Bealach Cósta an Causeway, agus an ceantar feadh chósta an oirthir agus an deiscirt.
- Obair le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí cuí chun leanúint le forbairt a dhéanamh ar líonra glasbhealaí náisiúnta comhtháite a bheidh ar chumas chomaitéirí, mic léinn, rothaithe caitheamh aimsire agus turasóirí iad a úsáid.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscadail glasbhealaigh tras-teorann, ar nós Glasbhealach Shligigh-Inis Ceithlinn agus leanúint le maoiniú a dhéanamh ar thionscadail fadtéarmacha ar fud na tíre, ar nós Glasbhealach na Gaillimhe go Baile Átha Cliath, Bealach Cósta Fhine Gall, agus Glasbhealach Phort Láirge a shíneadh isteach sa chathair.
- Infheistíocht a dhéanamh i ngormbhealaí agus i gcosáin caitheamh aimsire agus iad a chur chun

cinn ar mhaithe le leas na bpobal áitiúil agus na dturasóirí araon.

- Obair le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann chun seachadadh a dhéanamh ar thionscadal suaitheanta tras-teorann Chanáil Ulaidh, ar mhaithe le córas uisce intíre uile oileánda a athbhunú mar príomhní is díol suntais ó thaobh na turasóireachta.
- Leathnú a chur ar Scéim na Siúlóidí chun sprioc de 80 cosán a bhaint amach.
- Leanúint le forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar an earnáil mhuirí trí chur le comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin chun cur an méid is fearr is féidir lenár n-acmhainní chun leas na turasóireachta agus d'fhorbairt geilleagraigh níos leithne.
- Seafest, Féile Náisiúnta na Mara a chur chun cinn, imeacht suntasach mara agus turasóireachta ar an bhféilire bliantúil.
- Tacaíocht a thabhairt do Fáilte Éireann chun cosáin bia a fhorbairt chun cur lenár gclú do tháirge atá ar ardchaighdeán.
- Obair leis an earnáil turasóireachta ghníomhaíochta chun idirghabhálacha a d'fhéadfadh an Stát a dhéanamh a aithint chun tacú leis an earnáil a leathnú, lena n-áirítear, an fhéidearthacht maidir le grúpscéim árachais a fhiosrú.
- Tosaíocht a thabhairt d'obair Údarás na Gaeltachta chun láidriú a dhéanamh ar aitheantas agus ar bhrandáil na gceantar Ghaeltachta agus le Straitéis Turasóireachta a fhorbairt do na ceantair Ghaeltachta.
- Earnáil agrathurasóireacht a fhorbairt agus tacú léi.

Rochtain

Mar oileán, táimid ag brath ar nascacht san earnáil turasóireachta.

Aithnímid an luach ollmhór a ghabhann leis na hearnálacha muirí agus eitlíochta ó thaobh tacú le forbairt gheilleagrach, le nascacht idirnáisiúnta agus leis an turasóireacht trínár gcalafoirt agus aerfoirt. Déanfaimid:

- Cláir caipitil a sheachadadh chun tacú le seirbhísí agus chun sábháilteacht ag aerfoirt stáit agus réigiúnacha a chinntiú.
- Maoiniú ar Chiste Comh-Mhargaíochta Réigiúnach Thurasóireacht Éireann, atá ag iarraidh rochtain nua agus chur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht na seirbhísí aeir agus farraige atá ann cheana féin do na ceantair sin atá taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.
- Fiosrú ar chosáin náisiúnta turasóireachta a fhorbairt a nascann na calafoirt farantóireachta agus an líonra iarnróid.
- Obair leis na comhlachtaí calafoirt agus farantóireachta chun cur le líon na bpaisinéirí coise agus paisinéirí ar rothar.

Athchóiriú Árachais

Is saincheist thar a bheith suntasach atá i gceist le costais árachais do ghnólachtaí, do thiománaithe, do theaghlaigh agus do ghrúpaí spóirt, pobail agus deonacha. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfeidhmíonn árachas mar eangach shábhála a chuireann ar chumas an gheilleagair agus na sochaí feidhmiú go hiomlán. Beidh sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le híoc amach éilimh mhóra ó thaobh cur le córas atá inacmhainne agus iontaofa agus atá mar bhonn taca le geilleagar bríomhar.

Leanfaidh an Rialtas le tosaíocht a thabhairt d'athchóiriú earnáil an árachais le béim faoi leith ar árachas gluaisteáin, ar dhliteanas poiblí agus ar dhliteanas fostóra. Tabharfaidh an Coiste Comh-Aireachta maidir le Téarnamh agus Infheistíocht tosaíocht don tsaincheist a bhaineann le hathchóiriú árachais.

Déanfaimid:

- Obair le custaiméirí a chosaint le linn agus tar éis ghéarchéim COVID-19, le béim faoi leith ar árachas maidir leis an gcur isteach ar ghnó, árachas taistil agus aisíocaíochtaí le custaiméirí árachais gluaisteáin.
- Tacaíocht a thabhairt do threo an Bhainc Ceannais maidir le cúiteamh a thabhairt do chomhlachtaí ar chlúdach ó thaobh cur isteach ó ghalair tógálacha.
- Dul i ngleic le costais árachais trí:
  - Aitheantas a thabhairt d'obair an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, faoin gComhairle Bhreithiúnach, chun treoir a sholáthar maidir le héilimh ar dhíobhálacha pearsanta.
  - Feabhas agus athchóiriú a dhéanamh ar ról an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta.
  - Rialú ar chomhlachtaí bainistíochta éilimh agus ar bhuainteoirí éilimh.

- Breithniú ar athruithe ar an Acht um Dhliteanas Áititheoirí agus ar an Acht um Dhliteanais Sibhialta (dualgas cúraim) chun tarscaoileadh agus fógraí a láidriú chun cur le cosaint do thomhaltóirí, do ghnólachtaí, do chlubanna spóirt agus do ghrúpaí pobail.
- Na Rialacháin um Dhlíodóirí (Fógraíocht) 2002 a láidriú.
- Breithniú ar an ngá le leasú bunreachtúil chun a chur ar chumas an Oireachtais treoirlíne a leagan síos maidir le leibhéil na gcostas árachais a íoctar amach.

• A bheith níos géire i dtaobh calaois árachais trí:

- Iarracht a dhéanamh cur le comhordú agus comhoibriú idir an Garda Síochána agus an tionscal árachais. Déanfaimid iarracht leathnú a chur ar Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch a dhéileálann le calaois. Faoina struchtúir nua, cuirfear oiliúint agus tacaíocht ar fáil do na Gardaí i ngach rannán, chun a chinntiú go scaiptear saineolas agus scileanna ar fud na tíre.
- Athbhreithniú agus ardú a dhéanamh ar phionóis do chalaois árachais.
- Cuirfear mionn éithigh ar sheasamh reachtúil, a chiallóidh go mbeidh sé níos éasca cion a ionchúiseamh. Déanfaimid scóip an Bille um Mhionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara a leathnú, a chinnteoidh gur chóir an t-uasphionós as díotáil a chomhoiriúnú leis an uasphionós comhionann do chionta móra den chineál céanna san Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004.
- A chinntiú go gcuirtear éilimh bhréige ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP).
- Sonraí maidir le calaois árachais a fhoilsiú.
- An bhféadfaí iallach a chur ar éilitheoirí calaoiseacha costais dlí a íoc leis na cosantóirí a fhiosrú.

• Cur le trédhearcacht, dul i ngleic le hiompar frithiomaíoch agus iomaíocht a chothú trí:

- Chumhachtaí forfheidhmithe a thabhairt don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) chun pionós a ghearradh maidir le hiompar frithiomaíoch agus stop a chur leis an iompar sin.
- Éileamh a dhéanamh ar an tionscal agus ar pháirtithe leasmhara measúnú a thabhairt maidir leis an tionchar a bhfuiltear ag súil leis ar leibhéil phréimhe an phríomhathchóirithe atá á thabhairt isteach go hiomlán.
- Leathnú a chur, ar bhonn práinne, ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta d'Faisnéis faoi Éilimh do dhliteanas fostóra agus do dhliteanas poiblí chun leibhéal na n-éileamh a rianú.

- Bhanc sonraí a bhunú d'iontrálaithe nua laistigh den Bhanc Ceannais.
- Thosaíocht a thabhairt do bhunú margadh árachais aonair ar fud na hEorpa.
- Oibriú chun fáil réidh le déphraghsáil as an margadh.

- Oifig a bhunú laistigh den Rialtas leis an dualgas iomaíochas níos fearr a spreagadh i margadh árachais na hÉireann.

An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach

Déanfaimid Straitéis Náisiúnta Dhigiteach nua a fhorbairt, a bhainfidh:

- Úsáid as leibhéal níos mó nascacht náisiúnta atá á sheachadadh ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, go háirithe i gceantair thuaithe na hÉireann.
- Treallús a chur faoi bhunathrú digiteach sa tseirbhís phoiblí, le comhtháthú níos fearr ar sheirbhísí digiteacha.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar cheannaireacht na hÉireann sna teicneolaíochtaí digiteacha nua, lena n-áirítear, néalríomhaireacht, anailísíocht sonraí, blocshlabhra, Idirlíon na nEarraí agus Intleacht Shaorga.
- Treoir a thabhairt d'Oifig um Sholáthar an Rialtais (OGP) chun tacú le glacadh teicneolaíochtaí nua trí chreat seirbhísí poiblí nua a fhorbairt.
- Fiosrú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfadh an tír seo a bheith chun tosaigh ó thaobh cearta na saoránach a chosaint maidir le teicneolaíocht aghaidh-aithint, rochtain chuig uirlisí criptithe agus neodracht idirlín.

Cuirfimid tús leis an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, le súil leis an straitéis a chríochnú agus a fhoilsiú laistigh de shé mhí.

Comhaontú Glas Nua

- **Astaíochtaí**
- **Rialachas maidir leis an Aeráid**
- **Fuinneamh**

- **Iarfheistiú**
  - **Aistriú Cóir**
  - **Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht**
  - **Uisce**

Misean: Comhaontú Glas Nua

Is ríthábhachtach iad an chéad deich mbliana eile amach romhainn má táimid chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta a bhagraíonn ar ár dtodhchaí shábháilte ar an bpláinéad seo. Tá d'uaillmhian leagtha amach againn ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú faoi níos mó ná leath sna deich bliana seo chugainn. Beidh sé dúshlánach agus éileofar athruithe bunúsacha in go leor réimsí den saol in Éirinn chun é sin a bhaint amach, ach creidimid go bhfuilimid in ann tabhairt faoin dúshlán. Ach sin a dhéanamh, beimid in ann sláinte, leas agus slándáil an daonra ar fad a fheabhsú.

Aithnímid go bhfuil dualgas morálta orainn ceartas sóisialta a chur i gcroílár ár dtiomantas maidir le dícharbónú. Cinnteoimid go bhféadfaidh daoine i ngach cuid den tír leas a bhaint as na deiseanna nua a chuirfear ar fáil leis an Aistriú Cóir. Ach tabhairt faoin tiomantas sin, feabhsófar ár gcáilíocht saoil agus soláthrófar todhchaí níos fearr dár leanaí.

Astaíochtaí

Táimid tiomanta meánlaghdú 7% in aghaidh na bliana a chur ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána ó 2021 go 2030 (laghdú 51% thar na deich mbliana) agus astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050. Cuirfear an sprioc don bhliain 2050 sa dlí sa Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide, a thabharfar isteach sa Dáil laistigh den chéad 100 lá den Rialtas, in éineacht le Comhairle nuabhunaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tabharfar sainmhíniú sa Bhille faoin tslí a leagfar amach buiséid charbóin chúig bliana. Rannchuideoidh gach earnáil leis an sprioc sin a bhaint amach trí athruithe beartais a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa Chlár Rialtais seo. Aithneofar go hiomlán sna pleananna chun na spriocanna sin a bhaint amach an ról speisialta eacnamaíochta agus sóisialta atá ag an talmhaíocht agus na saintréithe a bhaineann le meatán bithghineach, mar a ndéantar tuairisc orthu sa Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide. Leanfaimid de bheith ag obair chun comhdhearcadh ginearálta polaitiúil agus sochaíoch a bhaint amach maidir le hAistriú Cóir go dtí todhchaí inbhuanaithe do gach pobal.

De bharr an scála agus an doimhneacht níos mó atá i gceist leis an uaillmhian seo, beidh straitéisí nua de dhíth chun conair chuig laghdú a choinneáil ag imeacht, agus chun cur léi in imeacht ama chun meánlaghdú 7% in aghaidh na bliana ar astaíochtaí a bhaint amach go dtí 2030. Agus an buiséad tosaigh carbóin á leagan amach againn, cuirfimid bearta san áireamh lena dtionscnófar athrú suntasach, ag teacht leis an uaillmhian seo. Beidh fíorchomhairliúchán de dhíth chun na straitéisí lena soláthrófar na laghduithe sin ar astaíochtaí a chur le chéile, chomh maith le pleanáil mhionsonraithe, eagrú agus meicníochtaí leordhóthanacha um maoiniú agus dhreasachtaí. Beidh gá freisin, an tionchar a bheidh acu a mhéadú de réir a chéile. Ní fheicfear laghduithe mar thoradh ar go leor de na hathruithe ar cuireadh tús leo sa chéad tréimhse buiséid charbóin go dtí an dara tréimhse buiséid charbóin. Sa chéim tosaigh seo, cinnteoimid freisin gur téarnamh glas a bheidh sa téarnamh eacnamaíoch. Tarraingeoimid go díreach ar an bPlean Náisiúnta Eacnamaíochta agus ar mhaoiniú gaolmhar chun infheistíocht

atá ailínithe go díreach lenár n-uaillmhianacha aeráide a thús-ualú.

Agus an dara buiséad carbóin a leagan amach le haghaidh 2026-2030, ní bheimid i riocht fós chun na beartais ná na teicneolaíochtaí ar fad a bheadh ag teacht chun cinn, na an comhdhearcadh eolaíoch a bheadh ag athrú, a shainaithint chun ár n-uaillmhian iomlán a bhaint amach. Teastóidh leithdháileadh breise laistigh den bhuiséad carbóin foriomlán ina leith sin, faoi réir ag dian-mheastóireacht. Léireofar an cur chuige sin, atá comhchosúil le samhail na Danmhairge, sa Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide (Leasú) agus i leaganacha eile den *Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide* amach anseo.

Sa dara tréimhse buiséid charbóin, soláthrófar gníomhú láidir ar son na haeráide ón mbunús a chruthófar sa chéad chéim, rud a ligfidh go mbeifear in ann gnóthachain níos suntasaí a bhaint amach, d'fhonn an meánmhéid ceangailteach de laghdú 7% in aghaidh na bliana amach go 2030. Leis sin, leagfar bealach amach don tríú buiséad carbóin chun laghduithe a spreagadh ó 2030 i leith, chun dícharbónú iomlán agus glancheapadh carbóin a bhaint amach faoi 2050.

Agus an tsochaí á cur ar chonair chuig astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050, is ríthábhachtach go gcaithfear go leor ama agus iarracht ar bheith ag obair le pobail agus le hearnálacha chun an chonair a leagan amach agus a sholáthar, chun an sprioc a bhaint amach ar bhealach cóir. Ciallóidh sin deiseanna nua a chruthú do na hearnálacha is mó atá neamhchosanta ag an aistriú agus tacú leis na daoine sa phobal is lú atá in ann na athruithe sin a dhéanamh. An croíphrionsabal d'aistriú cóir a bheidh mar bhonn taca don chlaochlú seo ó thaobh uaillmhéine de agus dár sprioc a leathnú go dtí meánlaghdú 7% in aghaidh na bliana. Táimid tiomanta a chinntiú nach bhfágfar cuid ar bith den tsochaí nó pobal ar bith ar lár agus sinn ag gluaiseacht i dtreo thodhchaí ísealcharbóin.

D'fhonn an uaillmhian mhéadaithe agus neartaithe sin ó thaobh na haeráide de a bhaint amach, forbrófar athruithe ar bheartais a mbeidh tionchar forleathan acu ar gach earnáil, lena n-áirítear go sonrach:

- Samhail Náisiúnta Chomhiomlánaithe d'Iarfheistiú a chur i gcrích, a shroichfidh os cionn 500,000 áit chónaithe faoi 2030, mar chuid de Bhorradh Athchóirithe an AE.
- Foghlaim ó thionscadail phíolótacha um théamh ceantair, chun clár méadaithe a sheoladh.
- Leictriú an chórais iompair a luathú, lena n-áirítear rothair leictreacha, feithiclí leictreacha agus iompar poiblí leictreach, chomh maith le cosc ar chlárú nua carranna peitril agus díosail ón mbliain 2030 i leith.
- Straitéis a fhorbairt don chianobair agus don chianseachadadh seirbhísí, agus an deis a thapú chun an *Plean Náisiúnta Leathanbhanda* a rolladh amach go tapa.
- Aistriú córa iompair gan fasach a chinntiú i ngach réimse trí infheistíocht a atreorú chuig siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.
- Plean Soghluaiseachta Tuaithe Inbhuanaithe nua a fhorbairt.
- Clár taighde agus forbartha claochlaitheach a thabhairt isteach, lena chinntiú go mbeidh Éire ina ceannródaí maidir le nuálaíocht eolaíoch agus teicneolaíoch chun ár spriocanna ó thaobh an athrú aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear: sa bhithgheilleagar, i gceapadh carbóin muirí, i hidrigin ghlas, i dteicneolaíocht tonnta, i dtuirbíní gaoithe ar snámh amach ón gcósta a fhorbairt chun leas a bhaint as líne cósta an Atlantaigh, agus, sa talmhaíocht, chun cláir phórúcháin a fheabhsú, breiseáin bheathaithe chun meatán bithghineach a laghdú, agrafhoraoiseacht, riascshaothrú agus bainistiú cothaitheach. Cuirfimid 'Glaonna Dúshláin' i gníomh chun smaointe nua suaiteacha a shainaithint agus a mhaoiniú, chun cabhrú ár spriocanna a bhaint amach sa tsochaí níos leithne.
- Feachtas mór a fhorbairt chun poitéinseal ollmhór foinsí in-athnuaite amach ó chósta na hÉireann a réadú.
- Clár córasach iniúchtaí earnála a cheapadh le haghaidh na n-earnálacha tráchtála agus tionsclaíocha le bheith mar bhonn taca, ceantar i ndiaidh ceantair, do straitéisí chun na spriocanna náisiúnta nua a bhaint amach. Déanfar iad sin a fhorbairt i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha sna hearnálacha sin chun spriocanna a chomhlíonadh ag teacht lenár gcuspóirí náisiúnta um an aeráid (agus poitéinseal faoi leith i mbia, stroighin agus cuisniú).
- Micrighiniúint a leathnú agus a dhreasú, lena n-áirítear grianfhuinneamh dín.
- Straitéis nua a fhorbairt chun foraoiseacht a leathnú, go háirithe Foraoiseacht Gar don Dúlra agus agrafhoraoiseacht.
- Claochlú a chur ar scála na feirmeoireachta orgánaí, agus praghas cóir d'fheirmeoirí mar chroílár.

- Tógáil ar éifeachtúlacht choibhneasta tháirgeadh bia na hÉireann, ó thaobh an charbóin de, agus a chinntiú go soláthrófar na bearta arna sainaithint ag Teagasc a mhéid agus is féidir.
- Laghdú incriminteach agus uaillmhianach ar an úsáid a bhaintear as leasachán nítrigine neamhorgánaigh amach go dtí 2030 a bhaint amach.
- Mearmheastóireacht a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag bith-fhuinneamh inbhuanaithe
- Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm.

Déanfaimid meastóireacht freisin ar phleananna chun poitéinseal ár dtimpeallachta muirí i ndáil le linn dé-ocsaíd charbóin a réadú, bunaithe ar Limistéir Chosanta Muirí a thabhairt isteach agus cuirfimid na pleananna sin i bhfeidhm.

Tá poitéinseal suntasach ag úsáid talún chun breis carbóin a cheapadh agus chun foinse nua ioncaim ó fheirmeacha teaghlaigh, agus buntáiste eacnamaíocha tuaithe, a sholáthar. Ní thugtar aghaidh ar bhaint amach fheabhsúcháin dá leithéid i mbeartas reatha an AE. Féachfaimid le húsáid talún a dhreasú sa Chomhaontú Glas don Eoraip nua agus i mbeartas níos leithne an AE. Déanfaimid meastóireacht, roimh dheireadh 2020, ar cibé ar cheart d'Éirinn bogach a chur san áireamh ina fardal úsáide talún, a bhfógraítear faoi rialacháin AE. Taobh istigh de 24 mhí, déanfaimid meastóireacht ar an bpoitéinseal maidir le rannchuidiú ó fheabhsúcháin úsáide talún lenár n-uaillmhian um an aeráid agus cuirfimid tús le plean úsáide talún a fhorbairt, bunaithe ar na torthaí.

Cuirfidh gach Aire gníomhú ar son na haeráide ag croílár straitéisí nua a Roinne, straitéisí nach mór a fhoilsiú laistigh de shé mhí ó théann an Rialtas i mbun oifige. Stiúrfaidh gach Aire na gníomhaireachtaí agus na hoifigí uile faoina Roinn chun sainchúram aeráide a ghlacadh, sainchúram faoina bhféachfaidh na comhlachtaí sin tacú le gníomhú ar son na haeráide ina n-oibríochtaí féin agus i measc a gcliant agus a soláthraithe.

Rialachas maidir leis an Aeráid

Is é an t-athrú aeráide an bhagairt is mó atá roimh an gcine daonna. Tabharfaidh an Rialtas freagra cuimsitheach agus samhlaíoch ar an dúshlán seo trí gach pobal a thabhairt linn ar bhealach a chinnteoidh go mbainfimid amach mear-laghdú ar an tionchar atá againn ar an aeráid agus an tionchar sin a aisiompú. Is chun leasa gach duine againn é sin, agus é mar aidhm againn sláinte phoiblí agus cáilíocht saoil a chosaint agus a fheabhsú. Oibreoimid le gach cuid den tsochaí chun é sin a bhaint amach ar bhealach cóir, agus a cuid féin á déanamh ag gach earnáil, agus cinnteoimid athléimneacht ár ngeilleagair, cothroime ár sochaí agus caighdeán ár dtimpeallachta.

Tabharfaimid isteach an Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide (Leasú) 2020 sa Dáil laistigh de 100 lá. Déanfaidh an Bille:

- Sprioc a leagan amach chun an geilleagar a dhícharbónú faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí.
- Ceanglas dlíthiúil a dhéanamh de ghlacadh le buiséid charbóin chúig bliana, agus astaíochtaí uasta a leagan amach de réir na hearnála.
- An Chomhairle um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhunú ar bhonn reachtúil neamhspleách agus cothromaíocht inscne níos mó a chinntiú, chomh maith le saineolas eolaíochta na gcomhaltaí.
- Cosc a chur ar charranna peitril agus díosail nua a dhíol agus ar charranna peitril agus díosail dara láimhe a allmhairiú ón mbliain 2030 i leith.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- An *Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide* a nuashonrú gach bliain agus an dul chun cinn ina leith a thuairisciú gach ráithe.
- Samhail reatha an Bhoird Soláthair um Ghníomhú ar son na hAeráide a choimeád.
- A mholadh gur cheart don Oireachtas buan-Chomhchoiste Oireachtais um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhunú, a mbeadh cumhachtaí aige cosúil leis na cumhachtaí atá ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí.
- A chinntiú go mbeidh an acmhainneacht agus an saineolas ag an Roinn um Ghníomhú ar son na hAeráide chun an t-aistriú i ndáil le héifeachtúlachta fuinneamh agus fuinneamh in-athnuaite a bhainistiú agus chun a feidhm mhéadaithe maidir le buiséid charbóin a chur i gcrích.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar oibríochtaí na ngníomhaireachtaí Stát a bheidh freagrach as spriocanna méadaithe faoin bplean seo a sholáthar.
- Oibriú leis an gCoimisiún Eorpach chun Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECP) níos láidre le haghaidh 2030 a bhrú chun cinn, i gcomhréir le huaillmhian an chláir seo.

- Freagra a thabhairt ar athbhreithniú an OECD ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus a chinntiú go mbeidh ár gcreat reachtúil maidir le ceadúnú truaillithe oiriúnach don fheidhm.

Is eol dúinn gur scrúdú teoranta é scrúdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhonn táirgthe agus sin amháin. Déanfaimid athbhreithniú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhonn ídithe, agus an sprioc leis sin a chinntiú go mbeidh gníomhú na hÉireann agus an AE chun astaíochtaí a laghdú ag tacú le laghduithe astaíochtaí ar fud an domhain, agus inár bhfearainn féin.

Oiriúnú don Athrú Aeráide

Leanfaimid de bhearta oiriúnaithe don athrú aeráide a dhéanamh lena chinntiú go gcabhróidh an Stát le daoine a chosaint ar éifeachtaí an athraithe aeráide in Éirinn atá tarlaithe cheana féin, agus glacfaimid céimeanna chun teorainn a chur le damáiste ar bith arna dhéanamh. Leis na bearta sin, leanfar de thógáil ar an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (NAF). Cinnteoimid go n-aithneofar i ngach Plean Oiriúnaithe Earnála na príomhrioscaí i ngach earnáil agus an cur chuige atá á thógáil chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus athléimneacht aeráide a thógáil don todhchaí. Coimeádfaimid clár infheistíochta ilbhliantúil um bearta faoisimh tuilte ar bun chun pobail a chosaint.

Fuinneamh

Beidh ról lárnach ag fuinneamh chun geilleagar láidir agus inbhuanaithe a chruthú sna deich mbliana amach romhainn. Is riachtanach é soláthar iontaofa d'fhuinneamh sábháilte, slán agus glan a bheith againn d'fhonn breoslaí iontaise a chéimniú amach. Is gá dúinn leictriú méadaithe teasa agus iompair a éascú. Leis sin, cruthófar fás mear ar an éileamh ar leictreachas, rud nach mór a phleanáil agus a sholáthar ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais de.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Cuirfimid Plean Náisiúnta Gníomhaíochta nua um Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhfeidhm chun úsáid fuinnimh a laghdú, lena n-áirítear na gnéithe iompraíochta agus feasachta den éifeachtúlacht fuinnimh, amhail tógáil agus bainistiú sonraí.

Réabhlóid i bhFoinsí In-athnuaite

Táimid ar fad tiomanta do mhear-dhícharbónú na hearnála fuinnimh. Bainfimid úsáid as an tiomantas sin mar dheis chun poist nua, ardcháilíochta a chruthú ar fud na tíre.

Déanfaimid an gníomh is gá leis chun ar a laghad 70% leictreachais in-athnuaite a sholáthar faoi 2030. Chun é sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Tionólfar an chéad cheant faoin Scéim Soláthair Leictreachais In-athnuaite (RESS) faoi dheireadh 2020, agus tionólfar ceantanna gach bliain ina dhiaidh sin, lena n-áireofar an chéad cheant RESS le haghaidh gaoth amach ón gcósta in 2021.
- Tabharfar tosaíocht tras-rialtais don Bhille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara a dhréachtú, le go bhfoilseofar é chomh luath agus is féidir agus go n-achtófar é taobh istigh de naoi mí.
- Plean uile-rialtais a cheapadh, ina leagfar amach an tslí a soláthróimid ar a laghad 70% leictreachais in-athnuaite faoi 2030 agus an tslí a bhforbróimid an bonn scileanna riachtanach, chomh maith leis na slabhraí soláthair, an reachtaíocht agus an bonneagar chun é a chumasú. Déanfar moltaí sa phlean nua seo maidir leis an tslí a bhféadfar úsáid an leictreachais in-athnuaite a luathú, mar shampla naisc eangaí a sholáthar agus a cheadú.
- An tIdirnascaire Ceilteach a thabhairt chun críche chun eangach leictreachais na hÉireann a nascadh leis an bhFrainc.
- Tús a chur le pleanáil chun idirnascadh a dhéanamh lenár gcomharsana amach anseo.
- Treoirlínte um Fhuinneamh Gaoithe a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú, ag féachaint don chomhairliúchán poiblí atá díreach déanta.
- Straitéis um Ghrianfhuinneamh a fhorbairt le haghaidh dín agus talún, bunaithe ar fhótavoltach, lena chinntiú gur ghrianfhuinneamh a fhreastalóidh ar sciar níos mó dár riachtanais leictreachais.
- Leanúint de chlár Eirgrid 'Córas Leictreachais Slán agus Inbhuanaithe a Sholáthar' (DS3).
- A chinntiú go dtosófar ag baint úsáid as an bpoitéinseal a bhaineann le méadair chliste, ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh de, sa bhliain 2021 agus go ndéanfar gach méadar leictreachais meicniúil a athsholáthar faoin mbliain 2024.
- An creat beartais a láidriú chun stóráil agus idirnascadh leictreachais a dhreasú.
- Tacú le braislí ionad barrmhaitheasa réigiúnacha agus earnálacha maidir le teicneolaíochtaí ísealcharbóin a fhorbairt.

- Infheistiú i dtaighde agus forbairt i hidrigin ‘ghlas’ (arna giniúint agus úsáid á baint as fuinneamh in-athnuaite breise) mar bhreosla do ghiniúint cumhachta, déantúsaíocht, stóráil fuinnimh agus iompar.

Ceapfaimid plean níos fadtéarmaí freisin ina leagfar amach an tslí a mbainfimid leas, mar thír, as an bpoitéinseal ollmhór a bhaineann le fuinneamh amach ó chósta an Atlantaigh. Leagfar amach sa phlean sin an tslí a bhféadfaidh Éire rannchuidiú ollmhór a dhéanamh le córas giniúna agus tarchuir fuinnimh in-athnuaite ar fud na hEorpa, agus leas á bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann le ar a laghad 30GW de chumhacht gaoithe ar snámh amach ón gcósta sna huiscí níos doimhne dár gcuid san Atlantach.

Díreofar sa phlean seo ar úsáid a bhaint as an mbonneagar fuinnimh agus muirí atá againn cheana féin. Féachfar leis an timpeallacht cheart infheistíochta a chruthú, tacú le taighde fuinnimh aigéin, cumhacht tonnta, taoide agus gaoithe ar snámh a fhorbairt agus a thaispeáint, chomh maith le teicneolaíochtaí nuálacha tarchuir agus stórála a fhorbairt, amhail idirnascadh ardvoltais, srutha dhírigh agus hidrigin ghlas ar bhonn uile-oileáin. Leagfar amach sa phlean seo conair chuig acmhainneacht 5GW ó thaobh gaoth amach ón gcósta a bhaint amach faoi 2030 amach ó chóstaí Thoir agus Theas na hÉireann.

Pobail a Thabhairt Linn

Ní mór dúinn pobail a thabhairt linn agus bonneagar fuinnimh nua á shuiteáil.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- An sprioc don líon Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe a mhéadú.
- Tosaíocht a thabhairt do mhicrighiniúint a fhorbairt agus ligean do dhaoine cumhacht bhreise a dhíol ar ais leis an eangach faoi dheireadh Mheitheamh 2021.
- A chinntiú go bhféadfaidh fuinneamh pobail ról a imirt chun ar a laghad 70% leictreachais in-athnuaite a bhaint amach, lena n-áirítear ciste sochair phobail agus catagóir phobail sa cheant.
- Leanúint de bheith ag obair leis an AE chun rannpháirtíocht phobail a chomhaontú mar chuid lárnach d’fhuinneamh in-athnuaite nua a shuiteáil agus mar bhealach do rannpháirtíocht phobail sna tionscadail.
- Tacú le clár Brait Ghlais nua do phobail, ag tógáil ar an gclár scoileanna ar éirigh go maith leis.
- An t-athbhreithniú ar na díolúintí pleanála reatha a bhaineann le grianphainéil a thabhairt chun críche, lena chinntiú go bhféadfaidh teaghlaigh, scoileanna agus pobail a bheith ina seaimpíní láidre um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Plean Náisiúnta Gníomhaíochta uaillmhianach um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm, lena leagfar amach spriocanna níos airde do gach earnáil.

Rialachán chun an Gníomhú ar son na hAeráide a Bhrú Chun Cinn

Tabharfaidh an Rialtas conair shoiléir i dtreo chleachtais níos fearr agus spleáchas níos lú ar bhreoslaí iontaise i ngach earnáil. Leagfar amach comharthaí tráthúla, chun deis a thabhairt do na hearnálacha iad féin a chur in oiriúint. Foilseoimid sceideal dreasachtaí agus athruithe rialála chun deis a thabhairt do dhaoine agus do ghnólachtaí pleanáil a dhéanamh.

Forbróimid:

- Tástálacha struis nua d’institiúidí airgeadais chun féachaint ar an tionchar a bhíonn ag rioscaí inláimhsithe a bhaineann le teochtaí níos airde agus baint a bheith acu leis an ngeilleagar breoslaí iontaise ar a bpunainn, mar a mhol an Tascfhórsa ar Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid.
- Caighdeáin nua chun astaíochtaí ó F-gháis a laghdú agus riachtanais nua chun soilsiú a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de.
- Riachtanais nua maidir le córais teasa.
- Timpeallacht rialála chun tacú le téamh ceantair a fhorbairt
- Caighdeáin éifeachtúlachta le haghaidh trealaimh agus próiseas, go háirithe iad sin is cosúil go dtiocfaidh fás tapa orthu, amhail Ionaid Sonraí.
- Ionchais maidir le ‘hEintitis faoi Oibleagáid’ ó thaobh leas a bhaint as creidiúintí carbóin.
- Creat beartais do chriosanna ar astaíochtaí ísle.

Táirgeadh Fuinnimh a Dhícharbónú

Tacóimid le haistriú cóir do na hoibrithe agus do na réigiúin a mbeidh tionchar orthu, agus giniúint cumhachta móna agus guail á céimniú amach.

Breithneoimid bonnphraghas carbóin a chur i bhfeidhm sa Scéim i ndáil le Trádáil Astaíochtaí chun tacú leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise go foinsí in-athnuaite.

Acmhainní Nádúrtha

Bainfimid leas as na hacmhainní nádúrtha chun ár riachtanais a chomhlíonadh sa tír seo, gan cur isteach ar chumas na nglúnta atá le teacht a gcuid féin a chomhlíonadh. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Deireadh a chur le ceadúnais nua a eisiúint le haghaidh taiscéalaíochta agus eastóctha gáis, ar an mbonn céanna leis an gcinneadh a rinneadh le déanaí i ndáil le taiscéalaíocht agus eastócadh ola.
- Tacú le géarú ar na rialacha maidir le measúnú inbhuanaitheachta sula gceadófaí aon tionscadal ar liosta an AE de thionscadail ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne.
- A chinntiú go n-éileofar ar Bhord na Móna cuspóirí aeráide, bithéagsúlachta agus uisce a chur san áireamh agus a sainchúram tráchtála á chomhlíonadh acu, trí bhíthin leasú ar na hAchtanna Forbartha Móna 1998.

Agus Éire ag gluaiseacht i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de, ní chreidimid gur ciallmhar teirminéil allmhairithe gáis nádúrtha leachtaigh a fhorbairt ina n-allmhaireofaí gás fraiceáilte. Dá réir sin, déanfaimid teirminéal gáis nádúrtha leachtaigh Shionainne a bhaint ó liosta an AE de thionscadail ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne in 2021.

Ní thacaímid le gás fraiceáilte a allmhairiú agus forbróimid ráiteas beartais chun an cur chuige sin a chur in iúl.

Cinnteoimid go bhforbrófar pleananna forbartha áitiúla chun gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh sna limistéir sin ina rabhthas ag súil le forbairt eacnamaíoch de bharr bhonneagar nua breoslaí iontaise. Mar chuid de sin, breithneoimid an poitéinseal a bhaineann le hInbhear na Sionainne maidir le forbairt eacnamaíoch réigiúnach sna réimsí iompar agus lóistíocht, déantúsaíocht, fuinneamh in-athnuaite agus turasóireacht, agus forbróimid straitéis chun an poitéinseal sin a réadú, le tacaíocht ón Státchiste.

Dramhaíl agus Plean Gníomhaíochta do Gheilleagar Ciorclach

Oibreoimid i gcomhar le tionscal, miondíoltóirí agus tomhaltóirí chun córas agus cultúr níos inbhuanaithe agus níos freagraí a chur chun cinn maidir le tomhaltas, úsáid agus athúsáid ábhar agus athchúrsáil deireadh ré agus diúscairtí. Oibreoimid leis an AE freisin chun an cur chuige comhaontaithe ar Gheilleagar Ciorclach a chur i bhfeidhm.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Dramhaíola nua chun Geilleagar Ciorclach a fhoilsiú agus tús a chur lena chur i bhfeidhm.
- An tsamhail um Fhreagracht Bhreisithe Táirgeora (EPR) (don phacáistiú) a neartú, lena chinntiú go gcumhdófar na glanchostais iomlána a bhaineann le bailiú agus cóireáil ar leithligh na dtáirgí deireadh ré. Cuirfimid deireadh le féinchomhlíonadh mar rogha faoin EPR, lena chinntiú go gcaithfear go cothrom le gach táirgeoir agus chun aon bhealach éalaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaint.
- Machnamh a dhéanamh ar bhealaí níos fearr chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin lorg carbóin atá ag táirgí, lena n-áirítear le lipéadú.
- A chinntiú go dtreoróidh soláthar poiblí an t-aistriú chuig an nGeilleagar Ciorclach trí chur chuige bunaithe ar fhianaise, amhail brath ar Dhearbhuithe Táirge Comhshaoil. Tabharfaimid sainordú go gcuirfear critéir ghlasa san áireamh i ngach soláthar a úsáideann ciste poiblí, le tabhairt chun críche taobh istigh de 36 mhí.
- Oibriú le Ballstáit AE chun laghdú agus cosc níos mó ar phacáistiú plaisteach a spreagadh.
- Leanúint den Tionscnamh um Aigéin Ghlana, agus é a leathnú, chun bruscar muirí a bhailiú, a laghdú agus a athúsáid, agus an timpeallacht mhuirí a ghlanadh.
- Scrúdú ar athruithe ar an gcóras cánach chun úsáid éifeachtúil acmhainní a spreagadh.
    - Aonad um an nGeilleagar Ciorclach a chruthú sa Rialtas, chun cur chuige uile-Rialtais ar an ngeilleagar ciorclach a chinntiú.
    - Plaisteach aon-úsáide a chéimniú amach.
    - Scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le córas múirínithe cathrach le haghaidh phacáistiú in-bhithdhíghrádaithe.
    - Beartaítear scéim éarlaise agus aisíoca a thabhairt isteach do bhuidéil phlaisteacha agus do channaí alúmanaim i gcomhréir le torthaí na tuarascála a coimisiúnaíodh le déanaí.

Comhghiniúint Cumhachta agus Teasa

Tacóimid le comhghiniúint cumhachta agus teasa a fhorbairt, trí raon dreasachtaí, chun glacadh leis sa mhargadh a spreagadh.

Iarfheistiú

Rannchuidiú na Timpeallachta Tógtha le Gníomhú ar son na hAeráide

Cuirfimid tús le clár infheistíochta uaillmhianach chun ár bhfoirgnimh a dhéanamh níos teo agus níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, ár n-astaíochtaí a laghdú, agus spreagadh eacnamaíochta ríthábhachtach a sholáthar.

Foilseoimid ár bPlean Náisiúnta Iarfheistithe mar chuid den Phlean Náisiúnta Eacnamaíochta. Leagfar amach ann ár dtiomantas maidir le:

- Cur chuige nua limistéar-bhunaithe, ilfhreastail ar iarfheistiú chuig rátáil fuinnimh B2 a dhéanamh ar 500,000 áit chónaithe ar a laghad faoin mbliain 2030.
- Áiteanna cónaithe a ghrúpáil le chéile chun costais a laghdú, ag tosú amach sa réigiún Lár Tíre.
- Leas a bhaint as airgeadas cliste (e.g. ráthaíocht iasachta, an Banc Eorpach Infheistíochta, Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann).
- Córais aisíocaíochta a bheidh éasca le húsáid a fhorbairt (e.g. le billí fóntais).

Cinnteoimid barainneacht scála agus cruthú fostaíochta trí thithe sóisialta faoi úinéireacht údarás áitiúil agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe a chomhcheangal le tithe faoi úinéireacht phríobháideach sa phobal níos leithne i scéim bunaithe ar limistéar aonair.

Chun ár n-uaillmhian iarfheistithe a thabhairt chun críche, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Comhlacht Náisiúnta um Sholáthar Iarfheistithe a ainmniú faoi dheireadh 2020.
- I dteannta na scéime reatha, úsáid a bhaint as acmhainní ón gCiste Náisiúnta Téarnaimh chun cláir iarfheistithe údarás áitiúil a mhaoiniú láithreach agus chun deontais a thairiscint d'úinéirí réadmhaoine príobháidí. Díreofar an iarracht sin ar an réigiún Lár Tíre ar dtús, an áit is mó a mbraitear ar bhreoslaí iontaise.
- Tús a chur le scéimeanna píolótacha go luath in 2021, chun gnéithe lárnacha den phlean náisiúnta a thástáil, ag tógáil ar an obair atá á tosú sa réigiún Lár Tíre. I ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar na scéimeanna píolótacha, rollfaimid amach an Scéim Náisiúnta Iarfheistithe.
- Mionscrúdú a dhéanamh ar phrintíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus cláir oideachais reatha sa ghearrthéarma agus tús a chur le hiarracht mhór chun uasoiliúint a chur ar an bhfórsa saothair reatha maidir le teicneolaíochtaí agus modhanna tógála nua (e.g. teaschaidéil).
- Oibriú le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann chun roghanna maoinithe a fhorbairt chun iarfheistiú a sholáthar le comhpháirtithe miondíola oiriúnacha, amhail An Post agus Comhair Chreidmheasa.
- Scéim ráthaíochta iasachtaí a bhunú chun tacú le rochtain ar airgeadas le haghaidh iarfheistiú.
- An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh a leasú chun borradh a chur faoin soláthar iarfheistithe, trí mhéadú a chur ar na spriocanna nach mór do pháirtithe faoi oibleagáid a sholáthar, lena n-áirítear do thithe teaghlaigh agus do dhaoine faoi bhochtaineacht fuinnimh.
- Bearta a dhéanamh chun an líon tithe agus gnólachtaí a bhfuil Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) Teastais Taispeána Fuinnimh (DEC) acu a ardú, agus na sonraí sin a úsáid chun ardú a chur ar an líon tionscadail iarfheistithe arna ndéanamh ar thithe agus ar ghnólachtaí.

Cuirfear méadú faoi dheich ar an tionscal iarfheistithe reatha faoinár bplean agus cuirfear deiseanna ar fáil a bhféadfaidh earnáil na ngnólachtaí beaga agus meánmhéide leas a bhaint astu. Tabharfaimid muinín d'fhiontar freisin slabhraí soláthair a bhunú, oiliúint a chur ar bhaill foirne agus infheistiú sa trealamh riachtanach.

Déanfaimid ceannaire d'Éirinn ó thaobh an iarfheistithe de, trí bhealaí nuálacha a fhorbairt chun iarfheistiú a rolladh amach ach costas a laghdú agus éifeachtúlacht agus táirgiúlacht a mhéadú. Áireofar air sin:

- Dearthaí caighdeánacha a fhorbairt a bheidh ar fáil do gach cineál réadmhaoine.
- Foirgníocht a uathoibriú agus a dhigitiú trí uirlisí dearaidh agus réadmhaoine a scanadh go digiteach.
- Infheistiú i dtaighde agus forbairt chun táirgí agus ábhair a fheabhsú.
- Soláthar agus dearbhú cáilíochta a lárú.
- Ábhair réamh-chóimeáilte.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Acmhainneacht na ngníomhaireachtaí stáit atá freagrach as na spriocanna uaillmhianacha arna leagan amach againn a neartú.
- Tús a chur le clár spriocdhírithe chun teaschaidéil a shuiteáil i dtithe atá oiriúnach cheana féin don

teicneolaíocht, mar chuid dár bplean chun 600,000 teaschaidéal a shuiteáil faoi 2030.

- Staidéar féidearthachta a fhoilsiú maidir le húdarás téimh cheantair a bhunú agus spriocanna nua a leagan amach don téamh ceantair mar chuid de straitéis nua. Déanfar sin i dteannta le timpeallacht rialála don téamh ceantair a fhorbairt.
- Dul i mbun gnímh chun uasghráduithe fuinnimh a bhrú chun cinn i réadmhaoine ar cíos agus sa stoc tógála tráchtála, i ndiaidh próisis chomhairliúcháin atá tugtha chun críche cheana féin.
- Oibriú le tionóntaí agus le tiarnaí talún lena chinntiú go gcoinneofar an cur isteach ón iarfheistiú ar an dá thaobh chomh híseal agus is féidir.
- Straitéis Dícharbónaithe nua don Earnáil Phoiblí le haghaidh 2030 a fhoilsiú. Áireofar air sin beartais a fhorbairt chun tuilleadh úsáide as conarthaí feidhmíochta fuinnimh sa tseirbhís phoiblí a chinntiú. Leagfaimid amach sprioc dícharbónaithe ar a laghad 50% don earnáil phoiblí. Díreoimid freisin ar fheabhsú ó thaobh comhlachtaí poiblí nach cosúil go mbainfidh siad an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh reatha - 50% - amach, agus oibreoimid le cinn eile chun dul níos faide. Beidh ról lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais chun an straitéis sin a rolladh amach, trí bhíthin soláthar lárnach infheistíochtaí agus seirbhísí a bhaineann le fuinneamh.

Aistriú Cóir

Déanfar dhá aistriú ollmhóra sna chéad deich mbliana eile amach romhainn: chuig todhchaí ísealcharbóin agus chuig níos mó digitithe, uathoibrithe agus róbataice.

Cruthóidh an dá aistriú sin athruithe ollmhóra sa tsochaí, agus cé go mbainfidh dúshláin shuntasacha leo, soláthrófar raon deiseanna freisin. Ní bheidh tionchair na n-athruithe sin scaipthe go cothrom agus beidh siad le brath ar bhealaí éagsúla.

I gcásanna áirithe, beidh tionchar ag na haistrithe sin ar thionscail agus ar réigiúin iomlána. I gcásanna eile, d'fhéadfadh ceirdeanna nó gairmeacha áirithe dul i léig. Is riachtanach go n-aimseofaí conair chuig Aistriú Cóir, lena soláthrófar malairt rogha ó thaobh post do na hearnálacha agus do na réigiúin is mó a mbeidh tionchar orthu agus lena gcinnteofar go gcabhrófar le grúpaí leochaileacha, de réir mar a chuirfear beartais chlaochlaithe i bhfeidhm. Ní mór teacht roimh dhúshláin agus freagairt dóibh a phleanáil.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Plean um Aistriú Cóir a fhoilsiú, chun creat a leagan amach d'obair choimisiún buan don Aistriú Cóir. Sainaithneofar dúshláin a thiocfaidh chun cinn in earnálacha agus réigiúin éagsúla sa phlean agus déanfar ullmhúchán ina leith, fad a aithneofar go mbeidh aistrithe éagsúla ann, agus gur léir nach mbeidh aon chur chuige amháin oiriúnach dóibh ar fad.
- Coimisinéir um an Aistriú Cóir a bhunú mar oifig reachtúil, a mbeidh foireann agus acmhainní iomchuí aici. Beidh obair an Choimisinéara um Aistriú Cóir sa réigiún Lár Tíre agus obair na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach mar bhonn don chur chuige.
- A chinntiú go mbeidh airgeadas ar fáil agus leanúint de mhéid an Chiste um Aistriú cóir a mhéadú.

Imeacht ón Móin sa Réigiún Lár Tíre

Táimid tiomanta a chinntiú go mbeidh an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de cóir agus cothrom. Is é an t-aistriú nó an t-imeacht ó mhóin a úsáid sa réigiún Lár Tíre an chéad triail den aistriú cóir. Cinnteoimid go n-oibreoidh an tAistriú Cóir sa réigiún Lár Tíre go huilechuimsitheach agus go mbeidh sé ina eiseamláir den tslí a bhféadann pobail mhóra athruithe ollmhóra ina saol laethúil agus ina n-áiteanna oibre a thabhairt isteach agus rath a bheith orthu i gcónaí.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Tacú leis an gCoimisinéir um Aistriú Cóir chun freagairt chuimsitheach agus uilechuimsitheach a cheapadh.
- Plean feidhmithe uile-rialtais mhionsonraithe a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm, ag teacht leis na moltaí sa chéad tuarascáil ón gCoimisinéir um Aistriú Cóir.
- Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar Mhol Fuinnimh Ghlais/Mhol Fuinnimh In-athnuaite a bhunú sa réigiún Lár Tíre, agus an bonneagar atá ann cheana féin a úsáid.

Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Bunóimid an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide taobh istigh de 100 lá, tríd an mBille um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta a achtú go luath. Seolfaimid an dara glao faoin gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide go tapa. Seolfaimid glao faoi Chiste

Comhshaoil Áitiúil freisin chun rannpháirtíocht an Phobail a mhéadú.

Ciste Comhshaoil

Méadóimid an Ciste Comhshaoil, agus an próiseas comhairliúcháin atá tugtha chun críche cheana féin a chur san áireamh, trí thobhaigh nua a thabhairt isteach; agus déanfaimid an t-airgead sin a imfhálú le hinfheistiú i dtionscnaimh bhithéagsúlachta agus aeráide, lena n-áirítear páirceanna agus ceantair dhúlra nua a fhorbairt.

Samhail Rannpháirtíochta Nua

Éilíonn an t-aistriú chuig geilleagar digiteach, ísealcharbóin slógadh comhbheartaithe i ngach gné de shochaí na hÉireann. Chun rath a bhaint amach, teastaíonn ceithre ghné cónasctha:

- Ceannaireacht leanúnach ón Rialtas agus ón Oireachtas.
- Rannpháirtíocht leanúnach le saoránaigh, earnálacha agus réigiúin.
- Tacaíocht do na hoibrithe, earnálacha agus réigiúin is mó nochta, d'fhonn cabhrú leo leas a bhaint as na deiseanna eacnamaíochta nua arna gcur ar fáil dúinn leis an aistriú chuig geilleagar digiteach, ísealcharbóin.
- Cosaint do na teaghlaigh agus do na pobail leochaileacha is lú atá in ann an t-aistriú a dhéanamh.

Forbróimid samhail rannpháirtíochta nua le saoránaigh, earnálacha agus réigiúin mar thosaíocht luath don Rialtas, ag tógáil ar a foghlaimíodh le blianta beaga anuas. Cuimseofar ann:

- Idirphlé ar bhonn struchtúrtha, ionas go bhféadfaidh na gnéithe éagsúla sa tsochaí rannchuidiú leis an bpróiseas. Beidh snáithe faoi leith ann d'idirphlé leis an ógra.
- Próiseas cuntasachta ar an dul chun cinn, lena n-áirítear athbhreithniú bliantúil.
- Rannpháirtíocht saoránach, earnálach agus réigiúnach a chur chun cinn maidir le gníomhartha a chur i bhfeidhm ina réimse tionchair féin.

An Rialtas a bheidh freagrach i gcónaí as ceannaireacht agus cinnteoireacht, as gníomhartha a chur i bhfeidhm, agus as a bheith cuntasach as spriocanna Chlár an Rialtais a bhaint amach.

Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht

Tá an bhithéagsúlacht ríthábhachtach do shláinte leanúnach ár sochaí, ár ngeilleagair, ár speiceas agus ár bpláinéid. I ndiaidh don Dáil Éigeandáil Bithéagsúlachta a fhógairt anuraidh, oibreoimid ar bhealach tacúil agus cuiditheach leis na gníomhaireachtaí agus leis na heagraíochtaí a bhfuil de chúram orthu ár mbithéagsúlacht agus ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Bunú Thionól Saoránach maidir le Bithéagsúlacht a bhrú chun cinn.
- Tionscnaimh bhithéagsúlachta a chur chun cinn sna hearnálacha bunscoile, iarbhunscoile agus tríú leibhéal, agus a chinntiú go mbeidh ról gníomhach ag scoileanna, coláistí agus ollscoileanna ar fud na tíre maidir le limistéir a sholáthar chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn.
- Athbhreithniú ar shainchúram, stádas agus maoiniú na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), lena chinntiú go bhfuil ról éifeachtach á imirt aici maidir lena sainchúram foriomlán agus lena ról forfheidhmithe chun an fiadhúlra a chosaint.
- A chinntiú go mbeidh líon leordhóthanach oifigeach bithéagsúlachta agus oidhreachta i bhfoirne na n-údarás áitiúil.
- Tacú le sonraí bithéagsúlachta a bhailiú.
- Plean Náisiúnta nua um Pailneoirí a fhoilsiú agus comhlachtaí poiblí a spreagadh an bhithéagsúlacht a chur chun cinn agus a chosaint.
- Athbhreithniú ar chosaint (lena n-áirítear forfheidhmiú na reachtaíochta ábhartha) ár n-oidhreachta nádúrtha, lena n-áirítear fálta sceach, coillte dúchasacha, agus bogaigh.
- Plean Bainistithe nua um Speicis Ionracha a fhorbairt.
- Na gníomhartha maidir le tailte portaigh i gClár an Rialtais a chomhordú chun an tairbhe don bhithéagsúlacht a uasmhéadú.
- Beartais maidir le tacaíocht don bhithéagsúlacht uirbeach agus cur crann a thabhairt isteach.

- Údaráis áitiúla a spreagadh úsáid lotnaidicídí in áiteanna phoiblí a laghdú, agus tacú leo ina leith sin.
- Leanúint den tríú *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2017-2021* a chur i bhfeidhm agus tógáil ar na tiomantais a rinneadh ag an gcéad Chomhdháil Náisiúnta um Bithéagsúlacht.
- Tacú le grúpaí dúlra áitiúla agus le húdaráis áitiúla oibriú i gcomhar ar thionscadail áitiúla bithéagsúlachta.
- Leanúint d'fheasacht faoin mbithéagsúlacht a ardú trí thionscnaimh amhail an Scéim Gradaim Bhliantúla Bithéagsúlachta.
- Tógáil ar rath Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath de chuid UNESCO agus breis ainmniúchán a fháil ó UNESCO do láithreáin eile in Éirinn, lena n-áirítear réigiún Loch Aillionn.
- Oifigigh Idirchaidrimh Oideachais a cheapadh i ngach ceann dár bPáirceanna Náisiúnta le bheith ag obair le scoileanna ar fud na tíre, chun tábhacht na bithéagsúlachta agus an domhain nádúrtha a chur chun cinn agus le go mbeidh daltaí rannpháirteach san obair a dhéantar inár bPáirceanna Náisiúnta.

Uisce

Bíonn tionchar ag easnaimh sa bhonneagar uisce ar sholáthar uisce óil sábháilte agus slán, eascraíonn truailliú agus dochar don chomhshaol astu, agus cruthaíonn siad dúshlán maidir le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach ar fud réigiúin uirbeacha agus tuaithe na hÉireann.

Tá gá le hinfheistíocht leanúnach sa bhonneagar, chun soláthar leanúnach uisce óil ar dhea-chaighdeán a chinntiú, agus cóireáil chuí fuíolluisce chun ár n-uiscebhealaí a chosaint. D'fhonn é sin a bhaint amach, déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Uisce Éireann a choinneáil faoi úinéireacht phoiblí mar fhóntas náisiúnta, neamhspleách, rialáilte.
- A chinntiú go mbeidh maoiniú leordhóthanach ag Uisce Éireann chun an infheistíocht a bhfuil gá léi in uisce óil agus i mbonneagar fuíolluisce a dhéanamh.
- A chur de shainchúram ar Uisce Éireann pleananna a fhorbairt chun slándáil soláthair agus acmhainneacht leordhóthanach a chinntiú maidir le líonraí uisce óil agus fuíolluisce, chun deis a thabhairt d'fhorbairt réigiúnach chothrom.

Clár Caipitil

Tabharfaidh an Rialtas maoiniú do phlean infheistíochta caipitil Uisce Éireann maidir le bonneagar uisce óil agus fuíolluisce ar bhonn ilbhliantúil, agus soláthróidh an pacáiste maoinithe €8.5 billiún a gealladh i d*Tionscadal Éireann*.

Déanfaimid na nithe seo a leanas freisin:

- Tacú leis an nglacadh le *Clár Fáis Bhailte Beaga agus Sráidbhailte 2020-2024* de chuid Uisce Éireann, lena soláthrófar acmhainn fáis d'uisce agus d'fhuíolluisce i lonnaíochtaí beaga nach ndéanfaí soláthar dóibh ar shlí eile i bplean infheistíochta caipitil Uisce Éireann.
- A chinntiú go dtacaíonn an Ciste Nuálaíochta agus Forbartha Tuaithe le tionscadail dá leithéid.
- Tacú le hinfheistíocht leanúnach chun sceitheadh a laghdú ar feadh an líonra.
- Machnamh iomlán a dhéanamh ar an athbhreithniú ón gCoimisiún um Rialáil Fóntas ar chur chuige beartaithe Uisce Éireann i leith Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Uisce Óil

- Forbróimid scéim idir údaráis áitiúla agus Uisce Éireann chun scairdeáin uisce a sholáthar ar fud na tíre chun bruscar ó bhuidéil phlaisteacha a laghdú.
- Leanfaimid de chabhrú le huasghráduithe ar thobair a mhaoiniú.

Fuíolluisce

- Leanfaimid de chabhrú le huasghráduithe ar chórais chóireála fuíolluisce tí a mhaoiniú, lena n-áirítear umair sheipteacha.
- Déanfaimid athbhreithniú agus obair chun feabhas a chur ar an gcóras cigireachta don 500,000 córas fuíolluisce tí agus tabharfaimid dreasacht d'oibreacha uasghrádaithe.

Sábháilteacht agus Caighdeáin

Beidh mar thosaíocht don Rialtas i gcónaí soláthar uisce óil slán agus cóireáil cheart fuíolluisce a chinntiú.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go ndéanfaidh Uisce Éireann dul chun cinn ar oibreacha chun an líon scéimeanna ar Liosta Gnímh Leigheasta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a laghdú.
- Tacú le hUisce Éireann ina chlár chun píobáin luaidhe a bhaint ón soláthar poiblí.
- A chinntiú go gcomhlíonann an Stát Creat-Treoir Uisce an AE.
- Cláir a leathnú, lena n-áirítear an Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (ASSAP), agus oibriú le feirmeoirí, leis an tionscal agus le gníomhaireachtaí comhairleacha chun feabhsúcháin ar cháilíocht an uisce agus a sholáthar agus a chosaint.
- Plean Bainistithe Abhantraí athbhreithnithe agus neartaithe nua a sheoladh in 2022, ag tarraingt ar chur chuige comhoibríoch idir na geallsealbhóirí ar fad.
- A chinntiú go bhforbróidh Uisce Éireann Pleananna um Shábháilteacht Uisce Óil chun foinsí asbhainte a chosaint; agus go laghdóidh sé rioscaí don tsláinte phoiblí, lena n-áirítear sáruithe Tríhalaimeatáin (THM) i ngléasraí cóireála.
- Leanúint de thacú le Cláir Uisce na nÚdarás Áitiúil agus an Ciste Forbartha Uisce Pobail a mhéadú.

Caomhnú

Leanfaidh an Rialtas de liúntas flaithiúlach uisce saor in aisce a sholáthar do gach saoránach chun freastal ar a riachtanais ó lá go lá, agus cuirfidh leithdháileadh breise saor in aisce ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta sláinte acu. D'fhonn ídiú uisce ar fud na sochaí a laghdú, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Moltaí an Choiste um Sheirbhísí Uisce Tí a Mhaoiniú Amach Anseo a chur i bhfeidhm maidir le ró-úsáid.
- Abhcóideacht ar leibhéal AE le haghaidh earraí bána níos éifeachtúlaí ó thaobh uisce agus fuinnimh de.
- Staidéar féidearthachta a dhéanamh lena scrúdófar an tslí a bhféadfaí tuilleadh cúnaimh a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal chun fearais atá éifeachtúil ó thaobh uisce de a shuiteáil.

Grúpscéimeanna Uisce

- Tacóimid le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar cháilíocht agus ar shlándáil soláthair.
- Leanfaimid d'infheistiú i gclár maoinithe caipitil ilbhliantúil chun cáilíocht an uisce óil i ngrúpscéimeanna uisce a fheabhsú, fad a chosnófar cáilíocht an uisce.

Taighde

Tacaímid go hiomlán le hobair an Chiste Ciste Nuálaíochta Seirbhísí Uisce, ar aidhm leis imscrúdú a dhéanamh ar réitigh chun tuilleadh éifeachtúlachta in úsáid uisce a chur chun cinn. Leanfaimid de bheith ag obair leis an bhFóram Uisce chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar straitéisí um cháilíocht uisce.

Déanfaimid raon mór tionscadal taighde a choimisiúnú, chun fiosrú a dhéanamh ar bhealaí nuálacha chun ár mbonneagar uisce a fheabhsú agus chun ídiú a laghdú.

Fuinneamh

Mar úsáideoir thar a bheith suntasach leictreachais, déanfaimid athbhreithniú ar riachtanais leictreachais na ngléasraí cóireála uisce agus fuíolluisce agus déanfaimid sraith tionscadal píolótach lena gcuimseofar giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láithreán.

Sláinte Uilíoch

- **úram a Sholáthar i dTimpeallacht COVID-19**
- **Sláintecare**
- **Sláinte na mBan a Chur Chun Cinn**
- **Todhchaí níos Sláintiúla**
- **Meabhairshláinte**
- **Cur Chuige Sláinte-Bhunaithe maidir le Mí-Úsáid Drugaí**
- **Éire Aoisbhách**

Misean: Cúram Sláinte Uilíoch

Cúram a sholáthar i dtimpeallacht COVID-19

Mar thoradh ar COVID-19, tá briseadh gan fasach ar an soláthar cúraim sláinte ar fud an domhain. Tá tionchar á imirt aige ar sheirbhísí ar fud ár n-ospidéal agus ár suíomhanna cúraim phobail. Tá sin ag tarlú i gcomhthéacs méadú ar an éileamh ar chúram príomhúil, cúram sóisialta agus géarchúram ospidéil.

Cinnteoidh an Rialtas nua go soláthrófar seirbhísí, nuair a thosóidh siad arís, ar bhealach pleanáilte, iomchuí agus meabhraithe. Sláinte an phobail a chosaint is ea an tosaíocht againn, chomh maith le hacmhainn a chinntiú le haghaidh breis ráigeanna COVID-19.

Agus sin á dhéanamh, is iad cothromas, sábháilteacht, riachtanas agus sochar fadtéarmach don daonra na treoirphrionsabail a bheidh againn, chomh maith le comhairle sláinte poiblí.

Ní mór dúinn foghlaim ó na freagairtí cúraim sláinte i leith COVID-19, iad a choinneáil agus cur le roinnt díobh, go háirithe Ríomhshláinte agus Ríomhoideasú.

Agus sinn ag bogadh ar aghaidh, déanfaimid cur i bhfeidhm Sláintecare a luathú.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Tionchar COVID-19 ar chur i bhfeidhm Sláintecare a shainaithint go tapa.
- Scrúdóimid bealaí nua chun suíomhanna pobail a úsáid agus cruthóimid comhpháirtíochtaí lenár n-ospidéil phríobháideacha le nach gcuirfear tuilleadh brú ar an gcóras poiblí.
- Cinnteoimid acmhainn, go háirithe acmhainn leapacha agus cúram criticiúil le haghaidh mearfhreagairt COVID-19 agus éigeandálaí nach mbaineann le COVID-19 san fhadtéarma.
- Tabharfaimid tosaíocht don chlár 'roghnach amháin' chun cóireáil a chur ar othair agus chun an acmhainn laghdaithe mar thoradh ar COVID-19 a bhainistiú.
- Leanfaimid de dhíriú go géar ar COVID-19 agus leanfar ceithre threoirphrionsabal: aonraigh, tástáil, rianaigh agus cóireáil, le go bhféadfaí gníomhú go tapa sa chás go dtiocfaidh ardú ar líon na gcásanna.
- Leanfaimid de theicneolaíochtaí nua, sláinte teileafóin agus bealaí nuálacha a úsáid chun tacú le grúpaí leochaileacha, chomh maith le conair chúraim nua.
- Cinnteoimid go gcuirfear othair agus baill foirne cúram sláinte ar an eolas faoi athruithe ar chleachtas cúram sláinte de bharr COVID-19 agus go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán iontu.
- Leanfaimid de mhonatóireacht a dhéanamh ar thaithí agus ar eolas idirnáisiúnta chun cabhrú le sábháilteacht othar agus oibrithe cúram sláinte a chinntiú.

Ceachtanna COVID-19 a Fhoghlaim

Gan dabht, thug ár gcóras cúraim sláinte freagra maith ar COVID-19 agus d'imir sé ról riachtanach chun an tionchar uaidh a laghdú. Agus sinn ag bogadh ar aghaidh ó na chéad chéimeanna den Éigeandáil, ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh, an bealach is fearr chun neart a chur san ullmhacht don éigeandáil, agus soláthar a dhéanamh do shlándáil agus do shábháilteacht ár saoránach.

Mar chéad chéim láithreach, scrúdóimid samhlacha cúraim sláinte idirnáisiúnta, agus foghlaimeoimid ón dea-chleachtas, agus déanfaimid ár gcóras cúraim sláinte a athstruchtúrú, chun freagairt sholúbtha agus dea-phleanáilte ar eipidéimí sa todhchaí a chinntiú.

Sláintecare a chur i bhfeidhm

Go bunúsach, tá Sláintecare tiomanta a chinntiú go mbeidh rochtain ag daoine ar sheirbhísí cúraim sláinte in-acmhainne. Léirigh an fhreagairt ar Éigeandáil COVID-19 go bhféadfaimid dul chun cinn a dhéanamh agus na haidhmeanna sin a bhaint amach san fhadtéarma, trí bhíthin oibriú le chéile. B'éigean teacht ar bhealaí nua chun cúram a sholáthar freisin. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfreastalóidh na samhlacha nua sin ar an éileamh,

fad a chuirfear rátaí áitíochta níos ísle san áireamh, agus an t-achar ama níos faide a theastaíonn chun ullmhú do ghnáthaimh.

Is gnéithe tábhachtacha de Sláintecare iad go leor de na freagairtí cúraim sláinte ar COVID-19 agus sainaithneoimid an tslí chun na feabhsuithe a choimeád. Beidh soláthar tuilleadh seirbhísí sláinte sa phobal mar bhonn taca faoinár gcur chuige, chomh maith le harduithe ar acmhainn, lena n-áirítear acmhainn leapacha, aonaid dianchúraim agus cúram criticiúil, agus dea-bheartas sláinte poiblí a chur chun cinn. Cur chuige othar-lárnach a bheidh againn.

Coinneoimid ceannaireacht ar an leibhéal is airde. Is é an Coiste Comh-Aireachta um Shláinte, faoi chathaoirleacht an Taoisigh, a dhéanfaidh an stiúradh straitéiseach foriomlán agus formhaoirsiú ar chur i bhfeidhm Sláintecare.

Athchóiriú Struchtúrach

Is cuid lárnach den athchóiriú ar Sláintecare iad rialachas agus cuntasacht níos fearr sa tseirbhís sláinte. Tá Bord FSS i bhfeidhm anois agus ní mór dúinn tograí mionsonraí a thabhairt chun cinn sna sé limistéar sláinte réigiúnacha nua chun seirbhísí áitiúla a sholáthar d'othair, seirbhísí a bheidh sábháilte, ar ardchaighdeán agus scaipthe amach go cóir.

Cuirfimid conradh sainchomhairleoirí Sláintecare nua i gcrích agus reachtóimid d'obair poiblí agus sin amháin in ospidéil phoiblí.

Déanfaimid anailís ar phríomhthráscairí agus méadracht cúraim sláinte chun scrúdú a dhéanamh ar an tslí a bhfuiltear nó nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais chúraim, le húsáid mar chomhpháirt sa phleanáil cúraim sláinte amach anseo. Cuirfidh sin méadú ar cháilíocht saoil agus ionchas saoil daoine.

Cúram níos Córa agus Inacmhainne

Thar shaolré an Rialtais, féachfaimid le rochtain uilíoch ar chúram sláinte a leathnú amach ar bhealach cóir agus inacmhainne.

Thar théarma an Rialtais, déanfaimid na nithe seo:

- Méadú a chur ar uaireanta cúraim bhaile agus Scéim Chúraim Bhaile Reachtúil a thabhairt isteach.
- Cúram dochtúirí teaghlaigh saor in aisce a leathnú go dtí tuilleadh leanaí.
- Cúram dochtúirí teaghlaigh saor in aisce a leathnú go dtí cúramóirí a fhaigheann an Deontas Tacaíochta do Chúramóirí.
- Deireadh a chur le muirir ospidéil othar cónaithe maidir le leanaí.
- Cúram fiaclóireachta saor in aisce a leathnú go dtí tuilleadh leanaí.
- Boscaí naíonán a thabhairt isteach do gach tuismitheoir nua.
- Muirir oideas agus an tairseach don Scéim Íocaíochta Drugaí a laghdú.
- An tairseach ioncaim ar chártaí leighis do dhaoine os cionn 70 bliain d'aois a ardú.
- Cártaí leighis lánroghnacha a leathnú go dtí daoine a bhfuil tinneas foirceanta orthu.
- Teorainn ar an uastáille laethúil do pháirceáil carranna a thabhairt isteach d'othair agus do chuairteoirí ag gach ospidéal poiblí, nuair is féidir sin. Pasanna solúbtha a thabhairt isteach i ngach ospidéal d'othair agus dá dteaghlaigh.
- Gníomhaireacht Náisiúnta Leigheasanna a bhunú, lena gcuirfear oideasú náisiúnta chun cinn d'fhonn costas leigheasanna a laghdú, lena n-áirítear trí bhíthin oideas cineálach, nuair is cuí, agus praghas cóir a leagan amach maidir le haisíocaíocht drugaí.
- Rochtain ar sheirbhísí sláinte príobháideacha a choinneáil, chun rogha a chinntiú do dhaoine atá ag déanamh rochtana ar chúram sláinte.

Tuilleadh Cúraim sa Phobal a Sholáthar

Cúram príomhúil agus cúram pobail a leathnú is ea croílár Sláintecare – formhór mór na seirbhísí cúraim sláinte a chur ar fáil sa bhaile nó gar don bhaile, seachas sna hospidéil. Leathnóimid cúram pobal-bhunaithe trí bhíthin an méid seo a leanas:

- Líonraí Cúraim Sláinte Pobail a fhorbairt chun tacú le leathnú seirbhísí, bunaithe ar riachtanas agus ar mhéid an daonra áitiúil.
- Díriú ar mhéadú ar uaireanta oscailte maidir le cúram neamhsceidealta, raideolaíocht, agus seirbhísí diagnóiseacha sa phobal.
- Cleachtadh ginearálta a neartú – an conradh le dochtúirí teaghlaigh a chur i bhfeidhm, seirbhísí taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre agus tuaithe a choinneáil, agus cur leis an líon áiteanna oiliúna do dhochtúirí teaghlaigh, lena n-áirítear do dhochtúirí teaghlaigh a bhfuil cáilíochtaí Sainspéise acu.

- Clár den chineál 'Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)' a bhunú don tsláinte, lena gcuirfí acmhainní breise tiomnaithe ar fáil do chleachtaí dochtúirí teaghlaigh, cógaslanna pobail agus baill foirne sláinte poiblí, chun díriú ar thorthaí sláinte níos fearr arna stiúradh ag sonraí láidre.
- An Clár um Bainistiú Galar Ainsealach a rolladh amach.
- An líon clinicí teililleighis agus fíorúla a ardú, bunaithe ar an úsáid a baineadh astu agus an taithí thar a bheith dearfach a bhí ag daoine leo i rith na géarchéime COVID-19.
- Tacú leis an bhFóram Idirphlé, ag obair le heagraíochtaí deonacha chun caidreamh oibre níos láidre idir an Stát agus an earnáil chúraim sláinte dheonach a chothú.
- Tús a chur le cainteanna lenár gcógaiseoirí faoi chonradh nua agus cur leis an ról atá acu maidir le cúram sláinte a sholáthar sa phobal, lena n-áirítear ríomhoideasú agus oidis leantacha a eisiúint.
- Tacú le hoftailmeolaíocht phobail a leathnú agus le glacadh níos forleithne den tsamhail phíolótach i Sligeach.

Acmhainn a Mhéadú

Fiú amháin sular imir COVID-19 tionchar ar ár seirbhís sláinte, bhí gá le méadú suntasach ar an acmhainn mhéadaithe i ngach gné den chúram chun rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta a sholáthar agus chun freastal ar riachtanais daonra atá ag fás. Faoi na pleananna atá againn chun acmhainn a mhéadú, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Leanfaimid d'infheistiú i mbonneagar agus trealamh cúraim sláinte, maille leis na moltaí san Athbhreithniú ar Acmhainn, ag teacht le *Tionscadal Éireann 2040*.
- Acmhainn a chinntiú chun mearfhreagairt a thabhairt ar COVID-19, lena n-áirítear acmhainn leapacha agus aonad dianchúraim agus le haghaidh éigeandálaí nach mbaineann le COVID-19 san fhadtéarma, ach úsáid a bhaint as roinnt den acmhainn in ospidéil phríobháideacha, más gá.
- Ospidéal Náisiúnta na Leanaí a oscailt.
- An dara saotharlann cataitéaraithe a sholáthar in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge.
- Socruithe rialachais a thabhairt chun críche agus tús a chur le tógáil an Ospidéil Mháithreachais nua ag Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath.
- Saoráidí oinceolaíochta raideolaíochta nua a sholáthar i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath.
- Aon mharbhlann déag ar fud na tíre a athchóiriú agus a athnuachan trí bhíthin an Chláir Dearaidh agus Dínite.
- Cur leis an acmhainn sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus scéimeanna Céad Fhreagróra Pobail a leathnú.
- Oibriú le FSS chun cúram maolaitheach ar fud na tíre a fheabhsú, trí bhíthin féachaint le conair gan uaim d'othair chúraim mhaolaithigh i seirbhísí othar cónaithe, cúraim bhaile, tithe altranais agus cúraim lae a chinntiú.

Ríomhshláinte agus TFC

Is iad seirbhísí digiteacha na príomh-áisitheoirí chun cúram a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí agus chun cumhacht a thabhairt d'othair rochtain a fháil ar a dtaifid liachta féin agus a gcúram a bhainistiú, agus chun tuilleadh seirbhísí a sholáthar i mbaile an othair agus sa phobail. Chun na seirbhísí sin a bhrú chun cinn, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Infheistiú i mbonneagar nua-aimseartha Ríomhshláinte agus TFC, i gcomhréir le *Tionscadal Éireann 2040* agus an *Straitéis Ríomhshláinte d'Éirinn*.
- Tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana maidir le freagairt do COVID-19, trí bhíthin bheith ag obair le dochtúirí teaghlaigh chun bearta Ríomhshláinte a fheabhsú, agus soláthar a dhéanamh do bhealach slán chun faisnéis faoi othair, torthaí saotharlainne, tuarascálacha faoi íomháú diagnóiseach, agus orduithe oideas idir sholáthróirí leighis a chomhroinnt go leictreonach.

An clár Aitheantóir Sláinte Aonair a rolladh amach, lena chinntiú go mbeidh rochtain ar fhaisnéis faoi othair ag seirbhísí éagsúla chun sábháilteacht othar a fheabhsú. Tabharfaidh sin rochtain dhíreach d'othair chun faisnéis mhíchruinn a fheiceáil agus a chur ina ceart.

Córas Taifead Leictreonach Sláinte a chur i bhfeidhm in Ospidéal Náisiúnta nua na Leanaí agus ullmhúchán a dhéanamh chun é a rolladh amach ar fud na tíre.

Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le seirbhís triáise agus ábhair imní sláinte 24 uair an chloig ar an teileafóin agus ar láithreán gréasáin a thabhairt isteach, seirbhís a chabhróidh le hothair a threorú chuig an sruth cúraim cuí.

Tacú lenár nOibrithe Cúraim Sláinte

Gach lá, léiríonn ár ngairmithe cúraim sláinte an fonn atá orthu gach duine againn a chosaint, trína ndíograis agus a ngairmiúlacht. Ní mór dúinn tacú leo, chun an méid sin a chúiteamh. Déanfaimid:

- Baill foirne pobail thúslíne bhreise a earcú, lena n-áirítear altraí sláinte poiblí agus gairmithe sláinte gaolmhara, amhail teiripeoirí saothair, fisiteiripeoirí, comhairleoirí néaltraithe agus teiripeoirí urlabhra agus teanga.
- Leanúint den Chomhaontú Altraí a chur i bhfeidhm, comhaontú ina bhfuil bearta breise chun cabhrú le haltraí a earcú agus a choinneáil sa tseirbhís sláinte poiblí.
- Grúpa saineolaithe a bhunú maidir le haltranas agus cnáimhseachas chun gairmeacha an altranais agus an chnáimhseachais a bhrú chun cinn.
- Caidreamh a dhéanamh le radagrafaithe, paraimhíochaineoirí, agus cúntóirí cúraim sláinte faoin tslí a bhféadfaí a róil a fhorbairt.
- Ardú a chur ar an líon comhairleoirí 'poiblí amháin' sna hospidéil.
- An conradh dochtúirí teaghlaigh a chur i bhfeidhm.
- Oiliúint dochtúirí teaghlaigh a aistriú chuig Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann.
- Sainaonad pleanála fórsa saothair a bhunú chun oibriú leis na hearnálacha oideachais, rialaitheoirí agus comhlachtaí gairmiúla d'fhonn an fháil ar ghairmithe cúraim sláinte a fheabhsú agus athchóiriú a dhéanamh ar an oiliúint a fhaigheann siad chun tacú le cúram comhtháite ar fud na seirbhíse sláinte uile.
- Forbairt ghairmiúil leanúnach do gach ball foirne san earnáil sláinte a éileamh.

Cúram Níos Atruaí

Caithfidh cultúr de nochtadh oscailte, ina dtugtar tacaíocht do ghairmithe sláinte agus ina n-éistear le hothair, a bheith mar bhonn taca le seirbhísí slána a sholáthar. Lena chinntiú go mbeidh sin amhlaidh, déanfaimid an méid seo a leanas:

- An Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Sábháilteachta Othair Infhógartha), 2019, lena ndéantar foráil do nochtadh oscailte sainordaitheach, a achtú.
- Ról níos mó a thabhairt do HIQA maidir le sábháilteacht othar.
- Athmheasúnú a dhéanamh ar an tslí a láimhseáiltear éilimh ar fhaillí liachta in Éirinn, lena n-áirítear ról na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, ionas go mbeidh córas faillí liachta na hÉireann ar aon dul le tíortha OECD eile, mar thoradh ar Thuarascáil Meenan.
- Scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun eadráin mar chéad rogha i gcás díospóidí a bhaineann le faillí liachta i gcúram sláinte a reachtú.
- Pacáiste tacaíochtaí a thabhairt isteach do dhaoine a bhfuil tionchar ag teagmhais sábháilteachta othar orthu, an tráth céanna le nochtadh oscailte, agus a chinntiú go ngabhtar leithscéal.
- Leanúint de thacú leis an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta Othar agus le hobair na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar (NPSO) chun maoirseacht a dhéanamh ar chlár feabhsúchán agus athchóirithe um shábháilteacht othar.
- Athmheasúnú a dhéanamh ar an tslí a láimhseáiltear éilimh ar fhaillí liachta in Éirinn, lena n-áirítear ról na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, ionas go mbeidh córas faillí liachta na hÉireann ar aon dul le tíortha OECD eile, mar thoradh ar Thuarascáil Meenan.
- Scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun eadráin mar chéad rogha i gcás díospóidí a bhaineann le faillí liachta i gcúram sláinte a reachtú.
- Pacáiste tacaíochtaí a thabhairt isteach do dhaoine a bhfuil tionchar ag teagmhais sábháilteachta othar orthu, an tráth céanna le nochtadh oscailte, agus a chinntiú go ngabhtar leithscéal.

Díriú ar Ghalair Neamhchoitianta

Is eol dúinn go mbíonn go leor riochtaí neamhchoitianta casta, agus go mbíonn tionchar géar acu ar na hothair a maireann leo. In amanna, bíonn sé deacair rochtain a fháil ar chógais agus ar theicneolaíocht iomchuí. Cinnteoimid go ndíreofar níos mó ar ghalair neamhchoitianta trí bhíthin:

• Plean Náisiúnta nuashonraithe um Ghalair Neamhchoitianta a fhoilsiú.

• Taighde a chur chun cinn agus, go háirithe, trialacha cliniciúla, atá lárnach chun galair neamhchoitianta a chosc, a dhiagnóisiú agus chun chóireáil ina leith a chur ar othair.

• An Bille um an gCoiste Náisiúnta maidir le hEitic Taighde a achtú.

• Líonra Náisiúnta um Leigheas Géinitice agus Géanómaíochta a bhunú.

• Tacú leis an tseirbhís ghéinitice leighis in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Chromghlinn.

Straitéisí Náisiúnta Sláinte a Chur i bhFeidhm

Trí bhíthin cur i bhfeidhm leanúnach na bpríomh-straitéisí sláinte a dhíríonn go sonrach ar chúram othar, féadfaimid rátaí marthanais a fheabhsú agus cur go mór le cáilíocht saol daoine. Leanfaimid de na straitéisí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Straitéis Náisiúnta Ailse.
- Straitéis Tráma.
- Straitéis Náisiúnta um Néaltrú.
- Straitéis Náisiúnta Máithreachais.
- Straitéis Néara-athshlánúcháin.
- Clár Náisiúnta Cliniciúil um Stróc.

Deonú Orgán

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- An Bille um Orgáin de chuid Chorp an Duine agus Fíocháin Dhaonna a achtú, chun bunús dlí a chur ar fáil le haghaidh córas rogha an diúltaithe maidir le deonú orgán, agus feachtas faisnéise poiblí a dhéanamh.

Cúram Inbhuanaithe

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Scrúdú ar mholtaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus ar chuir chuige dhea-chleachtais ar dhramhaíl a laghdú agus ar chleachtas éiceolaíochta sa chúram sláinte a fheabhsú.

Sláinte na mBan a Chur Chun Cinn

Tá béim níos mó ar shaincheisteanna sláinte na mban faoi láthair, agus scrúdú níos grinne ar eispéiris na mban ar chúram sláinte, agus ní mór dúinn gníomhú ina leith. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Tacú le hobair an Tascfhórsa um Shláinte na mBan, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan, chun dul i ngleic le raon leathan saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar thorthaí sláinte na mban in Éirinn.
- Ardú ar an líon máithreacha nua a dhéanann cothú cíche a chur chun cinn, trí bhíthin tacaíocht a mhéadú sna hospidéil mháithreachais agus sna hionaid chúraim phríomhúil, trí bhíthin rochtain ar saineolaithe lachta agus altraí sláinte poiblí.
- An moladh i dTuarascáil an Dr. Scally ar an bhFiosrúchán Scóipe agus gach tuarascáil eile faoi CervicalCheck a chur i bhfeidhm go hiomlán.
- Tacú le Clár Scagthástála CervicalCheck agus glacadh leis an vacsaín HPV a chur chun cinn.
- Frithghiniúint saor in aisce a chur ar fáil thar thréimhse chéimnithe, ag tosú le mná 17-25 bliana d'aois.
- An Bille um Atáirgeadh Daonna Cuidithe (AHR) a achtú.
- Samhail chúraim arna maoiniú go poiblí a thabhairt isteach le haghaidh chóireáil torthúlachta.
- BreastCheck a leathnú go dtí daoine 69 mbliana d'aois.
- An Straitéis Náisiúnta Máithreachais a chur i bhfeidhm chun tacú le breis príomh-bhaill foirne cnáimhseachais agus liachta a earcú, le roghanna maidir le breith sa bhaile, le rochtain ar scagthástáil dátaithe agus aimhrialtachta i ngach aonad máithreachais, agus conair chúraim ar feadh an líonra mháithreachais.
- Na céimeanna pleanála, tairisceana agus dearaidh a chur chun cinn, maidir le hOspidéal an Choim a athlonnú go dtí Ospidéal San Séamas, Ospidéal an a athlonnú go dtí Ospidéal Uí Chonghaile, agus Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Luimneach a athlonnú go dtí Ospidéal Ollscoile Luimnigh.
- Criosanna eisiaimh a bhunú thart ar shaoráidí liachta.

- Aird a thabhairt ar an athbhreithniú, mar a éilítear faoi Alt 7 den Acht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil) 2018, a dhéanfar in 2021.

Todhchaí níos Sláintiúla

Tá ról ollmhór le himirt ag an Stát maidir le dea-shláinte a chur chun cinn. Ceann de na nithe bunúsacha le haghaidh cáilíocht saoil níos fearr is ea stíl shláintiúil mhaireachtála. Is é Éire Sláintiúil an plean gníomhaíochta náisiúnta chun cabhrú le daoine saol níos faide agus níos sláintiúla a chaitheamh.

Léirítear sa suirbhé is déanaí a rinneadh faoi Éire Shláintiúil go bhfuil dul chun cinn maith déanta ó thaobh mhinicíocht caitheamh tobac, ach léirítear freisin go bhfuil níos lú ná leath de na daoine a ghlac páirt sa suirbhé ag baint amach an leibhéal íosta gníomhaíochta coirp in aghaidh na seachtaine agus gur ábhar imní ollmhór fós é an murtall.

Chun tacú le sláinte agus folláine leanúnach ag gach duine, déanfaimid na nithe seo a leanas faoi na sé chatagóir seo:

Tobac agus Nicitín

- An dleacht mháil ar thobac a ardú sna blianta amach romhainn chun caitheamh tobac a dhíspreagadh tuilleadh.
- Córas cánachais saindírithe a thabhairt isteach chun 'vápáil' agus toitíní leictreonacha a dhíspreagadh go sonrach.
- Cosc a chur ar tháirgí lena n-ionanálaítear nicitín, toitíní leictreonacha ina measc, a dhíol le daoine faoi bhun 18 bliana d'aois, córas ceadúnaithe a thabhairt isteach chun táirgí lena n-ionanálaítear nicitín a mhiondíol, agus srian a chur ar na cineálacha miondíoltóirí a mbeidh cead acu na táirgí sin a dhíol.
- Fógraíocht tháirgí lena n-ionanálaítear nicitín a srianadh gar do scoileanna, ar iompar poiblí agus i bpictiúrlanna.

Alcól

- Leanúint den Acht Sláinte Poiblí (Alcól) a chur i bhfeidhm agus ár ngealltanas seanbhunaithe maidir le híosphraghsáil aonaid a chomhlíonadh, i gcomhchomhairle le Tuaisceart Éireann.

Dul i nGleic le Murtall

- Oibriú le príomhgheallsealbhóirí chun Acht Sláinte Poiblí (Murtall) a thabhairt isteach, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar shrianta ar phromóisin agus ar fhógraíocht atá dírithe ar leanaí.
- A chinntiú go gcuirfidh gach údarás áitiúil gníomhartha maidir le murtall a chosc i gcroílár na bPleananna Forbartha Cathrach agus Contae amach anseo.

Sláinte Leanaí

- Srianta pleanála a thabhairt isteach ar asraonta a dhíolann deochanna agus bia beagmhaitheasa mórchalraí in aice le scoileanna.
- An Clár maidir le Sláinte Béil a Chur Chun Cinn a leathnú chuig gach leanbh bunscoile.

Aclaíocht

- Tuilleadh aclaíochta a chur chun cinn i ngach cuid den tsochaí, idir óg agus aosta, ar mhaithe le sláinte fadtéarmach agus chun leasa na sochaí.
- Oibriú chun tuilleadh rannpháirtíochta sa Chorpoideachas a spreagadh sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas.
- Tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide saoráidí leordhóthanacha folcadáin agus feistis a bheith acu chun cabhrú le hoibrithe a ritheann chun na hoibre nó a théann ar rothar.
- Dlúthchomhoibriú a spreagadh idir an Roinn Oideachais, an Roinn Sláinte agus an Roinn Spóirt agus eagraíochtaí spóirt chun aclaíocht leanaí a spreagadh agus a chumasú, go háirithe ag an mbunscoil.

Scagthástáil agus Imdhíonadh

- A bheith tiomanta i gcónaí do shláinte agus d'fholláine an náisiúin a chosaint trí bhíthin imdhíonadh, galar tógálach a rianú agus tacaíocht leanúnach dár gcláir scagthástála.
- An fhéidearthacht maidir le clár náisiúnta imdhíonta a thabhairt isteach.
- BreastCheck a leathnú go dtí mná 69 mbliana d'aois agus BowelScreen a leathnú go dtí gach duine 55-74 bliana d'aois.
- An vacsaín fliú a chur ar fáil do bhreis daoine, gan táille.
- Leanúint de thacú leis an gComhghuaillíocht Náisiúnta Vacsaíne chun glacadh vacsaíní leanaí a chur chun cinn agus chun an drogall a bhíonn ar dhaoine vacsaíní a fháil a laghdú.
- Scrúdú a dhéanamh ar an vacsaín deilgní a chur san áireamh i sceideal imdhíonta leanaí.
- I ndiaidh d'obair an Bhoird Taighde Sláinte ar an gcur chuige

a bhíonn ag tíortha eile ar vacsaíniú a bheith tugtha chun críche, gníomhú ar a mholtaí agus a chomhairle.

Meabhairshláinte

Is chun leasa gach duine é meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn agus ualach an mheabhairghalair a laghdú. Chuir an ráig COVID-19 imní, strus agus eagla mhór ar go leor daoine in Éirinn, rud a threisíonn an gá le réimse tacaíochtaí agus seirbhísí meabhairshláinte. Tá úsáideoirí seirbhísí meabhairshláinte i measc na ndaoine is leochailí in Éirinn; is ceart a bheith mar aidhm againn a bheith mar cheannaire idirnáisiúnta ó thaobh tacú le daoine a bhfuil riachtanais mheabhairshláinte acu agus cúram a thabhairt dóibh.

Comhroinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách

Beartas náisiúnta sláinte nua is ea *Comhroinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách* atá dírithe ar 'chur chuige céimnithe' lena chur ar chumas daoine rochtain a fháil ar na seirbhísí is fearr a fhreastalaíonn ar a riachtanais agus ar a chúinsí, chomh gar don bhaile agus is féidir.

Bíonn foirne ildisciplíneacha aige mar bhonn-tacaíocht do dhaoine a bhfuil ábhair imní mheabhairshláinte acu agus atá ag freastal ar sheirbhísí cúraim phríomhúil. Ach tuilleadh síceolaithe cúnta, teiripeoirí saothair agus príomh-oibrithe eile a chur ar fáil, cruthóimid cur chuige solúbtha agus spreagfaimid breis comhoibrithe le seirbhísí géarchúraim agus leis an earnáil dheonach agus phobail.

Cinnteoimid go mbeidh tacaíocht ag aon tseirbhís nua dá leithéid, amhail for-rochtain, ó chaiféanna pobail agus aonaid athshlánúcháin. Tabharfar cúram do dhaoine leochaileacha i suíomhanna éagsúla othar cónaithe agus pobail.

Leis an ráig COVID-19, rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt ar oiliúint agus comhairleoireacht ar líne agus ar téacsáil i gcás géarchéime sa tseirbhís sláinte. Trí bhíthin idirghabhálacha digiteacha a chur chun cinn, amhail oiliúint ar líne, oiliúint sa chlár safeTALK agus seirbhísí síceolaíochta teileafóin píolótacha nua, lena n-áirítear rannóg éigeandála, cuirfimid feabhas mór ar an rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte. Tá an beartas náisiúnta nua oiriúnach chun na cineálacha comhairleoireachta agus tacaíochta sin a fhorbairt amach anseo.

Gné thábhachtach de Chomhroinnt na Físe is ea go n-aithnítear go bhfuil riachtanais faoi leith ag go leor grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine gan dídean, daoine faoi mhíchumas intleachtúil nó daoine a bhfuil neamhord itheacháin orthu, riachtanais ar cheart go mbeadh ár seirbhísí meabhairshláinte in ann freastal orthu.

Plean Feidhmithe

Leagadh amach ardchaighdeán don fhorbairt ar bheartas meabhairshláinte sa bheartas náisiúnta roimhe seo, Fís don Athrú, ach ní raibh plean feidhmithe ann chun torthaí a thomhas go héifeachtach.

Tá treochlár feidhmithe agus táscairí torthaí i gComhroinnt na Físe agus leithdháiltear úinéireacht ar na moltaí ar phríomhghníomhaireachtaí. Tá spriocanna feidhmithe agus sprioc-amanna acu le haghaidh gach gníomh.

Chun na gealltanais sin a chur i gcrích go hiomlán, bunóimid coiste náisiúnta feidhmithe agus monatóireachta láithreach. Beidh ionadaithe ó na hearnálacha reachtúla, deonacha agus pobail ar an gcoiste sin. Tuairisceoidh an coiste náisiúnta seo an dul chun cinn chuig Coiste Comh-aireachta, tríd an Aire Sláinte.

Agus sinn ag déanamh tuilleadh forbartha ar ár seirbhísí meabhairshláinte:

- Oibreoimid chun deireadh a chur le leanaí a chur isteach in aonaid síciatracha do dhaoine fásta, ach ardú a chur ar an líon leapacha d'othair chónaithe, agus déanfaimid scrúdú ar an gcóras chun na leapacha sin a shannadh.
- Leanfaimid de thacú le seirbhísí Jigsaw a leathnú amach, chomh maith leis an líonra seirbhísí agus tacaíochtaí luath-idirghabhála agus coisc atá acu cheana féin.
- Seirbhísí meabhairshláinte arna gcur ar fáil ag eagraíochtaí neamhrialtasach a chomhtháthú le córas cúraim a bhfuil seirbhísí áitiúla reachtúla agus pobail san áireamh iontu.
- Leanúint d'acmhainní a thabhairt do rolladh amach náisiúnta na samhla cúraim le haghaidh Sainchúram Meabhairshláinte Imbhreithe, agus tacaíochtaí meabhairshláinte a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do thuismitheoirí leanaí uchtaithe.
- An tOspidéal Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí nua a oscailt i bPort Reachrann.
- An t-aonad idir-rannach Fionnachtaí a chur i bhfeidhm maidir le meabhairshláinte ógra.
- Scrúdú a dhéanamh ar bheartas 'aon dorais amháin', aon uirlis measúnaithe síceolaíochta amháin chun an tseirbhís is cuí a chinneadh.
- Sainchúram an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála a leathnú amach chun measúnú tráthúil a aimsiú maidir le seirbhísí síceolaíochta do leanaí agus do dhaoine fásta.

- Féachaint le hoideasú sóisialta, ina gcuirtear othair ar aghaidh chuig gníomhaíochtaí neamh-chliniciúla chun tionchar dearfach a imirt ar fholláine mheabhrach, a leathnú amach.
- An nuashonrú ar an Acht Meabhair-Shláinte 2001 a thabhairt chun críche, lena n-áirítear leasuithe chun ceart a thabhairt do daoine óga 16- 17 mbliana d'aois toiliú le cóireáil dá meabhairshláinte.
- Plean Gníomhaíochta maidir le meabhairshláinte an Lucht Siúil agus Romach a fhoilsiú.
- Scrúdú a dhéanamh ar Phríomh-Shíciatraí a cheapadh sa Roinn Sláinte agus Stiúrthóir Náisiúnta don mheabhairshláinte a cheapadh i FSS.
- An líon Oifigeach Údaraithe chun tacú le teaghlaigh a ardú, i gcomhréir leis an Sainghrúpa don Athbhreithniú ar an Acht Meabhair-Shláinte 2001.
- Scrúdú a dhéanamh ar an nGrúpa Náisiúnta Abhcóideachta Othar chun tacú le daoine a dhéanann rochtain ar sheirbhísí poiblí meabhairshláinte.
- Cinntiú go mbeidh seirbhísí meabhairshláinte ar fáil do dhaoine bodhra.
- Taighde meabhairshláinte a chur chun cinn chun cabhrú le freagra níos fearr a thabhairt ar riachtanais mheabhairshláinte an daonra.

Féinmharú a Chosc

Beidh stiogma a shárú agus tragóid an fhéinmharaithe a chosc mar chroílár bheartas meabhairshláinte ar bith.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Oibriú go dlúth leis an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc Chun beartais shonracha a fhorbairt chun féinmharú a chosc agus chun cur chuige uile-rialtais a chinntiú maidir le féinmharú a chosc.
- Tacú le cur i bhfeidhm leanúnach an chláir leathnaithe Ceangail ar Feadh an tSaoil, lena ndírítear ar líon na mbásanna de bharr an fhéinmharaithe a laghdú agus líon na gcásanna féindochair a laghdú.

Cur Chuige Sláinte-Bhunaithe maidir le Mí-Úsáid Drugaí

Féadann mí-úsáid substaintí agus andúil tionchar a imirt ar dhaoine ó gach cúlra. Ach caitheamh le húsáid substaintí mar cheist sláinte poiblí seachas mar cheist choiriúil agus sin amháin, féadfaimid cabhair níos fearr a thabhairt do dhaoine, dá dteaghlaigh agus do na pobail ina mairimid go léir. Tá imní orainn faoin méadú atá ag teacht ar úsáid drugaí mídhleathacha leis na deicheanna de bhlianta anuas.

Sa Straitéis Náisiúnta Drugaí, *Díobháil a Laghdú, ag Tacú leis an Athshlánú 2017-2025*, tá treochlár chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, trí bhíthin chur chuige níos atruaí a chur chun cinn i leith daoine a úsáideann drugaí agus caitheamh le handúil mar cheist sláinte roimh aon rud eile.

Tá ról lárnach ag na Tascfhórsaí um Dhrugaí agus Alcól maidir leis an straitéis a chur i bhfeidhm agus rochtain ar thionscnaimh chun díobháil a laghdú a mhéadú ar leibhéal áitiúil. Déanfaimid scrúdú ar an tslí a bhféadfaimid leanúint de thacú leis an ngá leis an straitéis i bpobail a shainaithint, agus tacóimid le tionscnaimh saindírithe a thugann aghaidh ar mhí-úsáid drugaí agus alcól.

Agus aitheantas a thabhairt don nasc idir drugaí agus meabhairshláinte, cinnteoimid go mbeidh baint ag ionadaí ón gCoiste Náisiúnta Maoirseachta um Dhíobháil a Laghdú, ag Tacú le hAthshlánú le socruithe feidhmithe agus monatóireachta *Chomhroinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách*, beartas náisiúnta meabhairshláinte nua.

Cuirfimid moltaí an Ghrúpa Oibre chun Cur Chuige Malartach a Dhéanamh ar Sheilbh Drugaí le haghaidh Úsáide Pearsanta i bhfeidhm, mar chéim thábhachtach i gcur chuige bunaithe ar shláinte phoiblí a fhorbairt maidir le húsáid drugaí sa tír seo. Déanfaidh an cur chuige seo ceangal idir daoine a úsáideann drugaí agus seirbhísí sláinte agus conair chuig téarnamh, agus féachfar le ciontú coiriúil a sheachaint, rud a mbíonn iarmhairtí fadtéarmacha aige do dhaoine, go háirithe daoine óga. Déanfaimid athbhreithniú ar an gcur chuige malartach sin, lena chinntiú go bhfuil sé ag baint na haidhmeanna ar fad amach, i ndiaidh an chéad bhliain iomlán dá chur i bhfeidhm, agus déanfaimid aon athrú is gá. Agus aitheantas á thabhairt don riosca breise do dhaoine a úsáideann drugaí, tá gníomhartha sonracha déanta chun tacú le rochtain níos mó agus níos fearr ar sheirbhísí malartaithe le hóipiamóidigh i rith COVID-19. Féachfaimid leis na bearta sin a choinneáil chun agaí feithimh a laghdú maidir le teacht ar na seirbhísí sin.

Ina theannta sin, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Scrúdú ar rialacháin agus reachtaíocht a bhaineann le húsáid cannabais le haghaidh riochtaí liachta agus cúraim mhaolaithigh, ag féachaint don eispéireas maidir leis sin i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.
- Tionól Saoránach a thabhairt le chéile chun nithe a bhaineann le húsáid drugaí a bhreithniú.
- Tógáil ar thionscnaimh a rinneadh sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach le déanaí agus tacú le meánscoileanna cláir feasachta drugaí agus alcóil a thabhairt isteach, go háirithe i ndáil leis an dainséar a bhaineann le húsáid ócáideach drugaí.
- Scrúdú ar chuir chuige chun daoine óga i mbaol agus grúpaí leochaileacha a shainaithint, chun cur isteach ar an gconair chuig mí-úsáid drugaí agus alcóil a bhféadfaidís a bheith ag tosú amach uirthi.
- Seirbhísí tástála cáilíochta drugaí a mhéadú, go háirithe ag féilte, agus tacú leo.
- Aitheantas a thabhairt don bhfírinne go bhféadfaidh bacainní a bheith roimh mhná rochtain a fháil ar chóireáil andúile agus cloí léi, mar gheall ar easpa cúraim leanaí, nó foréigean teaghlaigh, agus idirghabhálacha saincheaptha a fhorbairt chun freagairt dá gcuid riachtanas.
- Seirbhísí do mhná atá ag iompar clainne nó ar rugadh leanbh dóibh le déanaí agus a bhfuil tionchar ag mí-úsáid substaintí orthu féin agus ar a gclann.
- Scrúdú ar an bpoitéinseal maidir le feachtas faisnéise a dhéanamh faoi na héifeachtaí a bhíonn ag úsáid stéaróideach ar an tsláinte, go háirithe i gcás na bhfear óg.
- Bealach a chruthú do dhaoine atá i mbun athshlánúcháin ó andúil drugaí rochtain a fháil ar shaoráidí oideachais agus oiliúna ina gceantar áitiúil.
- Seirbhís Cóireála Alcóil Phobal-Bhunaithe Chathair na Gaillimhe a athbhunú.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar an gClár Náisiúnta Cliniciúil Dé-Dhiagnóise agus oibriú chun comhphrótacail agus comhchonairí atreoraithe a fhorbairt.
- Tacú leis an gClár Tuairiscithe um Imeaglú Bainteach le Drugaí, clár a d'fhorbair an Líonra Náisiúnta um Thacaíocht do Theaghlaigh i gcomhar leis an nGarda Síochána, chun freagra a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí drugaí agus teaghlaigh atá ag dul i ngleic le himeagla bainteach le drugaí.
- Líne chabhrach 24-uair an chloig a bhunú, bunaithe ar ann líne chabhrach FRANK sa Ríocht Aontaithe, chun comhairle agus cúnamh a thabhairt do dhaoine a úsáideann drugaí agus dá dteaghlaigh.
- Idirghabhálacha sláinte agus sóisialta a fhorbairt, bunaithe ar chur chuige sláinte uilechuimsitheach, chun díriú ar dhaoine gan dídean agus andúiligh.
- A chinntiú gur féidir le daoine gan dídean, daoine den Lucht Siúil agus pobail nua tacaíochtaí agus conairí chuig rochtain ar chóireáil a aimsiú.

- An líon leapacha a ardú le haghaidh chóireáil chónaithe do dhaoine atá i mbun cobhsaíochta, díthocsainithe, agus/nó do dhaoine atá ag lorg seirbhísí saor ó dhrugaí.
- Ardú suntasach a chur ar thacaíocht do chóiríocht idirthréimhseach le nach mbeidh daoine singil agus teaghlaigh ardriosca gan dídean agus iad ag teacht amach as chóireáil.
- An líon básanna de bharr ródháileoige a laghdú, trí bhíthin saoráidí insteallta faoi mhaoirseacht liachta a oscailt ar bhonn píolótach i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Tacú le rochtain ar fhrithnimheanna ópóideacha agus oiliúint ina leith, a rolladh amach.
- Beartas 'Dea-Chomharsana' a chinntiú maidir le hionaid cóireála drugaí, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ar bith a bheadh ag cónaitheoirí agus gnólachtaí áitiúla.
- Reachtaíocht a rith in aghaidh chomhéigean agus úsáid mionaoiseach chun drugaí a dhíol agus a sholáthar.
- Leanúint d'acmhainní a thabhairt d'fheachtais oideachais agus laghdaithe díobhála atá dírithe ar cur leis an bhfeasacht faoi na rioscaí a bhaineann le húsáid drugaí agus rannchuidiú drugaí le coiriúlacht.

Éire Aoisbhách

Agus níos mó dínn ag baint suilt as blianta na seanaoise, ní mór dúinn pleanáil a dhéanamh chun riachtanais chóiríochta agus chúraim sláinte an daonra éagsúil atá ag dul in aois a chomhlíonadh. Tacú le daoine scothaosta maireachtáil ina mbaile féin, le dínit agus neamhspleáchas, chomh fada agus is féidir, an cur chuige atá againn. D'fhonn an fhís sin a thabhairt chun críche, ní mór dúinn an dlúthcheangal idir tacaíochtaí cúraim sláinte agus roghanna tithíochta a shainaithint.

A Coimisiún maidir le Cúram

Tá tionchar COVID-19 deacair do dhaoine scothaosta ach go háirithe. Tá sé thar a bheith dúshlánach dóibh sin a chónaíonn leo féin agus dóibh sin a chónaíonn i dtithe altranais.

Agus sinn ag fhoghlaim ó COVID-19, déanfaimid measúnú ar an tslí a dtugaimid cúram do dhaoine scothaosta agus déanfaimid scrúdú ar mhalairt roghanna chun freastal ar riachtanais éagsúla na saoránach scothaosta. Bunóimid coimisiún chun scrúdú a dhéanamh ar chúram agus ar thacaíochtaí do dhaoine scothaosta.

Tacaíocht do Chúram Baile agus Pobail

Trí bhíthin cúram a choinneáil gar don bhaile agus an réimse seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sa phobal a mhéadú, is mian linn cur ar chumas gach duine saol níos sláintiúla agus níos faide a chaitheamh. Tá sin tábhachtach do dhaoine scothaosta ach go háirithe, mar go ndéanann siad rochtain níos minice ar na seirbhísí sin.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Cúram pobal-bhunaithe a leathnú amach, agus é a thabhairt níos gaire don bhaile, i gcomhréir le Plean Feidhmithe Sláintecare.
- Scéim reachtúil a thabhairt isteach chun tacú le daoine maireachtáil ina mbaile féin, rud a chuirfidh rochtain chothrom ar chúram ardchaighdeáin, rialaithe ar fáil.
- An líon uaireanta cúraim bhaile a ardú.
- Foirne Idirghabhála Pobail a leathnú amach chun cosc a chur ar othair a ghlacadh isteach in ospidéil gan ghá, agus chun tacú le othair a scaoileadh amach chuig a mbaile féin go tráthúil.
- A chinntiú go sannann seirbhísí pobail bainisteoir cáis do dhaoine scothaosta a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu chun cabhrú leo teacht ar an gcúram a dteastaíonn uathu.
- Ról ardchleachtóirí altranais a fhorbairt maidir le seirbhísí do dhaoine scothaosta agus bainistiú galar ainsealach.
- An fháil ar shaoráidí idirthréimhseacha a mhéadú.
- Tacú le Ríomhshláinte agus úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíochta cúnta, chun tacú le daoine maireachtáil go neamhspleách.
- Togra maidir le 'Ráthaíocht do Chúramóirí' a sholáthar, lena gcuirfear sraith seirbhísí lárnacha ar fáil do chúramóirí ar fud na tíre, beag beann ar a n-áit chónaithe.
- Cur leis an rochtain ar theiripe chainte agus an rochtain ar shaineolas speisialtóireachta a fheabhsú, nuair atá gá leis, i gcomhréir le *Comhroinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách.*
- Plean a fhorbairt a bheadh dírithe ar dhul i ngleic le huaigneas agus aonrú, go háirithe i measc daoine scothaosta, mar a leagtar amach sa *Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta.*

Rogha a Sholáthar

Cuirtear feabhas ar shláinte an duine má tá sé in ann maireachtáil i dtithíocht chuí agus rochtain aige ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, agus cinntítear freisin go bhfanann daoine scothaosta gar dá dteaghlaigh agus go mbíonn siad rannpháirteach go gníomhach ina gcuid pobal. Agus rogha níos leithne de thithíocht chuí agus tacaíochtaí sóisialta á bhforbairt againn, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Roghanna chun dul in aois ina n-áit féin a leabú sa chóras pleanála, nuair a dhéantar athchóiriú ar na pleananna forbartha cathrach agus contae i mbliana.
- Agus tagairt á déanamh do na Measúnuithe maidir le Riachtanas agus Éileamh Tithíochta, forbrófar uirlisí tuairiscithe déimeagrafacha agus réamh-mheastacháin daonra chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais agus suíomh na roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta.
- Soláthar tithe beaga i bhforbairtí a mhéadú, lena chinntiú go bhféadfaidh daoine scothaosta leanúint de bheith ina gcónaí ina gcuid pobal, gar do sheirbhísí agus saoráidí riachtanacha.
- Cúram a leagan ar údaráis áitiúla oibriú le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, le comharchumainn, le forbróirí príobháideacha agus le hÉire Aoisbhách chun tithíocht do dhaoine

scothaosta a fhorbairt/ a athfhorbairt.

Tacaíocht don Scéim Deontais um Oiriúnú Tithe a choimeád.

- Scor gníomhach agus tionscnaimh um aosú dearfach a chur chun cinn chun dul i ngleic le haonrú sóisialta.
- Scéim deontais nua um scileanna digiteacha do shaoránaigh a fhiosrú, ag díriú ar oiliúint duine-le-duine.
- A chinntiú go dtabharfar tosaíocht do dhaoine scothaosta atá i mbaol thearcrochtain fuinnimh agus na tinnis riospráide a bhaineann le haerthruailliú i bpleananna um gníomhú ar son na haeráide agus i bpleananna um athrú aeráide a mhaolú.
- Clubanna leabhar do dhaoine scothaosta a spreagadh chun dul i ngleic le huaigneas.

Cúram Cónaitheach Fadtéarmach

Cé gur mian linn ar fad dul in aois sa bhaile, seans nach féidir sin a dhéanamh i gcónaí agus go mbeidh gá le cúram cónaitheach fadtéarmach i dteach altranais. Tá tionchar suntasach ag COVID-19 ar dhaoine a chónaíonn i suíomhanna cúraim chónaithigh fadtéarmach ar fud an domhain. Agus an tsochaí á hathoscailt againn, ní mór dúinn pleanáil a dhéanamh chun freastal ar na dúshláin sin amach anseo. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Oibriú leis an bPainéal Saineolaithe um Thithe Altranais, ar leagadh mar chúram air scrúdú a dhéanamh ar an bhfreagairt leanúnach atá á tabhairt ar COVID-19 agus comhairle a thabhairt ina leith.
- Scrúdú ar bhealaí chun comhtháthú leis an tseirbhís sláinte a fheabhsú agus socruithe rialachais chliniciúil a shoiléiriú do thithe altranais.
- Tacú leis an Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais (*The Fair Deal*) chun cúnamh a thabhairt nuair nach rogha níos mó é fanacht sa bhaile.
- Reachtaíocht a achtú chun socruithe athbhreithnithe don Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais d'fheirmeoirí agus d'úinéirí gnó a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú nach ngearrtar táille ar chónaitheoirí faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais as seirbhísí nach n-úsáideann siad.
- Scrúdú ar sainchúram an Ghrúpa Náisiúnta Abhcóideachta Othar maidir le cónaitheoirí i saoráidí cúraim chónaithigh fadtéarmach.
- Cur chuige ar feadh an tsaoil ar chúram agus ar fhreagrachtaí cúraim a chur chun cinn.
- A chinntiú go mbeidh na cosaintí is fearr is féidir i bhfeidhm chun ár gcairde agus ár ngaolta atá i díthe altranais a chosaint.

Cúram Néaltraithe a Fheabhsú

Cé gur iomaí dúshlán a chruthaíonn néaltrú do dhaoine a mhaireann leis agus dá gcúramóirí, féadfaidh rochtain ar na seirbhísí agus tacaíochtaí cearta cabhrú le daoine maireachtáil go folláine ina bpobail féin.

Chun é sin a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- *Straitéis Náisiúnta um Chúram Néaltraithe* a chur i bhfeidhm.
- A chinntí go bhfuil cúram baile solúbtha agus freagrúil do riachtanais daoine a bhfuil néaltrú orthu.
- An líon comhairleoirí néaltraithe a ardú.
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht sráidbhaile do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu a bhunú, cosúil le Hogeweyk san Ísiltír.
- Cód cleachtais a thabhairt chun críche maidir le hArd-Treoracha Cúraim Sláinte, le gur féidir an creat reachtúil a thionscnamh go hiomlán.

Cúram ag Deireadh an tSaoil

Agus seirbhísí deiridh saoil á bhforbairt againn, ní mór dúinn díriú ar chúram agus dínit an duine atá ag fáil bháis, agus a dteaghlach. Chun é sin a chinntiú, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- An líon leapacha le haghaidh sainchúram maolaitheach ar fud na tíre a ardú sna chéad cúig bliana eile amach romhainn, lena chinntiú go mbeidh ospís ag freastal ar gach réigiún sa tír.
- Aonaid nua a oscailt i Maigh Eo, i bPort Láirge agus i gCill Mhantáin in 2020.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna chun aonaid a thógáil i nDroichead Átha agus sa Chabhán, agus tá aonad eile d'othair chónaithe beartaithe don réigiún Lár Tíre.
- Tacaíocht a thabhairt d'Fhoirne um Shainchúram Baile Maolaitheach Pobail i ngach limistéar FSS, maoiniú a thabhairt do phacáistí cúraim baile ainmnithe, agus acmhainní a thabhairt don sainchúram maolaitheach a chuirtear ar fáil in ospísí.
- Acmhainní don Chlár um Cúram Maolaitheach do Leanaí a mhéadú. Tabharfaidh

sainchomhairleoirí a bhfuil spéis faoi leith acu i gcúram maolaitheach do leanaí agus altraí forrochtana do leanaí tacaíocht dó sin, chun cúram a chomhordú do leanaí a bhfuil riochtaí a chiorraíonn a saol orthu, agus dá dteaghlaigh.

- Beartas nua um Cúram Maolaitheach do Daoine Fásta a fhoilsiú faoi lár 2021 chun beartas 2001 a nuashonrú. Léireoidh sin an iliomad forbairtí sa chúram deiridh saoil agus sa dea-chleachtas idirnáisiúnta agus beidh sé ag teacht níos fearr le cúram maolaitheach do leanaí.
- An taighde atá á dhéanamh i gcomhar le Foras Ospíse na hÉireann ar chostas méala agus bochtaineacht sochraide in Éirinn a thabhairt chun críche. Beidh an taighde sin mar fhaisnéis dár gcur chuige ar bhreis idirghabhálacha a chinneadh, nó tacaíochtaí a d'fhéadfadh an Stát a chur ar fáil chun cruatan de bharr báis agus méala a mhaolú.

Tithíocht do Chách

- Easpa Dídine
- **Úinéireacht Tí Inacmhainne**
- Tithíocht Phoiblí agus Shóisialta
- Athchóiriú Cíosa agus Cíos Costais
- Gníomhaireacht Forbartha Talún
- Pleanáil agus Athchóiriú

Misean: Tithíocht do Chách

Creidimid gur chóir go mbeadh rochtain ag gach duine ar thithíocht den scoth le ceannach nó le ligean ar cíos ar phraghas réasúnta, a tógadh ar ardchaighdeán, agus suite gar do sheirbhísí riachtanacha, a chuireann ardchaighdeán beatha ar fáil. Tuigimid go mbaineann sochar as cuimse, go sóisialta agus go heacnamaíoch, le soláthar tithíochta níos inacmhainne agus creidimid go bhfuil ról bunúsach ag an Stát maidir le tithe nua a chur ar fáil agus a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as an stoc atá ann cheana.

Tá méadú mór tagtha ar thógáil tithe nua le ceithre bliana anuas. Mar sin féin, caithfear i bhfad níos mó tithe a thógáil. Cé go mbeidh dúshláin ag baint leis an leibhéal fáis sin a choinneáil ag imeacht in 2020 mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, rachaimid i mbun oibre leis an earnáil tógála lena chinntiú go leanfaidh líon na dtithe nuathógtha ag fás sna blianta amach romhainn.

Sna cúig bliana amach romhainn, tabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas:

- Inacmhainneacht a chur i gcroílár an chórais tithíochta.
- Tosaíocht a thabhairt do sholáthar tithe poiblí, sóisialta agus inacmhainne.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Scéim Ceannach tí inacmhainne le tacaíocht ón stát chun úinéireacht tí a chur chun cinn.
- An stoc tithíochta sóisialta a mhéadú de níos mó ná 50,000 agus béim ar fhoirgnimh nua.
- Dul i ngleic le heaspa dídine.
- A chinntiú go bhfuil údaráis áitiúla lárnach i soláthar tithíochta.
- Dul i mbun oibre leis an earnáil phríobháideach chun a chinntiú go soláthraítear meascán agus cineál tithíochta iomchuí go náisiúnta.
- Feabhas a chur ar sholáthar agus inacmhainneacht chóiríocht cíosa agus slándáil tionachta do chíosaithe.

Aithnímid an ról tábhachtach a bheidh ann maidir le soláthar tithíochta príobháideach i gcónaí. Déanfaimid iarracht aghaidh a thabhairt ar dhúshláin san earnáil seo, lena n-áirítear inmharthanacht, rochtain ar airgeadas, infhaighteacht talún, soláthar bonneagar, cáilíocht foirgnimh, caighdeáin agus rialáil tógála, agus soláthar leordhóthanach saothar oilte.

Easpa Dídine

Is tosaíocht mhór don Rialtas easpa dídine a laghdú agus a chosc. Aithnímid na dúshláin ar leith a bhaineann le heaspa dídine, do theaghlaigh agus do dhaoine aonair. Beimid ag díriú ár n-iarrachtaí chun líon na dteaghlach agus daoine aonair gan dídean a laghdú agus ag oibriú le húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí tithíochta chun tacú leo cóiríocht inbhuanaithe fhadtéarmach a fháil.
Déanfaimid:

- Maoiniú a mhéadú agus beimid i mbun oibre le páirtithe leasmhara, oibrithe cásanna agus daoine gan dídean ar shraith beart chun cabhrú le daoine a chodlaíonn amuigh cóiríocht inbhuanaithe a fháil.
- Leanúint ar aghaidh ag leathnú an chur chuige Housing First, ag díriú ar thógáil agus éadáil tithe aon leaba agus seirbhísí tacaíochta ábhartha a sholáthar.
- A chinntiú go soláthraíonn FSS líne mhaoinithe thiomnaithe agus acmhainní chun na tacaíochtaí riachtanacha sláinte agus sláinte mheabhrach a sholáthar atá riachtanach chun cabhrú le daoine gan dídean a bhfuil riachtanais chasta acu.
- A chinntiú go bhfuil leibhéil an Fhorlíonta Cíosa agus na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) leordhóthanach chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, agus an soláthar tithíochta sóisialta á mhéadú againn.
- Bogadh ó chóiríocht i seomra suanliosanna ar bhonn fadtéarmach agus iarracht a dhéanamh tionóntachtaí oiriúnacha a sholáthar.
- A chinntiú go ndéantar pleananna agus prótacail iarchúraim agus aistrithe a fhorbairt do dhaoine leochaileacha gan dídean nó dóibh siúd atá i mbaol a bheith gan dídean ag fágáil an ospidéil, cúram stáit, cúram altrama, príosúin, nó suíomhanna stáit eile.
- Straitéis Náisiúnta um Easpa Dídine don Aos Óg a fhorbairt.
- Leanúint le Ciste Fála na Gníomhaireachta Tithíochta chun stoc folamh a cheannach ó institiúidí airgeadais.
- Méadú ar mhaoiniú do bhrúnna saor ó dhrugaí.
- Leanúint ar aghaidh ag maoiniú na Seirbhíse Réitigh Riaráistí Morgáiste, Abhaile.

Úinéireacht Tí Inacmhainne

Creidimid gur cheart go mbeadh úinéireacht tí inrochtana ag ár saoránaigh uile. Tabharfaimid bearta ar aghaidh thar shaolré an Rialtais chun úinéireacht tí a chumasú do níos mó daoine trí sholáthar agus idirghabhálacha méadaithe a dhéanann úinéireacht tí níos inacmhainne.

Is cuspóir sáraitheach dár mbeartas tithíochta tithe a dhéanamh níos inacmhainne.

Déanfaimid:

- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Scéim Ceannach tí inacmhainne le tacaíocht ón stát chun úinéireacht tí a chur chun cinn.
- Tabharfaidh an tAire Tithíochta sprioc chun tosaigh do sholáthar tithe inacmhainne thar shaolré an Rialtais, le bheith ar fáil do cheannaitheoirí cáilithe mar ábhar tosaíochta. Agus uaillmhian an Rialtais sa réimse seo á aithint, d'fhéadfaí na tithe seo a sholáthar ar roinnt bealaí lena n-áirítear údaráis áitiúla (Ciste na Láithreán Seirbhísithe), ag tabhairt isteach riachtanais tithe inacmhainne do Chuid V agus don Gníomhaireacht Forbartha Talún agus díolfar é tríd an Scéim um Cheannacht Inacmhainne le tacaíocht ón Stát.
- Ciste na Láithreán Seirbhísithe a leathnú.
- Síolchaipiteal a sholáthar d'údaráis áitiúla chun suíomhanna seirbhísithe a sholáthar ar a gcostas i mbailte agus i sráidbhailte chun a chur ar chumas dhaoine aonair agus teaghlaigh tithe a thógáil.
- An scéim um Chabhair le Ceannach a choinneáil agus a leathnú maidir le réadmhaoine nua agus réadmhaoine féin-thógála.
- Iasacht Tithíochta de chuid Atógáil Éireann a leathnú.
- Fiosraithe a dhéanamh chun féachaint chuig Chuid V a leathnú chun go mbeidh aonaid le ceannach agus cíos costais inacmhainne.
- An scéim Morgáiste go Cíos a neartú agus a chinntiú go bhfuil sí ag cabhrú leo siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu.

Tithíocht Phoiblí agus Shóisialta

Is bunchloch d'ardchaighdeán beatha teach sábháilte a bheith agat. Déanfaimid ról an Stáit a bhrú chun cinn chun ról níos mó a imirt agus páirt a ghlacadh i dtithe poiblí agus sóisialta inacmhainne a sholáthar go díreach. Déanfaimid infheistíocht i dtithíocht mar riachtanas sóisialta agus eacnamaíoch, dírithe ar shaothraithe ar ioncam íseal agus meánioncam agus ar phobail inbhuanaithe tionachta measctha a fhorbairt.

Déanfaimid:

- Méadú 50,000 a chur leis an stoc tithíochta sóisialta thar cúig bliana, a bhfuil a bhformhór le tógáil ag údaráis áitiúla, Comhlachtaí Tithíochta Formheasta agus gníomhaireachtaí Stáit.
- A chinntiú go gcuirtear meascán iomchuí de chineálacha dearaidh tithíochta ar fáil, lena n-áirítear aonaid atá leagtha amach go huilíoch, agus cóiríocht do sheandaoine agus do dhaoine faoi mhíchumas.
- Na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun maoiniú lánroghnach údarás áitiúil a mhéadú ó €2m go €6m do thionscadail tithíochta sóisialta.
- Ról na nOifigeach Tithe Folamh a leathnú sna húdaráis áitiúla agus tacú leo chun stoc folamh a úsáid go táirgiúil.
- Dul i mbun oibre ar phacáiste leasuithe le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, chun a chinntiú go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar mhaoiniú agus bogadh amach ón gclár comhardaithe.
- Pacáiste athchóirithe tithíochta sóisialta a thabhairt isteach chun:
  a) Pas tithíochta sóisialta a thabhairt isteach chun go mbeidh ar chumas teaghlaigh bogadh ó liosta údarás áitiúil amháin go ceann eile.
  b) Ceart na dtionóntaí tithíochta sóisialta a choinneáil chun a dteach féin a cheannach ach a cheangal orthu a bheith in situ ar feadh 10 mbliana, an lascaine a laghdú go huasmhéid 25%, agus an chéad rogha maidir le ceannach a thabhairt do na húdaráis áitiúla.
  c) An córas cíosanna difreálacha a chaighdeánú ar fud na tíre, chun cothroime a chinntiú.
  d) Suíomh idirlín a chruthú chun ligean ar cíos a cheadú, bunaithe ar rogha, ar bhonn náisiúnta.

A chinntiú go bhfuil clásail shóisialta láidre sa bheartas soláthair do thithíocht shóisialta, go bhfuil sé ag teacht leis an mbeartas nua um Sholáthar Poiblí Glas, agus go gcuireann sé cosaintí láidre chun cinn ar luach ar airgead do chistí poiblí.

Beidh tionscadail tithíochta tógáil dhíreach na n-údaráis áitiúil, amlínte ar leith agus gach próiseas ceadaithe trédhearcach agus oscailte do mhaoirseacht phoiblí.

Ligean ar Cíos

Is tosaíocht don Rialtas caighdeáin, slándáil agus inacmhainneacht do chíosóirí a fheabhsú. Chun é seo a bhaint amach, déanfaimid:

- Múnla cíos costais a fhorbairt chun tithíocht a sholáthar a chruthaíonn inacmhainneacht do thionóntaí agus múnla inbhuanaithe chun tithe a thógáil agus a bhainistiú. Agus é seo á dhéanamh, cuirfear taithí idirnáisiúnta ar sholáthar cíos costais ar fáil dúinn, mar shampla 'Múnla Vín'.
- Scrúdú a dhéanamh ar chruthú córais chun taiscí cíosa a choinneáil, bunaithe ar thaithí idirnáisiúnta.
- An spleáchas a laghdú ar úsáid HAP le haghaidh réitigh nua tithíochta sóisialta, de réir mar a mhéadaíonn an soláthar tithíochta sóisialta agus poiblí.
- Sainordú agus acmhainn a thabhairt don Bhord Tionóntachtaí Cónaithe (RTB) cásanna um réiteach díospóide a chloisteáil ina bhfuil taiscí i gceist, ionas gur féidir a dtaisce a chur ar ais ag an tionónta chun a chur ar a gcumas réadmhaoin eile a fháil, agus chun díospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí a réiteach go tapa.
- Leanúint le clár athraithe an RTB, agus é á athrú ina rialtóir neamhspleách láidir do thionóntaí agus do thiarnaí talún.
- Na meicníochtaí rialála agus forfheidhmithe a neartú, maidir le ligean gearrthéarmach.
- Tacú le soláthar leordhóthanach cóiríochta ar cíos trí chothromas agus cothroime a chinntiú do thiarnaí talún agus do thionóntaí.

- Scéim Chothrom na Féinne a athchóiriú chun cíosanna réadmhaoine atá folamh a spreagadh.

- Slándáil tionachta do thionóntaí a fheabhsú, le reachtaíocht do thionóntachtaí a mhaireann tréimhse éiginnte, Cigireachtaí agus forfheidhmiú an RTB a mhéadú, agus scrúdú a dhéanamh ar dhreasachtaí maidir le léasú fadtéarmach.

- Treoir a thabhairt d'údaráis áitiúla, mar chuid dá straitéisí tithíochta, measúnú ar riachtanais cíosa a dhéanamh agus a fhoilsiú.

- Scrúdú a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le tionóntaí, mar thoradh ar COVID-19, arna threorú ag an taighde atá le teacht ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).

- An moratóir a leathnú ar fhoirceannadh tionóntachtaí, de réir chomhairle sláinte poiblí, má chomhlíontar ceanglais Alt 4 den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19) 2020.

Gníomhaireacht Forbartha Talún

Ag cuimhneamh ar an ngá atá le tailte faoi úinéireacht an stáit a bhainistiú agus a úsáid i gceart, cuirfidh an Rialtas reachtaíocht ar bun chun an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) a bhunú ar bhonn reachtúil, mar ábhar práinne. Beidh sé de chúram air oibriú le ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus páirtithe leasmhara eile chun suíomhanna straitéiseacha a chur le chéile i gceantair uirbeacha agus chun forbairt inbhuanaithe tithe sóisialta agus inacmhainne ar cíos agus le ceannach a chinntiú.

Cinnteoimid go bhfeidhmíonn an LDA ar an gcaighdeán is airde rialachas corparáideach agus go bhfuil ceanglais láidre cuntasachta agus trédhearcachta aige laistigh den reachtaíocht. Cinnteoimid go mbeidh cosaintí agus maoirseacht láidir maidir le luach ar airgead ag gach soláthar a dhéanann an LDA.

Déanfaimid:

- A chinntiú gurb é forbairt na bpobal inbhuanaithe príomhchuspóir an LDA, agus tithíocht ísealcharbóin inbhuanaithe, athléimneach ó thaobh aeráide de a sholáthar.

- Cúram a chur ar an LDA tionól straitéiseach talún a thiomáint, chun a chinntiú go bhfreastalaíonn seirbhísí riachtanacha go maith ar fhorbairt inbhuanaithe na bpobal nua agus athghinte.

- Tithe a sholáthar le haghaidh ceannach inacmhainne, cíos costais agus tithíocht shóisialta tríd an LDA.

- A chinntiú go bhfuil tras-speictream de shaineolaithe tithíochta, airgeadais, rialachas agus saineolaithe neamhspleácha eile a theastaíonn ar Bhord an LDA chun a shainchúram a chomhlíonadh.

- Cumhachtaí Ordú Ceannaigh Éigeantach a thabhairt don LDA.

- An t-iniúchadh ar thailte stáit a chríochnú, ag aimsiú bainc talún atá faoi úinéireacht phoiblí atá oiriúnach chun críocha tithíochta agus chun críocha eile.

- Sainordú a thabhairt don LDA oibriú le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus páirtithe leasmhara eile chun máistirphleananna a fhorbairt do shuíomhanna straitéiseacha.

- A chinntiú go bhfuil an LDA faoi réir Saoirse Faisnéise.

- A cheangal ar an LDA nuashonruithe rialta a thabhairt don Oireachtas agus athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá mar bhonn don LDA tar éis tréimhse trí bliana.

- A chinntiú go n-úsáideann an LDA modhanna nua-aimseartha tógála, lena n-áirítear tógáil lasmuigh den láithreán, chun tithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán a sholáthar go tapa agus ar scála. Ba chóir slabhraí soláthair áitiúla agus saothair a úsáid chun tairbhe an phobail a mhéadú.

- A chinntiú go dtairgtear aon tailte stáit atá le díol, cibé acu faoi úinéireacht údaráis áitiúil, roinn rialtais, gníomhaireacht leath-stáit tráchtála nó neamhthráchtála nó aon ghníomhaireacht eile é, go dtairgtear iad go huathoibríoch ar dtús don LDA.

- A chinntiú go bhfuil an stoc cíosa tithíochta poiblí ar thailte poiblí faoi smacht na n-údarás áitiúil, na gComhlachtaí Tithíochta Formheasta, nó comhlachtaí eile dá leithéid.

Lochtanna

Déanfaimid:

- Ceist na tithíochta lochtaí a scrúdú sa chéad dá mhí dhéag, i dtaca le moltaí ó thuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais um Thithíocht, 'Safe as Houses'.
- Athchóiriú dlí a thabhairt ar aghaidh chun leigheasanna dlí d'úinéirí tí atá ag déileáil le lochtanna a fheabhsú.
- A chinntiú go ndéantar an ciste feabhais do Phirít agus Mica a tharraingt anuas go hiomlán.
- Cuidiú le húinéirí réadmhaoine folaigh lochtanna, trí roghanna a shainaithint dóibh siúd a mbíonn lochtanna orthu, rochtain a fháil ar mhaoiniú fadtéarmach ar chostas íseal.

Cuideachtaí Bainistíochta

Déanfaimid athbhreithniú ar an reachtaíocht atá ann cheana maidir le cuideachtaí bainistíochta, lena chinntiú go bhfuil sí oiriúnach don fheidhm agus go ngníomhóidh sí chun leas na gcónaitheoirí.

Pleanáil agus Athchóiriú

Déanfaimid:

- An coinníoll 'bain úsáid as nó caill é' a thabhairt isteach le haghaidh gach iarratas pleanála de 10 n-aonad nó níos mó.
- An próiseas athbhreithnithe bhreithiúnaigh a athbhreithniú agus a athchóiriú, ionas go tiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm ar bhunú na Cúirte Dlí Comhshaoil agus Pleanála, agus cloí i gcónaí le hoibleagáidí dlí an AE faoi Choinbhinsiún Aarhus.
- Cruthú Rialtóra neamhspleách um Chaighdeáin Foirgníochta a scrúdú chun maoirseacht a dhéanamh ar rialú foirgneamh ar fud na tíre agus chun gníomhú mar chaomhnóir an Chórais Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta, lena n-áirítear an Comhlacht Comhairleach Rialála Foirgníochta a athbhunú.
- Scéim nua a thabhairt isteach chun leathnú agus tógáil ar Thionscnamh na gCathracha Maireachtála chun forbairt inlíonta a spreagadh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leas an phobail a mhéadú trí athbhreithniú ar an bpróiseas tobhaigh forbartha, córais athchriosaithe, agus coinníollacha cead pleanála.
- A chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an Rialtóir Pleanála agus go dtéann sé i dteagmháil go réamhghníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir sa chóras pleanála, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus cuidiú chun cur le pleananna forbartha áitiúla agus réigiúnacha.
- A chinntiú go gcloíonn ábhair agus caighdeáin tógála le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, cuspóirí Bheart Glas an AE agus ár spriocanna astaíochtaí.
- Dul i mbun oibre lena chinntiú go bhfuil raon roghanna ag ár ndaonra atá ag dul in aois chun maireachtáil go neamhspleách agus go bhfuil na roghanna eile, seachas cúram cónaithe fadtéarmach chun tacú le haosú, ag teacht leis an ráiteas beartais 'Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe'.
- An iomarca de chineálacha áirithe tithíochta i gceantair a sheachaint, trína cheangal ar údaráis áitiúla Measúnuithe ar Riachtanas Tithíochta agus Éileamh a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi sholáthar meascán iomchuí de thíopeolaíochtaí tithíochta chun freastal ar riachtanais chineálacha agus méideanna difriúla teaghlaigh.
- Dlíthe an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) a athchóiriú agus a chomhdhlúthú.
- Feabhas a chur ar na scileanna agus an acmhainn in earnáil na tógála, trí áiteanna oiliúna do phrintísigh a mhéadú, athbhreithniú a dhéanamh ar an múnla maoinithe, agus trí thionscnaimh phrintíseachta roinnte a leathnú.
- Forfheidhmiú an Tobhaigh Láithreáin Fholamha a neartú agus an reachtaíocht a athbhreithniú.
- Dul i mbun oibre chun táirgiúlacht in earnáil na tógála a fheabhsú, lena n-áirítear modhanna nua-aimseartha tógála a úsáid. Beidh an obair seo faoi threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- A chinntiú go bhfuil Maoiniú Tógála Thithíocht Éireann ag maoiniú tógálaithe SME i gcónaí agus cabhrú chun an costas airgeadais tógála a ísliú.

- Gan Forbairtí Tithíochta Straitéiseacha a leathnú níos faide ná a ndul in éag reachtach i gceann 18 mí.

- Bealaí a scrúdú chun a chinntiú gur féidir stoc foirgneamh neamhúsáidte nó tearcúsáidte i gcathracha agus in ionaid uirbeacha eile a chur ar fáil le haghaidh tithíochta uasghrádaithe agus inbhuanaithe, agus bearta 'Live Above the Shop' a fhorbairt tuilleadh.

An Coimisiún um Thithíocht

Chomh maith leis na bearta maidir le tithíocht atá leagtha amach thuas, bunóidh an Rialtas Coimisiún um Thithíocht chun saincheisteanna cosúil le tionacht, caighdeáin, inbhuanaitheacht agus saincheisteanna maidir le cáilíocht na beatha i soláthar tithíochta a scrúdú.

Clár An Rialtas –
Ár dTodhchaí le Chéile

Forbairt Réigiúnach ar bhonn Cothrom

- **Forbairt Réigiúnach**
- **Talmhaíocht agus Bia**
- **Cúrsaí Muirí**
- **Leathanbhanda**

Misean: Forbairt Réigiúnach ar bhonn Cothrom

Ní cuspóir ann féin atá san fhás geilleagrach ach ina ionad sin is bealach é chun saol cuibhiúil a chur ar fáil do gach saoránach. Ní foláir go mbainfí leas as na buntáistí a bhaineann le rath i ngach cuid den tír agus níor chóir rath a bheith teoranta do chuid amháin den tír. Baineann an luach buanseasmhach a chuirimid ar an bpobal agus ar mhórtas dúiche atá fréamhaithe go domhain le hómós áite atá Éireannach go smior. Beidh sé ina sprioc lárnach inár mbeartas eacnamaíochta a chur ar chumas gach cuid den tír, idir cheantair thuaithe agus cheantair uirbeacha, fás agus dul chun cinn a dhéanamh.

Tá ról ríthábhachtach ag an Stát i ndáil le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom a bhaint amach trína ndéanfar leas don tír ar fad. Déanfaidh an Rialtas seo infheistíocht i mbonneagar barrthábhachtach ina ndéanfar éascaíocht ar dheiseanna oibre nua agus ina gcothófar fiontair i gceantair thuaithe in Éirinn. Tacóimid le cláir ríthábhachtacha maidir le forbairt tuaithe agus cinnteoimid go mbeidh ról gníomhach ag an stát maidir le suíomhanna nua a oscailt do chomhlachtaí stáit lasmuigh den phríomhchathair. Is í talmhaíocht croílár shaol na tuaithe agus tacófar léi go gníomhach chun praghas cothrom a fháil d'fheirmeoirí agus chun aistriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe.

Tá fís againn maidir le hÉirinn a bheith bríomhar, cuimsitheach agus faoi bhláth agus í bheith ina tír nach bhfágtar duine ar bith ar chúl. Agus an geilleagar ag téarnamh ó COVID-19, achtóidh an Rialtas beartas chun an geilleagar a athbheochan agus a athbhútáil inár gcathracha, bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe. Tá an Rialtas dúthrachtach faoi chomhionannas deiseanna a chinntiú dár saoránaigh ar fad, is cuma faoin áit ina maireann siad.

Déanfaimid:

- A chinntiú go mbeidh beartas agus pleanáil sa Rialtas ar fad maidir le seirbhísí agus bonneagar a chur ar fáil amach anseo ag teacht go hiomlán leis an *gCreat Náisiúnta Pleanála* d'fhonn forbairt chothrom agus inbhuanaithe a chinntiú in Éirinn sa chéad 20 bliain eile.

  Cathair Chorcaí, Cathair Phort Láirge, Cathair Luimnigh agus Cathair na Gaillimhe a fhorbairt mar roghanna malartacha ar Bhaile Átha Cliath, agus leas a bhaint as *Tionscadal Éireann 2040* chun cuidiú le bailte réigiúnacha dul chun cinn a dhéanamh.
- Leanúint de *Tionscadal Éireann 2040* agus leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.
- Cur chuige eolach agus réamhghníomhach a chur chun cinn maidir le rannpháirtíocht sa chóras pleanála. Tabharfaimid ról rannpháirteach do phobail ag céim luath agus is é leas an phobail an coincheap a spreagfaimid. Beidh ról ag Oifig nua an Rialaitheora Pleanála i ndáil leis sin.
- Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le talmhaíocht, iascaigh, turasóireacht agus earnálacha eile trína dtacaítear le forbairt agus fostaíocht réigiúnach ar bhonn cothrom.

Forbairt Tuaithe

Creidimid gur chóir gníomhartha forchéimnitheacha a dhéanamh chun tacú le slite beatha agus an timpeallacht tuaithe a fheabhsú. Cinnteoimid go mbeidh bailte agus sráidbhailte réigiúnacha ina moill d'fhorbairt inbhuanaithe ina ndéanfar freastal ar chúlchríocha faoi bhláth.

Déanfaimid:

- Beartas Tuaithe nua a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm chun forbairt a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe d'fhonn téarnamh agus forbairt na tuaithe a chur chun cinn i ndiaidh ghéarchéim COVID-19.

- Sraith rialta d'Fhóraim Smaointe Tuaithe a thionscnamh chun ionchuir leanúnacha ó phobail a chothú d'fhonn eolas a dhéanamh d'fhorbairt agus nuálaíocht i mbeartas i leith na tuaithe.
- Infheistíocht i mbonneagar, lena n-áirítear bonneagar leathanbhanda agus dramhaíola agus fuíolluisce chun tacú le bailte agus sráidbhailte tuaithe a forbairt.
    - Tosaíocht a thabhairt do pháirceanna, spásanna glasa, agus bonneagar áineasa eile a chothabháil agus a mhéadú do phobail chun leas a bhaint astu agus chun bithéagsúlacht a fheabhsú.
    - Trí phróiseas comhairleach, tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail, comhlachtaí ealaíon agus cultúir, clubanna spóirt, eagraíochtaí deonacha agus carthanachtaí teacht ar ais chucu féin agus cur lena n-éifeacht i ndiaidh COVID-19.

Clár Forbartha Tuaithe LEADER

Tacóimid le Clár LEADER agus cuirfimid Clár Forbartha Tuaithe ar fáil atá faoi stiúir Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta neamhspleácha agus á thacú ag Coistí Forbartha Tuaithe Áitiúla.

Déanfaimid:

- Tosaíocht a thabhairt do Chlár Forbartha Tuaithe faoi stiúir an stáit chun an bhearna idir deireadh a chur leis an gClár reatha LEADER agus an clár nua a chur i bhfeidhm a líonadh.
- Maorlathas a shimpliú agus a laghdú agus ról na nGrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (LAGanna) a chur chun cinn, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil meicníochtaí láidre i bhfeidhm maidir le cuntasacht agus trédhearcacht d'fhonn airgead cáiníocóirí a chosaint.
- Tosaíocht a thabhairt do thacaíocht rialtais náisiúnta agus áitiúil chun tabhairt faoi dheiseanna maoinithe breise ón AE trí Fhorbairt Áitiúil faoi stiúir an Phobail (CLLD).
- Iarratas a dhéanamh chuig an AE chun díolúine a fháil i rialacha maidir leis an Státchabhair ina gcuirtear srianta le hacmhainn Clár LEADER cúnamh a thabhairt do phobail agus gnónna beaga, go háirithe i gcomhthéacs COVID-19.
- Srianta ar mhaoiniú caipitil i leith leathanbhanda faoi Chlár LEADER a athbhreithniú.
- An Ráta Cabhrach atá ar fáil d'fhiontar príobháideach trí LEADER a mhéadú ó 50% go 75% i leith tionscadail chaipitil.

Leathanbhanda Ardluais agus Cianobair

Tá teacht a bheith ag daoine ar fud na tíre ar idirlín ardchaighdeáin ríthábhachtach chun gach cuid den tír a fhorbairt ó thaobh na sochaí agus an gheilleagair de. Tá sé bunriachtanach éascaíocht a dhéanamh ar chianobair agus ar dheiseanna nuálaíochta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, dul in oiriúint do gheilleagair atá ag athrú, agus dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta.

Déanfaimid iarracht:

- Dlús a chur leis an b*Plean Náisiúnta Leathanbhanda a leathadh amach.*
- Oibriú le húdaráis áitiúla chun grúpaí ainmnithe a bhunú chun éascaíocht a dhéanamh ar bhonneagar a leathadh amach go háitiúil.
- Foghlaim ó thionscnaimh ar nós Ionad Ludgate sa Sciobairín chun go mbeidh comhoibriú níos mó idir an earnáil phríobháideach/phoiblí maidir le moil dhigiteacha agus saoráidí cliste oibre a fhorbairt.
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt d'obair an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda.
- Tacaíocht a thabhairt do Phointí Nasctha Leathanbhanda a fhorbairt ar fud na tíre mar aon le moil dhigiteacha trínar féidir tacú le cianobair in an oiread Pointí Nasctha Leathanbhanda agus is féidir.
- Soláthar maidir le nascacht idirlín saor-le-húsáid a mhéadú i gceantair thuaithe trí Phointí Nasctha Leathanbhanda, líonraí poiblí Wi-Fi WiFi4EU agus an Clár um Nuálaíocht Dhigiteach a leathadh amach.
- Beartas náisiúnta a fhorbairt maidir le cianobair chun éascaíocht a dhéanamh ar fhostaithe atá ag obair sa bhaile nó i spásanna oibre comhionaid i gceantair thuaithe, agus chun tacú le daoine óga oilte a choinneáil i bpobail thuaithe.
- Údarás a thabhairt d'fhostóirí san earnáil phoiblí, do choláistí agus do chomhlachtaí poiblí eile aistriú chuig 20% d'obair a bheith ina obair sa bhaile nó ina cianobair sa bhliain 2021.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na buanna a bhaineann le socruithe cánach a athrú chun níos mó daoine a spreagadh le cianobair a dhéanamh agus iniúchadh a dhéanamh ar chomh indéanta is atá sé é sin a chur i gcrích.

Forbairt Réigiúnach ar bhonn Cothrom

Aithnímid go bhfuil tábhacht mhór ag baint le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom maidir le brú a laghdú i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá a fhios againn go laghdófar brúnna ar an gcomhshaol agus go gcoinneofar beocht i lárionaid uirbeacha níos lú mar thoradh ar fhorbairt réigiúnach ar bhonn cothrom.

Déanfaimid:

- Cur chuige ciallmhar beartais a leanúint i ndáil leis na riachtanais fiontraíochta atá ag gach cuid den tír tríd an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach le haghaidh Post.

- Aitheantas a thabhairt don tábhacht agus don ról leanúnach atá ag tionóil réigiúnacha maidir le cláir maoinithe ón AE a bhainistiú.
- Nuair is féidir, tosaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí, ranna agus fiontair nua stáit a lonnú i mbailte agus cathracha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
- Cúnamh a thabhairt do gheilleagair thuaithe éagsúlú a dhéanamh maidir le hearnálacha agus margaí nua agus deiseanna nua poist a chaipitliú trí leas a bhaint as leathanbhanda ardluais agus teicneolaíochtaí nua.
- Leanúint de mhúnla na hOllscoile Teicneolaíochta a leathadh amach agus béim faoi leith a leagan ar an Ollscoil Teicneolaíochta a bhunú san Oirdheisceart.
- Printíseachtaí nua a fhorbairt in earnálacha ina bhfuil lorg réigiúnach.

Na hOileáin

Foilseoimid Plean Gníomhaíochta na nOileán i mbliana ionas gur féidir linn gníomhú maidir le nascacht, naisc iompair, oideachas, cruthú fostaíochta agus leas iomlán a bhaint as acmhainn na turasóireachta ar na hoileáin.

Nascacht agus Iompar i gCeantair Thuaithe in Éirinn a fheabhsú

Déanfaimid:

- Seirbhís Local Link a chomhcheangal tuilleadh le seirbhísí iompair eile atá ann (e.g. An tÚdarás Náisiúnta Iompair) agus forbairt a dhéanamh ar mhúnlaí eiseamláire d'iompar tuaithe comhcheangailte, nascacht agus rochtain a fheabhsú d'áitritheoirí tuaithe maidir le hobair, staidéar, gníomhaíochtaí sóisialta, agus seirbhísí sóisialta agus spleáchas ar chairr a laghdú ag an am céanna.
- Infheistíocht leordhóthanach sa líonra áitiúil agus réigiúnach a chinntiú d'fhonn caighdeán cuí bóithre a choinneáil, dul i ngleic le dúshláin maidir le sábháilteacht ar bhóithre, agus inrochtaineacht réigiúnach a fheabhsú.
- Scéim Ceantair Áitiúil Hacnaí fóirdheonaithe a fhorbairt, bunaithe ar eolas ón scéim píolótach, in 15 ceantair tuaithe ainmnithe in Éirinn atá ró-bheag nó ró-iargúlta chun tacú le seirbhís tacsaí nó hacnaí lánaimseartha.
- A chinntiú go ndéanfar an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil a mhaoiniú amach anseo.

Daoine Óga agus Ceantair Thuaithe in Éirinn

Déanfaimid:

- Tionóil Óige na Tuaithe a bhunú mar chuid de Thionóil Náisiúnta na hÓige chun chur ar chumas daoine óga i gceantair thuaithe in Éirinn saincheisteanna beartais a dhéanann difear dóibh agus dá dtodhchaí a aithint agus tionchar a imirt orthu.
- Iarracht a dhéanamh maoiniú a mhéadú do líonra náisiúnta Chomhairle na nÓg.
- Daoine óga a spreagadh le páirt a ghlacadh i dtionscnaimh forbartha pobail trí ghradaim ar leith do rannpháirtíocht faoi stiúir daoine óga, e.g. Gradam Óige na mBailte Slachtmhara.
- Líonra de Bhothán na nDéagóirí a bhunú ar aon dul le Bothán na bhFear.
- Taighde a choimisiúnú ar thorthaí maidir le leanaí agus daoine óga i gceantair thuaithe in Éirinn trí úsáid a bhaint as *Ag fás aníos in Éirinn*ó ESRI.
- Tacaíocht a thabhairt d'obair na Nuálaithe Sóisialta Óga chun cuidiú le daoine óga freagra a thabhairt ar an bpaindéim COVID-19 in Éirinn agus ar na hiarmhairtí a bhaineann léi chun dul i ngleic le fadhbanna atá roimh a bpobail agus roimh an tír ar fad, agus chun leas a bhaint as a bhfuinneamh, scileanna agus buanna.
- Rochtain ar chláir nuálaíochta a chur ar fáil do gach iar-bhunscoil.

An Post

Trí líonra oifig phoist nuachóirithe, cuirfear réimse níos fearr seirbhísí airgeadais agus ríomhthráchtála ar fáil do shaoránaigh agus d'fhiontar mar chuid dár tiomantas do líonra oifig phoist náisiúnta atá inbhuanaithe.

Cé go raibh dúshláin shuntasacha roimh An Post maidir le laghdú suntasach a theacht i méid an phoist, tá plean

straitéiseach curtha i bhfeidhm aici chun an cuideachta a athrú ó bhonn. Mar thoradh air sin, ghnóthaigh An Post brabús oibriúchán níos mó ná €41m sa bhliain 2019 agus an bhliain sin ar an tríú bliain as a chéile ina raibh feabhas suntasach ar chúrsaí airgeadais agus deireadh curtha ag an ngrúpa lena staid neamhbhrabúsach in 2016.

Creideann an Rialtas seo go bhfuil acmhainn ag An Post nach bhfuil leas bainte aisti fós chun tuilleadh a dhéanamh agus cuidiú breise nach beag a thabhairt in go leor réimsí den saol poiblí, gnó agus pobail in Éirinn. Agus sainordú aici atá ag athrú, d'fhéadfadh An Post teacht chun cinn mar mhol lárnach le haghaidh réimse leathan seirbhísí luachmhara atá dírithe ar an bpobal.

Talmhaíocht agus Bia

Is í an earnáil agraibhia an tionscal dúchasach is tábhachtaí atá againn ina gcuirtear 173,00 post ar fáil agus a mbaineann 10% d'onnmhairí na tíre léi. Mar Rialtas, táimid lántiomanta tacú le feirmeoirí agus le gnónna bia atá mar bhonn faoi bheocht sráidbhailte agus bailte tuaithe ar fud na tíre. Bhí roinnt blianta deacra ag an earnáil go dtí seo ina ndeachthas i ngleic le go leor dúshlán ar nós Brexit, COVID-19, Comhbheartas Talmhaíochta nua (CAP), cur isteach mór ar an margadh mairteola agus eachtraí adhaimsire.

Tá a fhios againn go bhfuil teaghlaigh feirme agus gnónna bia mar chroí na tuaithe in Éirinn. Dá bharr sin, oibreoimid leis an earnáil chun ioncaim feirme a fheabhsú agus an fheirm theaghlaigh a chosaint do na glúnta amach anseo.Cuirfimid nuálaíocht agus feabhsuithe chun cinn i ndáil le bainistíocht talún chun astaíochtaí a laghdú agus cáil ghlas na hÉireann a fhorbairt tuilleadh maidir le táirgí ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a tháirgeadh ag an gcostas is lú don chomhshaol. Trí sin, cinnteofar dearcadh dearfach agus bríomhar maidir leis ar an earnáil agraibhia san fhadtréimhse.

Leagaimid amach anseo an réimse tionscnamh agus beart, cur chuige agus straitéisí ina léirítear an cur chuige i ndáil le feirmeoireacht agus úsáid talún le linn shaolré an Rialtais.

An Comhbheartas Talmhaíochta (CAP)

Beidh idirbheartaíocht maidir leis an gcéad CAP eile ríthábhachtach don chéad deich mbliana feirmeoireachta eile. Is í an tosaíocht idirbheartaíochta is mó atá againn an buiséad CAP a choinneáil. Táimid sásta ranníocaíocht níos mó a dhéanamh maidir le buiséad foriomlán an AE má chaitear an ranníocaíocht sin ar bhearta trína gcuirtear an t-idéal Eorpach chun cinn. Maidir le CAP, ní mór leanúint d'ardchaighdeáin a bhaint amach i ndáil le táirgeadh bia, slándáil bhia, ioncam feirme, feabhais i leas ainmhithe agus torthaí níos fearr don chomhshaol. Tá an-tábhacht ag baint leis maidir leis an todhchaí d'fheirmeacha teaghlaigh, ioncaim fheirme agus inbhuanaitheacht gheilleagrach agus chomhshaoil san fhadtréimhse.

Déanfaimid:

- Idirthréimhse dhea-mhaoinithe CAP agus CAP nua a bhunú d'fhonn leibhéil infheistíochta i ngeilleagar na tuaithe a choinneáil agus íocaíochtaí díreacha a chosaint.
- Leasuithe a dhéanamh ar an CAP chun cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí as carbón a cheapadh, bithéagsúlacht a thabhairt ar ais, caighdeán an uisce agus an aeir a fheabhsú, fuinnimh glan a tháirgeadh agus scéimeanna a fhorbairt ina dtacaítear le torthaí atá bunaithe ar thorthaí.
- Úsáid a bhaint as maoiniú CAP agus saineolas gníomhaireachtaí stáit chun bealaí chun margaidh níos brabúsaí a fhorbairt d'fheirmeoirí.
- Leanúint de thacú le feirmeoirí cleachtais a chur san áireamh atá tairbheach don chomhshaol, a bhfuil lorg carbóin níos ísle ag baint leo agus trína ndéantar acmhainní nádúrtha a úsáid agus a chosaint ar bhealach níos fearr.
- Tacaíocht a thabhairt do na hearnálacha mairteola, déiríochta, caorach, muc, éineola, curaíochta agus gairneoireachta i gcomhthéacs an chéad CAP eile trí infheistíocht fheirme, grúpaí táirgí a fhorbairt, bearta maidir le leas ainmhithe agus uirlisí margaíochta ar nós an stádas um Thásc Cosanta Geografach (PGI).
- Uasteorainn nua a thabhairt isteach maidir le híocaíochtaí bunúsacha i gcomhréir leis an toradh a bheidh ar idirbheartaíocht maidir le CAP.
- Labhairt ar son córas cothrom coinníollacha a bheith ann i leith cáilíocht faoi athchóiriú na rialacha um Dhea-bhail Talmhaíochta agus Comhshaoil ina n-aithnítear nár cheart pionós éagothrom a ghearradh ar fheirmeoirí mar gheall ar thalamh a choimeád a chuireann le prionsabail bithéagsúlachta.
- Infheistíocht a dhéanamh faoin gcéad CAP eile i mbearta feabhsaithe maidir le sábháilteacht agus folláine ar fheirmeacha.

Ioncaim Fheirmeacha agus Tacaíochtaí Earnála a Chosaint

In Airteagal 39b de Choradh Liospóin, tagraítear d'ioncaim feirmeacha a fheabhsú d'fhonn *'caighdeán cothrom*

maireachtála a chinntiú don phobal talmhaíochta, go háirithe trí thuilleamh aonair na ndaoine atá i mbun talmhaíochta a mhéadú. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an t-airteagal seo ina fhís threorach agus ina chuspóir uilechuimsitheach sa chéad CAP eile.

Déanfaimid:

- Ioncaim agus slite beatha ar fheirmeacha teaghlaigh a chosaint agus a fheabhsú mar phríomhchuspóir ag an Rialtas tráth a nglactar leis an misean san earnáil talmhaíochta cuspóirí maidir le hathrú aeráide agus bithéagsúlacht a chomhlíonadh agus ag an am céanna, forbairt a dhéanamh ar an méid atá bainte amach san earnáil le bheith ina táirgeoir bia ardchaighdeáin den chéad scoth.
- Forbairt a dhéanamh ar scéimeanna ar nós Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha, an Clár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola, An Clár Mairteola um Éifeachtúlacht Chomhshaoil (Laonna Diúil), an Scéim Aistrithe Eolais agus Scéim Leasa na gCaorach ar bhealach ina gcuirtear le hioncaim fheirme agus ag an am céanna, cur le cuspóirí maidir le hathrú aeráide, bithéagsúlacht, agus leas ainmhithe, agus aitheantas a thabhairt don chion tairbhe a bhaineann leo maidir le glanioncaim feirmeacha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chúinsí a dtugtar neamhaird orthu i ndáil le Cúnamh Feirme d'fhonn cúiteamh níos fearr a thabhairt d'fheirmeoirí a bhaineann leas as an Scéim mar chuid dá bhfiontar. Is tacaíochtaí tábhachtacha iad bearta ar nós Cúnamh Feirme agus an Scéim Shóisialta Tuaithe d'fheirmeoirí atá ar ioncam íseal.

Mairteoil

Táimid lántiomanta do thodhchaí na hearnála mairteola agus don obair a dhéanann an Tascfhórsa Margaidh Mairteola. Aithnímid go raibh deacrachtaí móra agus dúshláin ag feirmeoirí mairteola maidir le hioncam íseal le tamall anuas.

Déanfaimid:

- A chinntiú go ndéanann an Tascfhórsa Margaidh Mairteola an comhaontú a baineadh amach le páirtithe leasmhara in earnáil na mairteola a chur i bhfeidhm.
- Trédhearcacht, comhoibriú agus cothroime níos fearr a chinntiú in earnáil na mairteola sa slabhra soláthair ar fad – ón bhfeirm go dtí an bord.
- A chinntiú go n-aithneofar na dúshláin a raibh feirmeoirí ag tabhairt aghaidh orthu sa chéad CAP eile agus a chinntiú go gcuirfear tacaíocht ar fáil ina leith sin.
- Spreagadh a thabhairt maidir le níos mó eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú in earnáil na mairteola chun deis a chur ar fáil d'fheirmeoirí láidreacht sa mhargadh a fhorbairt.
- Oibriú ag leibhéal an AE chun Tásc Cosanta Geografach (PGI) a fhorbairt maidir le mairteoil na hÉireann.
- Maoiniú a chur in ord tosaíochta chun mairteoil a chur chun cinn i margaí barrthábhachtacha trí Bord Bia.
- Aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach agus ar leith atá ag earnáil na laonna diúil san earnáil mairteola agus gealltanas a thabhairt maidir le tacaíochtaí a fhorbairt trína n-aithnítear an ról tábhachtach sin.

Déiríocht

Déanfaimid:

- Infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i bhforbairt na hearnála déiríochta amach anseo, ag díriú ar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht níos fearr.
- Oibriú le feirmeoirí déiríochta agus le páirtithe leasmhara eile tríd an bhFóram Déiríochta chun dúshláin atá ag teacht chun cinn a bhreithniú agus leanúint de dhíriú ar mhargaí nua a fhorbairt.
- Infheistíocht i mbonneagar fuinnimh in-athnuaite ar fheirmeacha a spreagadh d'fhonn costais fuinnimh a laghdú.
- Bearta cánach breise a bhreithniú chun fadhbanna athraitheacha a bhainistiú ar nós luaineacht sa mhargadh.
- Oibriú le feirmeoirí chun inmharthanacht na gcóras lao déiríochta go mairteoil a fheabhsú.
- Tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí atá ag iarraidh luach a chur lena mbainne trí é a phróiseáil ar an bhfeirm.

Caoraigh

Déanfaimid:

- Ár dtiomantas d'ioncaim feirme in earnáil na gcaorach a choinneáil a léiriú trí thacaíocht a thabhairt d'earnáil na gcaorach faoin gcéad CAP eile agus aitheantas a thabhairt don ról barrthábhachtach atá ag an earnáil maidir le bia a tháirgeadh.
- Deiseanna onnmhairithe breise a chur ar fáil d'earnáil na gcaorach.

- Leasanna na hearnála a chosaint in idirbheartaíochtaí trádála.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar tháirgí olla i margaí intíre agus idirnáisiúnta ar nós insliú agus leasacháin.

Muca

Déanfaimid:

- Tacaíocht a thabhairt d'fheirmeacha muc trí infheistíocht ar an bhfeirm faoin gcéad CAP eile ina ndíreofar ar éifeachtúlacht fuinnimh, bithshlándáil agus leas ainmhithe.
- Oibriú le páirtithe leasmhara in earnáil na muc maidir le margaí nua a oscailt.
- Díriú ar shláinte ainmhithe san earnáil agus bagairtí atá ag teacht chun cinn ar nós Fiabhras Afracach na Muc a chosc.

Éanlaithe

Tacóimid le tuilleadh infheistíochta san earnáil éanlaithe trí feabhsúcháin bhreise a chur ar fáil sna réimsí maidir le leas, bithshlándáil agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Curaíocht

Déanfaimid:

- Oibriú le feirmeoirí curaíochta i gcomhthéacs an CAP agus chun an straitéis leanúnach a fhorbairt do *Foodwise 2025* agus chun fás a fhorbairt san earnáil.
- Díriú go mór ar an oiread leasa agus is féidir a bhaint as deiseanna a d'fheadfadh a bheith ar fáil san earnáil orgánach, ar ghráin ardchaighdeáin na hÉireann a sholáthar do thionscadal bia agus deochanna atá ag méadú, agus ar dheiseanna do phróitéin a fhástar sa tír seo i mbianna ainmhithe.
- Oibriú chun glacadh ag leibhéal na feirme le moltaí ó Theagasc a mhéadú i leith modhanna saothraithe aeráidchliste.

Gairneoireacht

Déanfaimid:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ar fáil d'earnáil na gairneoireachta agus forbairt agus fás níos mó a spreagadh san earnáil seo a sholáthraíonn don mhargadh intíre agus idirnáisiúnta araon.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí gairneoireachta na hÉireann a chur chun cinn agus cur leis an infheistíocht chaipitiúil atá ar fáil do tháirgeoirí gairneoireachta.

Barra Snáithín

Déanfaimid iniúchadh iomlán ar an gcumas maidir le barra snáithín ar nós cnáib a fhás, agus a chur san áireamh cibé an bhfuil margadh inmharthana ag na táirgí seo nó nach bhfuil.

Feirmeoirí Óga

Ní mór dúinn feirmeoireacht na tíre seo, a leanann ó ghlúin go glúin, a chothú agus a chosaint, agus ag an am céanna, deiseanna a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus do tháirgeoirí teacht isteach san earnáil ar bhealach atá inmharthana ó thaobh airgid de.

Déanfaimid:

- Tuilleadh infheistíochta a dhéanamh faoin CAP nua sa chéad ghlúin eile d'fheirmeoirí agus athrú glúine agus soghluaisteacht talún chuig feirmeoirí óga a bhfuil oideachas agus oiliúint orthu a spreagadh.
- Leanúint de thosaíocht a thabhairt do rochtain a bheith ag feirmeoirí óga oilte ar theidlíochtaí faoin gCúlchiste Náisiúnta.
- A chinntiú go leagtar béim níos mó ar oideachas trí na coláistí talmhaíochta i réimsí na hinbhuanaitheachta, agra-éiceolaíochta, gníomhú ar son na haeráide, agus bithéagsúlacht agus an nasc atá acu sin le húsáid talún, sláinte ithreach agus talmhaíocht.
    - An bealach inar thug tíortha eile tacaíocht agus spreagadh d'fheirmeoirí óga san earnáil a scrúdú.
    - An fhadhb maidir le tacaíocht a thabhairt do chatagóir feirmeoirí ar a dtugtar 'Feirmeoirí ligthe i ndearmad' a réiteach faoin gcéad CAP eile.

Beartas maidir le hAgraibhia

Aithnímid go mbeidh an CAP nua, an straitéis Feirm go dtí an Bord agus straitéisí bithéagsúlachta ón AE, mar aon le treo an bheartais agraibhia ag leibhéal náisiúnta amach anseo, ina ngnéithe lárnacha maidir le freagra straitéiseach ciallmhar a thabhairt ar COVID-19 agus Brexit agus maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach.

Ní mór tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do tháirgeoirí tosaigh maidir leis na straitéisí sin a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh cothrom na Féinne i gceist sa slabhra soláthair ar fad, ón táirgeoir tosaigh go dtí an tomhaltóir

Déanfaimid:

- Na straitéisí sin a chur i bhfeidhm, lena chinntiú go gcuirfear le hiomaíochas agus inmharthanacht na gcóras táirgthe bia agus go bhfeabhsófar iad, agus

tairbhí comhshaoil agus bithéagsúlachta don gheilleagar agus don tsochaí a mhéadú ag an am céanna.

- Straitéis leanúnach i ndáil le *Foodwise 2025*, a fhoilsiú laistigh de shé mhí ar an rialtas a chur ar bun chun treoirphlean uaillmhianach a chur ar fáil don tionscal do na blianta atá amach romhainn agus luach a chur leis an earnáil agraibhia ar bhonn inbhuanaithe don todhchaí, mar aon le tacaíocht a thabhairt d'fheirmeacha teaghlaigh agus fostaíocht i gceantair thuaithe in Éirinn.
- A chinntiú, chomh maith le margaí idirnáisiúnta ag méadú agus onnmhairiú breisluacha a bheith ina bpríomhthosaíocht, go leagfar béim i straitéis leanúnach *Foodwise 2025* ar chosaint an chomhshaoil, meathlú bithéagsúlachta a chur ina cheart arís agus deiseanna eile margaidh a fhorbairt do tháirgeoirí tosaigh níos gaire don bhaile.
- Cothroime, cóir agus trédhearcacht a chinntiú sa slabhra bia trí údarás nua a bhunú dar teideal an tOmbudsman Náisiúnta Bia (NFO) chun an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála a fhorfheidhmiú. Déanfaidh an t-údarás seo rialacha a fhorfheidhmiú ar fud an AE maidir le cleachtais thrádála éagóracha atá toirmiscthe sa slabhra soláthair bia agus beidh cumhachtaí aige an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus pionós a ghearradh orthu sin a sháraíonn na rialacháin. Beidh ról ar leith ag an NFO maidir le hanailís a dhéanamh ar shonraí i dtaobh praghsanna agus i dtaobh an mhargaidh in Éirinn agus tuairisciú a dhéanamh ar na sonraí sin.
- Na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil do tháirgeoirí tosaigh agus don earnáil agraibhia chun freagra a thabhairt ar an gcur isteach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an margadh mar gheall ar COVID-19 agus Brexit.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ról, struchtúir agus fócas straitéiseach na ngníomhaireachtaí stáit san earnáil bia, lena chinntiú go bhfuil a gclár oibre ag teacht go hiomlán le beartas an rialtais amach anseo agus le beartas ón AE atá ag teacht chun cinn.
- Painéal Athbhreithnithe um Achomhairc Talmhaíochta nua a bhunú mar thosaíocht sa reachtaíocht agus a chinntiú go bhfuil rannpháirtithe ar an bpainéal a bhfuil eolas agus taithí phraiticiúil acu ar fheirmeoireacht.

Éagsúlú agus Trádáil le Margaí Idirnáisiúnta

Toisc gur geilleagar beag oscailte í Éire a onnmhairíonn táirgí bia agus dí chuig breis agus 180 tír ar bhonn idirnáisiúnta, aithnímid an tábhacht atá le margaí agus trádáil idirnáisiúnta.

Déanfaimid:

- Iarracht a dhéanamh margaí reatha a chosaint agus margaí nua a oscailt.
- Tacaíocht a thabhairt maidir le táirgí Éireannacha inbhuanaithe agus ardchaighdeáin a chur chun cinn i spriocmhargaí den scoth d'fhonn buntáiste iomaíoch a thabhairt d'fheirmeoirí na tíre.
- Leasanna na hÉireann a chosaint go láidir i margaí trádála idirnáisiúnta a d'fhéadfadh teacht chun cinn trí oibriú lenár gcomhghleacaithe sa Choimisiún Eorpach agus le hionadaithe i bParlaimint na hEorpa.
- Oibriú go dlúth leis an earnáil agraibhia chun rochtain a fháil ar mhargaí tosaíochta agus leas a bhaint as deiseanna a chuireann margaí reatha ar fáil don earnáil ar nós margaí na Síne agus na Seapáine.
- An caidreamh trádála is láidre a choinneáil leis an RA agus is féidir i ndiaidh Brexit; ach, cé go n-aithnítear go bhfuil éagsúlú margaidh riachtanach, leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don tionscal é sin a dhéanamh trí mhargaí nua a oscailt do tháirgí na hÉireann.
- Margaí den scoth agus inbhuanaithe a forbairt do tháirgeoirí na hÉireann.
- Measúnú geilleagrach agus inbhuanaitheachta a chur i gcrích maidir leis an gcomhaontú trádála ceannlíne EU/Mercosur chun eolas a dhéanamh d'aon ghníomhaíocht sa réimse seo amach anseo.
- An líon misean trádála ina bhfuil béim ar tháirgí Éireannacha den scoth a mhéadú agus leanúint de thacaíochtaí spriocdhírithe sa Roinn Talmhaíochta. Bia agus Mara, agus Bord Bia.

An Margadh Intíre/Slabhra Soláthair Áitiúil

Ní mór go leanfaí de bhéim a leagan ar onnmhairiú i ndáil le talmhaíocht na hÉireann. Mar sin féin, tá an Rialtas seo ag iarraidh béim níos mó a leagan ar réimsí níos éagsúla bia a tháirgeadh chun ár riachtanais intíre a bhaint amach. Ní mór cur leis an nasc idir bia agus pobail agus ní mór níos mó roghanna agus dreasachtaí a chur ar fáil d'fheirmeoirí atá ag iarradh an méid a tháirgeann siad a éagsúlú.

Déanfaimid:

- Bealaí chun margaidh a chur chun cinn atá gearr agus éifeachtach trína gceanglaítear táirgeoirí bia beaga leis an tomhaltóir agus tacaíocht chomhairleach, infheistíochta agus margaíochta a chur ar fáil dóibh sin atá ag iarraidh éagsúlú a dhéanamh i dtáirgí nua.
- Tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla a líon margaí feirmeoirí, siopaí feirme agus ollsiopaí bia a mhéadú; agus tacaíocht a thabhairt do mhargaí faoi úinéireacht an phobail a chur le chéile i ngach baile ina gcuirtear táirgí bia áitiúla ó fheirmeoirí, saothróirí agus táirgeoirí bia na háite os comhair an phobail.
- Oibriú le húdaráis áitiúla agus pobail áitiúla chun gairdíní pobail, cuibhrinn agus úlloird uirbeacha a fhorbairt.
- Scoileanna agus coláistí a spreagadh chun rochtain ar thalamh a chur ar fáil inar féidir le daltaí a gcuid bia féin a fhás.
- Tacú leis an táirgeoir bia beag trí thacaíocht a chur ar fáil d'fhiontair éagsúlaithe agus infheistíocht a dhéanamh i saoráidí próiseála áitiúla trína gcuirfear ar chumas feirmeoirí a gcuid táirgí a dhíol sna margaí áitiúla agus margaí intíre níos leithne.
- Scrúdú a dhéanamh ar mar a d'éirigh le tíortha eile margaí den scoth a fhorbairt ó tháirgí ó fheirmeacha teaghlaigh.
- Beartais soláthair bia áitiúla a thabhairt isteach don earnáil phoiblí d'fhonn spreagadh a thabhairt maidir le bia cothaitheach, áitiúil a chur ar fáil i réimsí na hearnála poiblí ar nós scoileanna, ospidéil, foirgnimh an rialtais agus príosúin.
- Leanúint leis an obair chun cur amú bia a íoslaghdú ar fud an gheilleagair agus oideachas maidir le bia a chur chun cinn sa churaclam scoile.

An Aeráid agus Bithéagsúlacht

Aithnímid go bhfuil feirmeoirí ar na príomhchaomhnóirí don chomhshaol tuaithe agus go bhfuil ról ríthábhachtach acu chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta. Oibreoimid le feirmeoirí chun athruithe a dhéanamh ar gach feirm ar bhealach praiticiúil chun deis a chur ar fáil dóibh leas a bhaint na gníomhartha i leith an chomhshaoil maidir le hioncam a ghiniúint trí roghanna úsáide talún eile.

Déanfaimid:

- Suirbhé bonnlíne bithéagsúlachta a chur i gcrích ar gach feirm chun eolas a dhéanamh do bheartas poiblí a fhorbairt amach anseo.
- Plean Náisiúnta um Pailneoirí nua a fhoilsiú chun comhlachtaí poiblí a spreagadh bithéagsúlacht a chur chun cinn agus a chosaint.
- An suirbhé náisiúnta um fhálta sceach a chur i gcrích.
- Athfhliuchadh ithreacha ar mhórán carbóin a dhreasú.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde san earnáil agraibhia, agus tús áite a thabhairt

  d'infheistíocht a dhéanamh i réimsí ar nós na haeráide agus an bhithgheilleagair. Cuirfimid Ráiteas Beartais Náisiúnta i bhfeidhm maidir leis an mBithgheilleagar chun deiseanna nua a chur ar fáil don earnáil agraibhia agus úsáid a bhaint as acmhainní bitheolaíocha ón talamh agus ón bhfarraige ar bhealach inbhuanaithe agus ciorclach.
- Deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag feirmeoirí ó dhíleá anaeróbach a iniúchadh agus a fhorbairt.
- 'Feirmeacha Cuaille Eolais' a fhorbairt chun taithí ar an bhfeirm a chur ar fáil maidir leis na leasanna a bhaineann le feirmeoireacht inbhuanaithe.
- Scéim maidir le 'Feirmeoireacht atá Tíosach ar Fhuinneamh' a bhunú lena n-áireofar rátáil éifeachtúlachta fuinnimh, tacaíocht oideachais agus fóirdheontais do roghanna maidir le fuinneamh in-athnuaite agus chun teicneolaíocht atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn le húsáid ar fheirmeacha.
- Cláir ar nós na Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (ASSAP) a mhéadú agus oibriú le feirmeoirí, tionscal agus seirbhísí comhairleacha chun feabhsuithe cearta i gcaighdeán an uisce a bhaint amach.
- Leanúint de chláir déiríochta agus cláir pórúcháin eallaí mairteola a fheabhsú.
- An plean maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a chur i bhfeidhm don earnáil agraibhia agus bia mara agus cuidiú leis na hearnálacha sin dul in oiriúint don chomhshaol athraithe.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as lotnaidicídí san earnáil agraibhia, agus an leibhéal sách íseal a úsáidtear in Éirinn a aithint ag an am céanna;

agus tacaíochtaí a chur ar fáil d'fheirmeoirí atá ag tabhairt faoi na cleachtais sin chun a spleáchas ar cheimiceáin dá leithéid a laghdú.

- Leanúint de Threoir ón AE maidir le hÚsáid Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.
- Reachtaíocht a rith chun ár lochanna san iarthar a ainmniú ina lochanna salmainide.

Scéim Suaitheanta Comhshaoil

Creidimid go bhfuil sé riachtanach feirmeoirí a chúiteamh as dul in oiriúint do mhodhanna feirmeoireachta atá níos inbhuanaithe. Leagfaimid amach scéim suaitheanta agra-chomhshaoil san idirthréimhse faoin CAP nua atá éasca le húsáid ag feirmeoirí agus trína mbainfear amach na tairbhí comhshaoil agus bithéagsúlachta níos leithne agus trína ndéanfar tacaíocht airgeadais a ailíniú le cuspóirí aeráide, foraoiseachta agus úsáide talún. Cuirfear é sin i gcrích trí scéim uaillmhianach ECO faoi Cholún 1 den CAP, trína gcúiteofar feirmeoirí as feidhmíocht níos fearr a bhaint amach i ndáil leis an gcomhshaol.

Mar gheall ar an CAP reatha a bheith ag teacht chun deiridh i ndeireadh na bliana 2020, cuirfear deis suntasach ar fáil beartas maidir le hagra-comhshaoil agus úsáid talún a athdhíriú chun tuilleadh a bhaint amach sa ghearrthréimhse i ndáil le príomhthosaíochtaí ar nós aeráid, bithéagsúlacht, talamh ainmnithe, caighdeán an uisce agus carbón a laghdú agus a bhaint.Reáchtálfaimid an scéim agra-chomhshaoil seo ar bhonn píolótach le linn na hidirthréimhse a thacófar trí mhaoiniú breise ón státchiste. Tríd an scéim, féachfar le feirmeoirí nach bhfuil in GLAS faoi láthair, a ghlac páirt in AEOS roimhe seo, nó atá ag fágáil GLAS, a chur san áireamh. Tríd an scéim phíolótach seo, déanfar eolas don chruth a bheidh ar an scéim suaitheanta agra-chomhshaoil don chéad CAP eile.

Athbhreithniú maidir le hÚsáid Talún, Bainistiú Cothaithigh agus Úsáid Talún ar mhaithe le Sláinte Ithreach

Tabharfaidh an Rialtas faoi athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn náisiúnta ar úsáid talún; talamh feirme, foraoisí agus talamh portaigh san áireamh, ionas go ndéanfar eolas do gach cinneadh ábhartha ón rialtas mar gheall ar na roghanna is fearr atá ann maidir le húsáid talún. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú ceisteanna comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha agus beidh próiseas ann chun tréithe éiceolaíochta na talún a mheas. Cuirfear ceisteanna san áireamh ar nós astaíochtaí, aer agus uisce, ceapadh carbóin agus dúshláin maidir le dul in oiriúint don aeráid. Cuirfear comhthairbhí san áireamh freisin ar nós athfhliuchadh nó foraoisí a athfhás chun baol tuilte in abhantracha a laghdú. Rachfar i gcomhairle le gach páirtí leasmhar. Trí athbhreithniú dá leithéid a dhéanamh, bheifí in ann eolas a aistriú chuig lucht déanta beartais, seirbhísí comhairleacha, agus úinéirí talún, chun cuidiú le feirmeoirí rogha eolasach a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr le húsáid a bhaint as a gcuid talún agus leas a bhaint as na tacaíochtaí agus dreasachtaí atá ar fáil ag an am céanna.

Sláinte Ithreach agus Bainistiú Cothaithigh

Tuigimid na tairbhí suntasacha geilleagracha, bithéagsúlachta agus comhshaoil atá le fáil mar gheall ar shláinte agus torthúlacht ithreach a fheabhsú, úsáid leasachán a bharrfheabhsú agus an córas táirgthe féar-bhunaithe a uasmhéadú. Oibreoimid le feirmeoirí chun caighdeáin sláinte agus torthúlachta ithreach a fheabhsú agus tosú ar threocht chun leasachán nítrigine neamhorgánach a laghdú faoin mbliain 2030 gan an bonn a bhaint ó dheiseanna feirmeoireachta.

Déanfaimid:

- Laghdú céim ar chéim agus uaillmhianach san úsáid a bhaintear as leasachán nítrigine neamhorgánach a bhaint amach i dtreo na bliana 2030.
- Straitéis Náisiúnta um Ithreacha a fhoilsiú chun measúnú a dhéanamh ar gach paraiméadar cuí maidir le sláinte ithreach agus eolas a dhéanamh do bheartais maidir le dea-chleachtais bainistíochta ithreach amach anseo.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhaineann leis an maolú níotráití ar chaighdeán an uisce, i gcomhar leis an EPA, trína ndéanfar eolas do bheartas sa réimse seo amach anseo
- Oibriú le feirmeoirí a bhfuil maolú níotráití acu chun torthaí comhshaoil a fheabhsú ar a bhfeirmeacha, lena chinntiú go mbainfear úsáid as an maolú ar bhonn inbhuanaithe agus i gcomhréir lenár gcuspóirí maidir leis an gcomhshaol.

Cleachtais feirmeoireachta ina gcaomhnaítear nó ina bhfeabhsaítear ábhar orgánach in ithir.

- Clár náisiúnta aolta a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht a fheabhsú i ndáil le húsáid nítrigine.
- Úsáid nítrigine cosanta (úire) ar thalamh féaraigh a spreagadh agus níos mó feirmeoirí ag dul i mbun sciodar a leathadh ar astaíochtaí ísle.
- Pleanáil bainistíochta cothaithigh a fheabhsú agus córais aoiligh thirime do bheostoc faoi dhíon a

iniúchadh agus tacú leo.

- Bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar thalamh féaraigh agus tacú le seamair agus speicis mheasctha eile a úsáid in athsíolú talamh féaraigh agus i mbáinseacha níos sine a chosaint.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus nuálaíocht i réimsí ar nós breiseáin bheatha, nítrigin cosanta agus réimsí eile inar féidir dul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide.
- Díriú ar aistriú eolais a fheabhsú maidir le bainistíocht cothaithigh agus sláinte ithreach.
- Treochlár a fhoilsiú ina bhfuil spriocanna agus gníomhaíochtaí áirithe i leith gach ceann de na bearta seo laistigh den chéad 100 lá ag an Rialtas.

Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach

Leagfaimid sprioc nua uaillmhianach síos d'fheirmeoireacht orgánach chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí tomhaltóra atá ag athrú sa réimse seo. Tugaimid gealltanas achar talún orgánach na hÉireann a ailíniú leis an meán reatha san AE le linn shaolré an Rialtais seo. Díreoimid ar mhargaí orgánacha intíre agus idirnáisiúnta a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh teacht ag feirmeoirí ar mhargaí ina bhfaighidh siad an praghas is fearr dá gcuid táirgí.

Foraoiseacht

Déanann crainn agus foraoisí carbón a stóráil, an t-aer a ghlanadh, gluaiseachtaí uisce a mhaolú, creimeadh ithreach a chosc, gnáthóga a chur ar fáil do phlandaí agus ainmhithe agus áis tharraingteach a chur ar fáil don phobal. Is fostóir suntasach i bpobail tuaithe é an tionscal foraoiseachta ina gcuirtear thart ar 12,000 post ar fáil.

Tacaímid go hiomlán leis an earnáil seo agus déanfaimid:

- Clár foraoiseachta leanúnach a fhoilsiú chun plean foraoisithe uaillmhianach a bhaint amach ina ndéanfar athbhreithniú ar rátaí deontais agus préimhe ar fud gach catagóir sa réimse seo, le béim ar leith ar ráta tacaíochta níos mó d'fheirmeoirí.
- *Tuarascáil MacKinnon* a chur i bhfeidhm agus an próiseas achomhairc foraoiseachta a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht le próiseas achomhairc eile den chineál céanna agus go bhfuil a dhóthain acmhainní sa chóras ceadúnaithe chun an riaráiste reatha a ghlanadh agus ceadúnais a eisiúint go pras amach anseo.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh foraoiseachta ar an bhfeirm tríd an CAP nua, agus scéimeanna agra-chomhshaoil a ailíniú le cuspóirí maidir le hathrú aeráide agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in aistriú eolais.
- Foraoisiú a chur san áireamh sa CAP nua chun dreasachtaí a chur ar fáil d'fheirmeoirí chun coillearnach a chur ar a bhfeirmeacha le gníomhú mar stóras carbóin, cuidiú le conairí fiadhúlra a chur chun cinn agus foinse breosla a chur ar fáil don teaghlach amach anseo.
- Tacú le roghanna maidir le feirmeacha a fhoraoisiú/a athfhiánú a chur chun cinn nach gcuireann isteach ar tháirgeadh talmhaíochta agus a thacaíonn le bithéagsúlacht agus gnáthóga a chruthú. Tabharfaimid spreagadh i leith rogha chun foraoisiú/athfhiánú a dhéanamh ar scála beag (e.g. heicteár amháin).
- Tabhairt faoi chlár foraoisithe uaillmhianach ar thailte faoi úinéireacht an stáit agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh Coillte/Bord na Móna.
- Cúram a leagan ar Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide oibriú le comhlachtaí poiblí chun athbhreithniú a dhéanamh ar thalamh atá ar fáil le cur agus aiseolas a thabhairt ar an acmhainn sa réimse seo faoi dheireadh na bliana 2020
- Lá Curtha Crann náisiúnta a bhunú agus crainn a chur ar fáil do phobail ar fud na tíre le cur ar an lá sin gach bliain.
- Bheith rannpháirteach le húdaráis áitiúla agus pobail áitiúla chun an líon crann a chuirtear i gceantair uirbeacha agus foraoisí comharsanachta agus pobail a mhéadú go mór.
- Córais foraoiseachta leanúnacha atá gar don nádúr a chur chun cinn chun foraoisí bithéagsúla ina bhfuil crainn de gach aois a chruthú ar deireadh.
- An earnáil phríobháideach a spreagadh chun cuspóirí corparáideacha maidir le freagracht shóisialta nó inbhuanaitheachta a bhaint amach trí infheistíocht a dhéanamh i gcoillearnacha dúchasacha agus forbairt a dhéanamh ar an gCiste Comhshaoil um Choillearnacha.
- 'Foraoisí cosanta' a phlandú a chur chun cinn ar feadh aibhneacha agus lochanna chun caighdeán an uisce a chosaint agus cuidiú le baoil tuilte a bhainistiú.
- Tacaíocht níos mó a chur ar fáil chun agra-fhoraoiseacht/ *silvopasture* a fhorbairt ar thailte feirme na hÉireann.
- Leanúint de thacú le cuspóirí an Chórais Cheada Foraoise, an Treoir um Éin agus Gnáthóga, an cur chuige um abhantracha a bhainistiú sa Chreat-treoir Uisce agus an rialachán Trádála um Fhorfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT).
- Infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna ina gcuirtear

foraoiseacht áineasa chun cinn agus oibriú le Coillte ar thionscadail ar nós Coillte Nature chun rochtain ar fhoraoisí áineasa a chur ar fáil don phobal ar fud na tíre.

- An Scéim NeighbourWood a mhéadú chun coillearnacha áineasa a chur ar fáil do phobail le taitneamh a bhaint astu agus deiseanna turasóireachta a mhéadú.
- A chinntiú go leanfar de tacaíocht a thabhairt do ghealltanais maidir le hathrú aeráide a bhaint amach agus bithéagsúlacht a chosaint i sainchúram Coillte. Táimid lántiomanta d'fhoraoisí tráchtála Coillte a choinneáil faoi úinéireacht phoiblí.

Sláinte Ainmhithe

Déanfaimid:

- Straitéis díothaithe TB 2030 a thabhairt isteach, ag leanúint le hobair ó n bhFóram TB.
- Monatóireacht a dhéanamh ar bhagairtí sláinte nó galair atá ag teacht chun cinn agus oibriú le Sláinte Ainmhithe Éireann chun cláir nua a fhorbairt i gcomhar le feirmeoirí agus oibriú i gcónaí chun feabhsúcháin a dhéanamh i sláinte ainmhithe.
- Tús a chur le clár athnuachana 10 mbliana don Líonra Saotharlann Réigiúnach. Trí sin, tabharfar saoráidí reatha cothrom le dáta agus cuirfear leibhéal seirbhís do chustaiméirí agus tacaíocht dhiagnóiseach níos fearr ar fáil d'fheirmeoirí.
- Cuirfimid *One Health Strategy*, i bhfeidhm go hiomlán, ina leagfar béim ar leith ar an nasc idir slainte daoine, ainmhithe agus an chomhshaoil agus ina spreagfar an úsáid is fearr a bhaint as táirgí sláinte d'ainmhithe.

Leas Ainmhithe

Táimid dúthrachtach faoi oibriú i gcónaí chun caighdeáin leasa ainmhithe a fheabhsú.

Déanfaimid:

- A chinntiú go leanfar den Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013 a fhorfheidhmiú go láidir agus athbhreithniú a dhéanamh ar an réimeas pianbhreithe atá mar bhonn ag mar thaca ag an reachtaíocht.
- Tús áite a thabhairt láithreach do reachtaíocht a dhréachtú chun deireadh a chur le feirmeoireacht fionnaidh de réir a chéile agus reachtaíocht a fhoilsiú sa réimse sin chomh luath agus is féidir.
- Tacú le Treoir ón AE maidir le Muca.
- Tacú le hearnáil muc agus éanlaithe a fhorbairt ina leagtar béim mhór ar leas na n-ainmhithe agus ina dtógtar iad faoin aer, i dteannta córais táirgthe reatha.
- A chinntiú go ndéantar an tAcht um Bunachais Pórúcháin Madraí a fhorfheidhmiú go láidir agus go seasta.
- Tacú le maoiniú ex-gratia d'eagraíochtaí leasa ainmhithe a mhéadú faoi dhó laistigh de dhá bhliain.
- Úinéireacht fhreagrach peataí a chur chun cinn.
  - An clár vacsaínithe broc a leathadh ar fud na tíre agus deireadh a chur le broic a chuileáil chomh luath agus is féidir i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíochta agus tréidliachta is fearr.
  - Rialú a dhéanamh ar phórú, úinéireacht, díol nó soláthar speiceas andúchasacha.
  - Tús áite a thabhairt do leas capall, bunaithe ar chóras rianaithe láidir, forbairt a dhéanamh ar thacaíochtaí cigireachta ar fud na tíre agus cur chuige comhsheasmhach a chinntiú chun déileáil le saincheisteanna maidir le leas capall in údaráis áitiúla.
  - Cláir leasa capall breise a fhorbairt i gceantair uirbeacha a oibríonn le húdaráis áitiúla, carthanachtaí agus páirtithe leasmhara an phobail chun áiseanna stáblaíochta agus cláir oideachais a chur ar fáil.
  - Taighde a dhéanamh ar an acmhainn maidir le pórtha dhá fheidhm a úsáid agus cé chomh hinmharthana atá múnlaí déiríochta *'calf-at-foot'* ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann.

Aithnímid an brú ioncaim atá ar fheirmeoirí mairteola agus an ról atá ag onnmhairí beo in iomaíocht praghsanna.

Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le leas ainmhithe, cuirfidh an Rialtas nua acmhainní breise ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeánacha leasa trí láithreacht tréidliachta atá ar fáil a mhéadú maidir le gach coinsíneacht onnmhairithe beo chuig tríú tíortha. Tabharfaimid faoi bhealaí margaidh malartacha atá ann ina gcuirtear le luach.

Rásaíocht Chapall

Táimid lántiomanta do thodhchaí na hearnála rásaíochta capall agus aithnímid an cion tairbhe sóisialta agus geilleagrach a dhéanann an earnáil i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha na hÉireann. Oibreoimid le Rásaíocht

Capall na hÉireann sna blianta atá amach romhainn agus spreagfaimid straitéisí a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála maidir leis an aeráid agus bithéagsúlacht. Aithnímid go bhfuil éifeacht ag Brexit ar an earnáil luachmhar seo agus oibreoimid leis an tionscal chun réitigh inoibrithe a chur i bhfeidhm chun capaill a bhogadh i ndiaidh Brexit. Leanfaimid d'infheistíocht a dhéanamh sa tionscal rásaíochta capall agus i mbonneagar riachtanach, ar nós Ionad Eachaí na hÉireann.

Rásaíocht Con

Tá maoiniú don earnáil rásaíochta con ón gCiste um Rásaíocht Capall agus Con ag brath ar dheimhniú a fháil go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin leasa ar bhonn bliantúil. Cinnteoimid go ndéanfar monatóireacht dhian ar an earnáil seo lena chinntiú go bhfuil na gealltanais a rinneadh go dtí seo maidir le leas ainmhithe á gcur i bhfeidhm go hiomlán. Éileoimid go ndéanfar maoiniú a ghealltar a infheistiú i leas con agus go gcuirfear cláir athshocruithe ar fáil. Cuirfimid an tAcht um Rásaíocht Con 2019 i bhfeidhm go hiomlán chun ardchaighdeáin na hearnála a láidriú agus córas nua inrianaitheachta a chur ar fáil.

Eachspórt Éireann

Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don earnáil eachspóirt, agus aitheantas a thabhairt don gá atá le huaillmhian níos mó sa réimse seo d'fhonn leas a bhaint as acmhainn ollmhór na hearnála seo ó thaobh caighdeán i leith spórt iomaíochta, leas, inrianaitheacht, agus pórú. Tá sé ríthábhachtach maidir leis an iarracht sin, *Reaching New Heights*, atá mar bhonn agus mar thaca ag an tionscal eachspóirt, a chur i bhfeidhm tuilleadh. Cinnteoimid go mbeidh comhordú níos mó idir ranna rialtais maidir leis an straitéis seo a bhaint amach.

Rásaíocht Capall Úma

Déanfaimid iniúchadh ar an acmhainn atá ann maidir leis an earnáil rásaíochta capall úma a fhorbairt.

Cúrsaí Muirí

Táimid dúthrachtach faoi thús aite a thabhairt do chúrsaí mara a fhorbairt. Mar náisiún oileánda, tá caidreamh ar leith ag Éirinn leis an bhfarraige. Ní mór gach uile rud a dhéanamh chun bithéagsúlacht mhara a chosaint agus todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach don earnáil iascaigh mar aon le tacaíocht a thabhairt do phobail cois cósta freisin.

Déanfaimid:

- Plean forbartha comhtháite nua a fhorbairt do chúrsaí mara le teacht in ionad Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéan, ina ndíreofar ar gach gné de chúrsaí mara agus ina leagfar béim níos mó ar inbhuanaitheacht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus a dhéanfaidh Roinn an Taoisigh a chomhordú go lárnach lena chur i bhfeidhm le linn shaolré an Rialtais.
- A chinntiú go gcosnófar leasa thionscal Iascaireachta na hÉireann trí éileamh a dhéanamh nach mór Comhaontú Iascaigh a bheith socruithe leis an RA mar chuid lárnach de Chomhaontú Saorthrádála foriomlán idir an AE agus an RA.
- A aithint gur saincheist an-tábhachtach san hidirbheartaíocht seo is ea teacht ar bhonn leanúnach a bheith ag tionscal na hÉireann ar uiscí agus cuóta-scair na RA agus an baol go ndíláithreofar flít an AE isteach in uiscí teorann na hÉireann.
- Tacaíochtaí teagmhais agus maoiniú maidir le cur isteach ar an margadh a lorg ó Choimisiún an AE don earnáil iascaigh chun an éifeacht a bhaineann le COVID-19 agus Brexit a mhaolú.
- A chinntiú go leanfar d'uiscí cladaigh a chosaint d'árthaigh iascaireachta níos lú agus d'iascairí áineasa agus go mbeidh cosc ar thrálaeireacht phéire laistigh den teorainn sé mhíle.
- Tacú leis an bhflít iascaireachta cladaigh trí mhargaíocht agus cumas ardaithe céime níos mó a ghiniúint trí éascaíocht a dhéanamh ar Eagraíocht Táirgeoirí a bhunú do na hárthaigh iascaireachta sin atá níos lú agus trí sin, deiseanna eile a chur ar fáil do phobail ar oileáin agus pobail cois cósta atá rannpháirteach san earnáil cladaigh.
- Dul i ngleic go tréan le fadhb na dramhaíola, líonta caillte, agus dumpáil mhídhleathach sa chomhshaol mara trí Threoracha um Shaoráide Glactha Calafoirt a chur i bhfeidhm go dian agus trí éileamh ar gach trálaeir iascaireachta de chuid na hÉireann páirt a ghlacadh i dTionscnamh na nAigéan Glan, trína gcinnteofar go ndéanfar plaisteach a thógtar aníos ón bhfarraige a thabhairt i dtír.
- Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i bpobail cois cósta trí chlár na nGrúpaí Gníomhaíochta Iascaigh Áitiúla (FLAG), trína gcuirfear tacaíocht ar fáil do thionscadail nuálacha chun cur le fás geilleagrach agus cruthú post.
- Infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i mbonneagar calafoirt chun go mbeidh teacht i dtír níos mó ar éisc a ghabhtar ar bhealach inbhuanaithe inár n-uiscí, agus trí sin, dlús a chur leis an earnáil próiseála bia mara agus an geilleagar gorm a fhorbairt i bpobail cois cósta.

- Oibriú chun an earnáil dobharshaothraithe a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, dobharshaothrú sliogéisc san áireamh, trí úsáid a bhaint as speicis dhúchasacha, agus moltaí ó thuarascáil ón nGrúpa Neamhspleách Athbhreithnithe um Dhobharshaothrú a Cheadúnú a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar táirgí bia a úsáidtear i ndobharshaothrú a fháil agus a tháirgeadh ar an mbealach is inbhuanaithe agus is féidir.
    - Beartas náisiúnta maidir le creimeadh agus tuile cósta a thabhairt ar aghaidh i dtaca le hathrú aeráide.

Comhbheartas Iascaigh

Táimid lántiomanta do chuspóirí comhshaoil an CFP, trínar tugadh isteach bearta atá dírithe ar stoic éisc a choinneáil, trí dheireadh a chur le fáil réidh le héisc, cuótaí atá bunaithe ar eolaíocht, agus tríd an gcoincheap Uastoradh Inbhuanaithe (MSY) a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta air.

Déanfaimid:

- Cuótaí bliantúla a chur chun cinn ar bhonn gníomhach, i gcomhréir le prionsabail MSY.
- Bearta teicniúla cuiditheacha a thabhairt isteach chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn, an tseachghabháil a laghdú agus stoic éisc a chosaint don todhchaí.
- Leasa na hÉireann a chosaint san athbhreithniú a dhéanfar ar an Comhbheartas Iascaigh amach anseo.
- Oibriú chun iascaireacht mhídhleathach a dhíothú agus cultúr comhlíontachta a chur chun cinn ag gach árthach AE atá inár gcrios 200 míle d'fhonn na stoic éisc ar a mbraitheann tionscal iascaireachta na hÉireann a chosaint.
- Athbhreithniú cumais an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) a chur i bhfeidhm d'fhonn cur le saincheisteanna rialachais agus aon bhearta eile a d'fhéadfadh bheith riachtanach a chur san áireamh.
- Córas cothrom pointí AE a chur i bhfeidhm chun stoic éisc a chosaint agus a chinntiú go scaoilfear maoiniú ón AE a cuireadh ar fionraí.
- Oibriú chun éisc peiligeacha a mheá sa mhonarcha, i gcomhthéacs na hidirbheartaíochta maidir leis an rialachán um rialú nua ón AE.
- Tacú le Rialachán um Rialú nua maidir le hIascaigh a chur i gcrích chun éifeachtacht na mbeart rialaithe reatha a mhéadú agus teacht ar chomhaontú ar rialacha trína gcinnteofar cothrom na Féinne do gach árthach de chuid an AE. Beidh sé ríthábhachtach an leibhéal trédhearcachta agus rochtana ar fhaisnéis maidir le sáruithe laistigh d'uiscí na hÉireann a mhéadú chun éifeachtúlacht an chórais nua a thomhas.

Limistéir Cosanta Muirí

Tacaímid le prionsabail agus le huaillmhian *Straitéis um Bithéagsúlacht ón AE* agus forbróimid reachtaíocht chuimsitheach chun limistéir mhuirí faoi chosaint (MPAnna) in uiscí teorann na hÉireann a aithint, a ainmniú agus a bhainistiú. Bainfimid amach ár sprioc 10% atá fós le cur i gcrích faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí chomh luath agus is indéanta agus beidh sé mar aidhm againn 30% de limistéir mhuirí a bheith faoi chosaint faoin mbliain 2030. Cuirfear é sin i gcrích bunaithe ar shaineolas eolaíochta agus i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara, go háirithe an tionscal iascaireachta, mar aon le hionadaithe comhshaoil agus pobail. Cuirfear tús leis an bpróiseas comhairliúcháin sa chéad 100 lá ag an Rialtas. Déanfaimid iniúchadh ar limistéar muirí a bhunú amach ón gcósta a bheidh ina seachtú páirc náisiúnta na hÉireann. Bheadh sé sin ina chuid de na MPAnna méadaithe agus bheifí in ann eispéireas foghlama a chur ar fáil sa chomhshaol muirí.

An Bille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara

Tabharfaidh an Rialtas tús áite do Bhille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara atá cothrom agus a chomhlíonann Coinbhinsiún Aarhus a chur tríd an Oireachtas.

Foilseoimid an chéad phlean spásúlachta muirí in Éirinn riamh ina leagfar amach fís shoiléir chun ár gcóras pleanála muirí a fhorbairt amach anseo. Beidh comhairliúchán iomlán leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara i gceist leis an mbeartas seo a fhorbairt.

I ndiaidh é sin a chur i gcrích, tabharfaimid ar aghaidh an chéad Chreat Náisiúnta um Pleanáil Muirí d'Éirinn. Trí sin, tabharfar isteach córas pleanála chun limistéar muirí na hÉireann a fhorbairt ar an mbealach céanna ina mbaintear amach an fheidhm sin sa *Chreat Náisiúnta Pleanála* ar an talamh.

Beidh an dá dhoiciméad sin ina mbunús do Thionscadal Éire Muirí 2040, ár straitéis fadtréimhseach uileghabhálach é chun farraigí na hÉireann a bhainistiú ar mhaithe lena saoránaigh ar fad. Bunófar bord seachadta um mhaoirseacht a dhéanamh ar phleanáil mhuirí den mhúnla céanna le Bord Seachadta Thionscadal Éire 2040 chun ceannaireacht agus

maoirseacht a chur ar fáil maidir leis na beartais sin a chur i bhfeidhm.

Carbón Gorm Cósta

Aithnímid an acmhainn ollmhór maidir le 'carbón gorm' atá san aigéan chun dul i ngleic le hathrú aeráide, ach tuigimid go bhfuil taighde eolaíochta breise ag teastáil d'fhonn a acmhainn a thuiscint agus a fhorbairt. Cuirfimid de chúram ar Fhoras na Mara tionscnamh taighde comhoibríoch uile-AE ina ndíreofar ar an acmhainn atá ag carbón gorm an t-athrú aeráide a mhaolú agus oibriú i dtreo modh inar féidir fardal bailíochtaithe a chruthú a chuideoidh leis an AE amach anseo chun ár gcuspóirí maidir le hathrú aeráide a bhaint amach.

Leathanbhanda

Tá teacht a bheith ag daoine ar fud na tíre ar idirlíon ardchaighdeáin ríthábhachtach chun gach cuid den tír a fhorbairt ó thaobh na sochaí agus an gheilleagair de. Tá sé bunriachtanach éascaíocht a dhéanamh ar chianobair agus ar dheiseanna nuálaíochta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, dul in oiriúint do gheilleagair atá ag athrú, agus dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta.

Déanfaimid:

- Iarracht a dhéanamh dlús a chur leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a leathadh amach.
- Obair le húdaráis áitiúla chun grúpaí ainmnithe a bhunú chun éascaíocht a dhéanamh ar bhonneagar a leathadh amach go háitiúil.
- Foghlaim ó thionscnaimh ar nós Ionad Ludgate sa Sciobairín chun go mbeidh comhoibriú níos mó idir an earnáil phríobháideach/phoiblí maidir le moil dhigiteacha agus saoráidí cliste oibre a fhorbairt.
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt d'obair an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda.
- Tacaíocht a thabhairt do Phointí Nasctha Leathanbhanda a fhorbairt ar fud na tíre mar aon le moil dhigiteacha trínar féidir tacú le cianobair in an oiread Pointí Nasctha Leathanbhanda agus is féidir.
- Cumhachtaí forfheidhmithe níos mó a thabhairt don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), agus béim faoi leith a leagan ar iomaíocht, nuálaíocht agus seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú laistigh den earnáil cumarsáide

Conradh Sóisialta Nua

- Cosaint Shóisialta
- Pinsin
- Cúramóirí Teaghlaigh
- Comhionannas
- Soláthar Díreach
- Míchumas
- Leanaí agus Tacaíocht Teaghlaigh

Misean: Conradh Sóisialta Nua

Tá conradh náisiúnta sóisialta nua ag teastáil in Éirinn idir saoránaigh agus an Stát. Tá sé mar uaillmhian ag an Rialtas seo cúram sláinte, tithíocht, oideachas, cúram leanaí agus seirbhísí míchumais inrochtana agus inacmhainne a chur ar fáil do gach saoránach, mar aon le pá maireachtála, uasoiliúint agus scor le dínit. Tríd an gconradh, cuirfear seasmhacht níos mó ar fáil do dhaoine aonair agus pobail agus beidh sé bunaithe ar phrionsabal an chomhionannais agus a chinntiú gur féidir le gach saoránach barr a gcumas a bhaint amach.

Bhain Éire leas as cuimse as éagsúlacht níos mó le roinnt mhaith blianta anuas. Tá ról sárluachmhar ag na pobail seo i saol geilleagrach, cultúrtha agus sóisialta na tíre. Cinnteoidh an rialtas seo go n-aithneofar go hiomlán pobail nua agus pobail mhionlaigh agus go ndéanfar iad a imeascadh le saol na hÉireann agus comhionannas bheith mar chroílár ann.

Maidir le cinntí beartais le linn an Rialtais, féachfar i gcónaí le caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú do na daoine is leochailí sa tsochaí. Tabharfar aird faoi leith ar theifigh, daoine gan dídean agus daoine atá ag maireachtáil ar ioncam íseal.

Cosaint Shóisialta

Tá leas ag gach saoránach i gcóras cosanta sóisialta atá láidir agus freagrúil ina dtugtar cúnamh sna costais a bhaineann le leanaí a thógáil, in a dtugtar cúnamh do dhaoine a bhfuil cúnamh de dhíth orthu nó daoine a bhfuil an saol crua orthu, agus córas ina dtugtar cúnamh dúinn inár seanaois. Bhí Éigeandáil COVID-19 ina léiriú ar mhianach agus freagrúlacht an chórais atá againn. Bhí ioncaim na gcéadta míle duine á gcosaint den chuid is mó le linn na srianta agus beidh na mílte eile ag brath ar an Stát i gcónaí sna míonna amach romhainn. Agus an Rialtas seo ag bogadh ar aghaidh le Conradh Sóisialta nua le saoránaigh, ní mór dúinn cur chuige forásach tomhaiste a chinntiú,ina gcuirtear líontán sábhála ar fáil do na daoine is mó ar imir COVID-19 tionchar orthu, agus dreasachtaí agus rochtain ar athsciliú a mhéadú le cur ar chumas daoine dul ar ais ag obair arís.

Tríd an gcothromaíocht seo a bhaint amach, déanfaimid:

- Croí-rátaí seachtainiúla leasa sóisialta a chosaint.
- Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le fothairbhí agus critéir incháilitheachta do ghrúpaí leochaileacha.
- Breithniú a dhéanamh ar gach aicme PRSI a mhéadú le himeacht ama chun an Ciste Árachais Shóisialaigh a athlíonadh chun cuidiú le híoc as bearta agus dúshláin ata le comhaontú lena n-áirítear, *inter alia*, córas pinsin an stáit, feabhsuithe ar shochar pá breoiteachta gearrthréimhseach, ar shochar saoire tuismitheoireachta, ar shochar pá-choibhneasa do chuardaitheoirí poist agus ar shochar cóireála.
- Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo pá maireachtála le linn shaolré an Rialtais.
- Tacaíochtaí cuardaitheora poist a fheabhsú do dhaoine faoi bhun 24 bliana d'aois le linn shaolré an Rialtais.
- Teacht a bheith ag daoine ar scéimeanna gníomhachtaithe a mhéadú, lena n-áirítear

scéimeanna trína reáchtáiltear seirbhísí fostaíochta áitiúla.

Pinsin

Agus na prionsabail maidir le hinbhuanaitheacht, acmhainneacht agus cothromaíocht mar bhonn againn, déanfaimid athruithe inacmhainne chun daoine atá ag dréim le haois an phinsin a chosaint mar aon le glúnta eile amach anseo.

D'fhonn an cur chuige seo a chinntiú, déanfaimid:

- An Pinsean Stáit a bheith ina bhunchloch i gcóras pinsin na hÉireann.
- Is féidir le daoine 65 bliain d'aois a n-éilítear orthu dul ar scor go luath nó a bhfuil rogha déanta acu é sin a dhéanamh 'Liúntas nó Pinsean Luathscoir' a fháil de réir an ráta céanna le sochar cuardaitheora poist gan é bheith de riachtanas orthu clárú, páirt a ghlacadh in aon bhearta gníomhachtaithe nó a bheith ar fáil agus ag cuardach oibre i ndáiríre.
- Coimisiún a bhunú maidir le Pinsin chun saincheisteanna maidir le hinbhuanaitheacht agus incháilitheacht a scrúdú maidir le pinsin stáit agus an Ciste Árachais Shóisialaigh. Tríd an gCoimisiún, leagfar amach roghanna don Rialtas chun dul i ngleic le saincheisteanna maidir le haois incháilitheachta, rátaí ranníocaíochta, ranníocaíochtaí iomlána agus riachtanais incháilitheachta.
- Go dtí go mbeidh tuarascáil an Choimisiúin um Pinsin ar fáil agus go dtí go ndéanfaidh an Rialtas aon chinntí i ndáil le moltaí na tuarascála ina dhiaidh sin, fanfaidh an aois Pinsin Stáit ag 66 bliana agus cuirfear siar an méadú chuig 67 mbliana. Cuirfidh sé sin ar chumas an Rialtais breithniú iomlán a dhéanamh maidir le haon athruithe buana. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil faoi mhí an Mheithimh 2021. Gníomhóidh an Rialtas maidir le moltaí an Choimisiúin laistigh de 6 mhí.
- Cur chuige a thabhairt isteach maidir le Ranníocaíochtaí Iomlána, trína n-ailíneofar pinsean ranníocach duine níos dlúithe leis na ranníocaíochtaí a dhéanann an duine sin. Áireofar leis sin foráil maidir le ranníocaíochtaí curtha chun sochair, trína gcinnteofar nach mbeidh míbhuntáiste ag daoine a ghlacann am saor chun aire a thabhairt do dhuine muinteartha leo.
- Córas a thabhairt isteach le go mbeidh daoine in ann a bpinsean ranníocach stáit a chur siar ar bhonn bliantúil, le go n-áireofar méaduithe achtúireacha in íocaíocht chomh luath agus is indéanta.
    - Éascaíocht a dhéanamh ar dhaoine nach bhfuil taifead iomlán árachais shóisialta acu a soláthar pinsin a mhéadú trí rogha a dhéanamh leanúint d'íocaíochtaí PRSI a dhéanamh i ndiaidh na haoise inphinsin.
    - Roghanna maidir le réiteach pinsin do chúramóirí a iniúchadh, ar mná iad den chuid is mó, go háirithe cúramóirí leanaí ar éagumas, d'fhonn aitheantas a thabhairt don obair shárluachmhar a dhéanann siad.
    - Na teidlíochtaí atá ag gach duine aonair 66 bliain d'aois nó os a chionn sin ar an Scéim Saorthaistil a choinneáil.
    - Oibriú le comhlachtaí bus príobháideacha agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) ionas go mbeidh an Scéim Saorthaistil ar fáil ar gach bealach bus atá faoi cheadúnais phoiblí.

Iárú Uathoibríoch

Déanfaidh an Rialtas nua córas cláraithe uathoibríoch a thabhairt isteach maidir leis an bpinsean. Agus an brú as cuimse atá ar fhostóirí agus ar fhostaithe araon faoi láthair á thabhairt san áireamh, féachfaimid le scéim cláraithe uathoibríoch a chur ar fáil de réir a chéile bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Déanfaidh fostaithe agus fostóirí araon ranníocaíochtaí meaitseála agus cuirfidh an Rialtas breis airgid leis na ranníocaíochtaí.
- Déanfar an ranníocaíocht a dhéanann fostaithe a leathadh amach ar bhonn céimnithe thar thréimhse deich mbliana.
- Beidh foráil rogha an diúltaithe ann do dhaoine a dhéanann rogha gan a bheith páirteach.
- Beidh réimse táirgí coigilte ag fostaithe ónar féidir leo roghnú.
- Cuirfear uasteorainn táillí i bhfeidhm ar sholáthraithe pinsin.

An Coimisiún um Pá Íseal

Beidh ról lárnach ag an gCoimisiún um Pá Íseal lena chinntiú go gcuirfear luach ar dhaoine atá ag obair ar phá íseal. Beidh na moltaí ón gCoimisiún um Pá Íseal mar threoir againn maidir le haon athruithe a dhéanfar ar íosphá amach anseo.

Bearta um Fhrithbhochtaineacht agus Ionchuimsiú Sóisialta

Agus muid ag teacht amach as an bpaindéim COVID, ní mór dúinn forbairt a dhéanamh ar an gcur le chéile a bhí mar ghné bhunúsach dár bhfreagra, d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine atá ag streachailt ar ioncaim ísle, ag streachailt le freagrachtaí maidir le cúram, daoine a bhfuil orthu clann a thógáil ina n-aonar,

nó daoine atá ag maireachtáil le míchumas. Leanfar d'athruithe ar bith a dhéanfar i bhforálacha leasa shóisialaigh a phrofáil ó thaobh inscne agus comhionannais de. Déanfaimid é sin tríd an straitéis nua um ionchuimsiú sóisialta, Treochlár um Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025, a chur i bhfeidhm go láidir.

Chomh maith leis sin, déanfaimid:

- Gníomhú chun ár gcóras cothabhála linbh a athchóiriú agus dul i ngleic le saincheisteanna barrthábhachtacha ar nós áireamh, éascú agus forfheidhmiú, faoi threoir ón dea-chleachtas idirnáisiúnta agus i bhfianaise torthaí *Athbhreithniú Murphy*.
- Leanúint de thús áite a thabhairt do thacaíochtaí do thuismitheoirí aonair agus na tacaíochtaí sin a chosaint, ag féachaint do mholtaí i *Tuarascáil maidir le Staid Tuismitheoirí in Éirinn (2017)* ó Chomhchoiste an Oireachtais um Chosaint Shóisialta.
- Oibriú ar fud an rialtais chun dul i gleic le bochtaineacht bia i measc leanaí agus a chinntiú nach mbíonn aon leanbh ocrach.

- Iarraidh ar an gCoimisiún um Pá Íseal iniúchadh a dhéanamh ar Ioncam Bunúsach Comhchoiteann, in éineacht le heolas ó athbhreithniú a dhéanamh ar chláir phíolótacha idirnáisiúnta roimhe seo, ina mbeidh clár píolótach um ioncam bunúsach comhchoiteann mar thoradh air le linn shaolré an Rialtais.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt don Fhóram um Ionchuimsiú Sóisialta mar mhodh tábhachtach chun rannpháirtíocht a chur chun cinn idir daoine atá ag tabhairt aghaidh ar bhochtaineacht agus eisiamh agus an earnáil phoiblí agus dheonach agus an Rialtas.
- Intéirneachtaí fillte ar an obair a thabhairt isteach i gcomhar le fostóirí chun tacú le mná, a thóg am as obair chun clann a thógáil nó chun aire a thabhairt do dhuine muinteartha, filleadh ar an margadh saothair arís trí chláir nua oideachais, oiliúna agus forbartha pearsanta.

Cúramóirí Teaghlaigh

Tá cúramóirí teaghlaigh ina gcloch coirnéil maidir le cúram a sholáthar in Éirinn. Tá tacaíocht agus aitheantas tuilte acu ón Rialtas.

Déanfaimid:

- *An Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí* a athbhreithniú agus a nuashonrú.
- Réiteach pinsin a fhorbairt do chúramóirí teaghlaigh ina n-aithnítear an obair thábhachtach a dhéanann siad.
- Cúram liachleachtóra ginearálta a thabhairt do chúramóirí atá ag fáil an Deontas Tacaíochta do Chúramóirí.
- Togra maidir le 'Dearbhú do Chúramóirí' trína gcuirfear sraith bunseirbhísí ar fáil do chúramóirí ar fud na tíre beag beann ar an áit ina maireann siad.

Comhionannas

Tá comhionannas idir gach saoránach ina chroíphrionsabal treorach sa Phoblacht. Le blianta beaga anuas, ghlacamar céimeanna móra chun dul i ngleic le leithcheal in aghaidh grúpaí mionlaigh agus imeallaithe. Mar sin féin, níl an tasc maidir lena chinntiú go mbaineann gach duine leas as an gceart bunúsach seo críochnaithe go fóill. Leanfaidh an Rialtas seo d'fhorbairt a dhéanamh ar dhul chun cinn atá saothraithe go maith chun brí ceart a thabhairt do na luachanna is fearr atá againn maidir le comhionannas agus cothromaíocht.

Inimirce agus Imeascadh

Déanfaimid:

- Conairí nua a chruthú do dhaoine gan doiciméid ar bhonn fadtréimhseach agus a gcleithiúnaithe ina gcomhlíonfar critéir shainithe maidir lena stádas a thabhairt chun rialtachta laistigh de 18 mí ar an Rialtas a bhunú, agus gealltanais i leith an AE agus an Chomhlimistéir Taistil á dtabhairt san áireamh ag an am céanna.
- Plean Gníomhaíochta náisiúnta nua i gcoinne Ciníochas a fhoilsiú.
- Straitéis nua um Inimircigh a Imeascadh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Reachtaíocht a achtú ina gcuimsítear bearta ábhartha AE agus Prótacal na NA in aghaidh imircigh a smuigleáil agus a gháinneáil.

Soláthar Díreach

Táimid dúthrachtach a chinntiú go gcuirfidh Éire cosaint ar fáil do dhaoine atá ag lorg tearmainn ar choinbhleacht agus géarleanúint, de réir mar a éilítear faoin dlí idirnáisiúnta. I gcás ina bhfuil daoine ag fanacht ar a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, cuirfimid cóiríocht ar fáil d'iarrthóirí tearmainn ina bhfuil cosaint agus cur chun cinn cearta daonna mar chroílár inti.

Aontaímid go bhfuil sé riachtanach an córas reatha a athrú. Dá bhrí sin, táimid tiomanta do chur chuige nua fadtréimhseach maidir le Cosaint Idirnáisiúnta. Chun na

críche sin, cheap an Rialtas a chuaigh as oifig *Sainghrúpa um Thacaíocht a chur ar fáil, Cóiríocht san áireamh, do Dhaoine sa Phróiseas um Chosaint Idirnáisiúnta (Iarrthóirí Tearmainn)* le Catherine Day mar chathaoirleach, chun an tsaincheist a bhreithniú.

I bhfianaise an méid sin, táimid:

- Dúthrachtach faoi dheireadh a chur leis an gcóras um Sholáthar Díreach agus cuirfimid beartas cóiríochta maidir le Cosaint Sonraí ina áit a bheidh dírithe ar chur chuige neamhbhrabúis.

Déanfaimid:

- Páipéar Bán a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2020, a ndéanfar eolas dó ó mholtaí an tSainghrúpa agus ina leagfar amach an struchtúr a bheidh sa chóras nua agus na céimeanna a bheidh le glacadh chun é sin a bhaint amach.
- Sa ghearrthréimhse, gníomhú ar mholtaí eatramhacha ó Chathaoirleach an tSainghrúpa chun cúinsí a fheabhsú d'iarrthóirí tearmainn atá ag maireachtáil sa chóras faoi láthair. Áirítear leis sin measúnuithe leochaileachta, an ceart obair a dhéanamh, a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar cheadúnais tiomána agus cuntais bainc, próiseas cigireachta neamhspleách, bearta chun an t-achar ama a ghlactar chun cinntí a phróiseáil a laghdú, seirbhísí meabhairshláinte, agus bainisteoirí a oiliúint i gcomhair Ionaid Sholáthair Dhírigh.
- Na bearta a aithníonn an Sainghrúpa a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéileáiltear le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta chomh luath agus is féidir agus go dtugtar iad chun críche chomh luath agus is féidir agus ag an am céanna, nós imeachta cothrom agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chinntiú i gcónaí.
- Múnlaí nua a fhorbairt chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal lena chinntiú go ndéantar cóiríocht a bhunú ar bhealach atá ionchuimsitheach agus fáilteach.
- Gealltanas a thabhairt do chlár caipitil bhliantúlaithe agus clár infheistíochta reatha chun na bearta sin a chur i bhfeidhm.

LGBTi+

Déanfaimid:

- *An Straitéis Náisiúnta LGBTI+ agus an Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+* a chur i bhfeidhm d'fhonn tír shábháilte, thacúil agus níos ionchuimsithí a dhéanamh d'Éirinn.
- Reachtaíocht a rith chun foráil a dhéanamh do shaoire agus shochar uchtaíoch do chúplaí fireanna comhghnéis atá ag uchtú.
- Reachtaíocht a rith chun cosc a chur ar theiripe tiontuithe.
- Beartas sláinte ginearálta do dhaoine Trasinscne a chruthú agus a chur i bhfeidhm, bunaithe ar mhúnla dea-chleachtais do chúram, i gcomhréir leis an gCumann Gairmiúil Domhanda maidir le Cúram Sláinte do dhaoine Trasinscneacha (WPATH) agus creat a chur ar fáil chun Clinicí Náisiúnta Inscne agus Foirne Ildisciplíneacha a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine fásta.
- An foras inscne a leasú i reachtaíocht comhionannais lena chinntiú go mbeidh duine ar a ndéantar leatrom bunaithe ar a bhféiniúlacht inscne in ann leas a bhaint as an reachtaíocht seo.
- Scéim a thabhairt isteach chun taifid choiriúla a scriosadh i gcás fir aeracha a ciontaíodh i gcionta sa stair.

An Lucht Siúil agus Roma

Déanfaimid:

- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Sláinte don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an *Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus Roma 2017-2021* agus a chinntiú go mbeidh cur chuige sa straitéis ina dhiaidh atá dírithe níos mó ar thorthaí. Mar chuid de sin, forbróimid Plean Oiliúna, Fostaíochta agus Fiontraíochta cuimsitheach don Lucht Siúil agus Roma.
- Measúnú ar bhonn neamhspleách a dhéanamh ar na tionscadail píolótacha atá dírithe ar leanaí ó na pobail Lucht Siúil agus Roma a choinneáil in oideachas.
- A chinntiú go bhfuil riachtanais tithíochta an Lucht Siúil agus Roma á gcomhlíonadh ag údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar gach maoiniú reatha a tharraingt anuas go hiomlán agus a úsáid.

Comhionannas Inscne

Déanfaimid:

- Straitéis Náisiúnta nua do Mhná agus Cailíní a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Freagra a thabhairt ar gach moladh ó Thionól na Saoránach maidir le comhionannas inscne.

- Agus eolas á chur ar fáil ó obair Thionól na Saoránach, a bhreithniú cibé ar chóir reifreann a bheith ann maidir

le hAirteagal 41.2 den bhunreacht.

- Reachtaíocht a rith ina n-éileofaí an bhearna phá inscne a fhoilsiú i gcuideachtaí móra.
- An Clár um Buiséadú Comhionannais a mhéadú ar fud ranna agus gníomhaireachtaí rialtais.

Aitheantas Inscne

Déanfaimid:

- Deireadh a chur leis an riachtanas go mbeadh dhá thuarascáil speisialtóra ag duine 16 nó 17 d'aois sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar aitheantas inscne dlíthiúil trí fhoráil a dhéanamh d'fhéindearbhú, le cead ó thuismitheoirí agus trí idirghabháil a chur ar fáil ar bhonn deonach. Áireofar leis na feabhsúcháin sin foráil a dhéanamh do dheimhniú um aitheantas inscne ina bhfuil cruthúnas ar athrú ainm mar aon le hathrú inscne.
- Aon athruithe is gá a dhéanamh leis an dlí a chur i gcrích le gur féidir athrú ainm dlíthiúil a bheith mar chuid den phróiseas aitheanta inscne.
- Tús a chur le taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar shocruithe do leanaí faoi 16 bliana d'aois.
- Obair an ghrúpa idir-rannach a chur i gcrích ar a bhfuil de chúram iniúchadh a dhéanamh ar aitheantas faoin dlí do dhaoine neamh-dhénártha.
- A chinntiú go nglacann ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí céimeanna deimhneacha, lena n-airítear úsáid a bhaint ar na forainmneacha cearta agus feabhsuithe a dhéanamh ar fhoirmeacha oifigiúla nuair is féidir, chun cuidiú le daoine neamh-dhénártha.

Neamhionannas Socheacnamaíoch

Déanfaimid iniúchadh ar fhoras nua leithcheala atá bunaithe ar stádas socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste don Acht um Chomhionannas Fostaíochta agus don Acht um Stádas Comhionann.

Míchumas

Creideann an Rialtas gur cheart cúram sláinte a chur ar fáil ar bhealach ina gcuirtear cumhachtú an othair chun cinn, ina gcuirtear le caighdeán na beatha agus ina gcuirtear le hionchas saoil.

Ón tráth a dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, chuireamar in iúl do dhaoine faoi mhíchumas go bhfuilimid anois dáiríre faoi dhifríocht a dhéanamh – difríocht trína gcuirfear feabhas ar chúrsaí. Mar gheall ar an daingniú, ardaíodh feasacht faoin taithí saoil a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas, ach tá go leor eile le déanamh againn fós.

Agus níos mó á dhéanamh againn, ní mór dúinn feabhas a chur ar na seirbhísí atá ar fáil trí chur i bhfeidhm níos fearr agus trí oibriú lena chéile ar bhealach níos fearr ar fud an Rialtais. Táimid ag iarraidh cumhacht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus cumas a thabhairt dóibh na tacaíochtaí is fearr a oireann dá gcuid riachtanas a roghnú.

Mar léiriú air sin, déanfaimid:

- Tús áite a thabhairt d'idirghabhálacha fáthmheasa luath agus teacht a bheith ar sheirbhísí.
- Seirbhísí a fheabhsú agus a athrú trí chur i bhfeidhm agus comhoibriú níos fearr.
- Cearta a láidriú trí Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas UNCRPD).
- Feasacht a ardú maidir leis an taithí saoil a bhíonn ag daoine atá faoi mhíchumas.
- A chinntiú go gcuirtear na hidirghabhálacha is éifeachtaí ar fáil do gach duine aonair d'fhonn na torthaí is fearr a chinntiú.
- Féachaint le hagaí feithimh a laghdú maidir le riachtanas faoin Acht um Míchumas 2005 a mheas trí phoist teiripe breise a chur ar fáil ar feadh na bliana.
- An nós imeachta caighdeánach oibriúcháin nua a chur i bhfeidhm go hiomlán chun riachtanais a mheas i leith gach iarratas.
- Bunú Foirne Líonra um Sheirbhísí Míchumais do Leanaí agus Daoine Óga (0- 18 bliana) a Chur chun Cinn a chur i gcrích go hiomlán.
- Teacht a bheith ar thacaíochtaí meabhairshláinte a chomhcheangal mar chuid de sheirbhís míchumais a chur ar fáil.
- Acmhainní a chur ar fáil don Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumas a Chuimsiú ina leagfar béim ar dhlúthchomhar idir gníomhaireachtaí stáit agus an tsochaí shibhialta.
- Leanúint den chlár díchruinnithe a bhfuil éirithe go maith leis go dtí seo agus níos mó daoine faoi mhíchumas a aistriú ó láithreacha comhchónaithe chuig tithe sa phobal in éineacht leis na tacaíochtaí riachtanacha.

Cuireadh isteach ar dhaoine faoi mhíchumas agus a dteaghlach ar bhealaí éagsúla mar thoradh ar COVID-19, bíodh sé mar gheall ar sheirbhísí a bheith á n-aistriú nó á

laghdú, nó bheith ag mothú scoite amach. Tá díriú nua ag teastáil maidir leis an gcaoi a gcuirimid seirbhísí ar fáil.

Déanfaimid:

- Oibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad chun bealaí a aimsiú inar féidir seirbhísí agus acmhainní a chur ar fáil.
- An cleachtas maidir cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine óga atá faoi mhíchumas tromchúiseach i dteach altranais a laghdú agus bealach a chur ar fáil chun deireadh a chur leis.
- Cur le cláir phíolótacha urlabhra agus teanga i scoileanna agus iad a mhéadú d'fhonn soláthar teiripí i scoileanna a fheabhsú.
  A chinntiú go bhfaighidh daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu an cúnamh ceart ag an am ceart, i gcomhréir leis an méid atá foghlamtha ón gclár píolótach atá ar bun faoi láthair, agus faoi réir comhairliúchán breise.
- Oibriú chun an *Athbhreithniú Acmhainne Míchumais* is déanaí a chur i bhfeidhm.
- Tacú leis an bhFóram Idirphlé, ag oibriú le heagraíochtaí deonacha chun caidreamh oibre níos láidre a fhorbairt idir an Stát agus an earnáil cúram sláinte deonach.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)

Cumhdóimid cearta daoine faoi mhíchumas tríd an reachtaíocht a thabhairt chun críche atá riachtanach i ndiaidh d'Éirinn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a dhaingniú.

Tríd an reachtaíocht, déanfar:

- An sprioc maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú sa tseirbhís phoiblí a mhéadú faoi dhó go 6%.
- An tAcht Meabhair-Shláinte 2001 a leasú.
- Feabhas a chur ar na cosaintí atá ag daoine faoi mhíchumas in aghaidh coireacht fuatha agus fuathchaint
- Rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhís ghiúiré a fheabhsú.
- Tagairtí as dáta do 'dhaoine mímheabhracha' a bhaint as an Leabhar Reachtanna.
- Tús a chur leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 chun deireadh a chur le coimircíochtaí.
- Plean forfheidhmithe a fhorbairt chun cur i bhfeidhm UNCRPD a comhordú.
- Múnla comhairliúcháin agus rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le UNCRPD, chun cur ar chumas daoine faoi mhíchumas a bheith páirteach sa phróiseas forbartha beartais.
- An Prótacal Roghnach do UNCRPD a dhaingniú i ndiaidh an chéad timthrialla tuairiscithe.
- Oibriú le páirtithe eile san Oireachtas chun Comhchoiste Oireachtais a bhunú chun cuidiú le forálacha Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm.

Feasacht a ardú agus Taithí Saoil

Déanfaimid:

- Cláir a fhorbairt ina gcuirtear feasacht ar thaithí saoil daoine faoi mhíchumas chun cinn i measc an phobail i gcoitinne.
- A chur ar chumas daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus cláir a bhaineann le cultúr agus oidhreacht.
  - Oibriú i dtreo rochtain fhisiceach a bheith ar na ranna rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí ar fad a chuireann seirbhísí ar fáil.
  - Míchumas a bhreithniú a chur san áireamh i ngach athbhreithniú maidir le beartas tithíochta.

An Costas a bhaineann le Míchumas

Bainfimid úsáid as an taighde a rinneadh le gairid maidir leis an gcostas a bhaineann le míchumas do dhaoine aonair agus teaghlaigh chun eolas a dhéanamh mar is ceart do threo an bheartais amach anseo.

Táimid dúthrachtach faoi bhuiséid phearsantaithe a thabhairt isteach, feabhas a chur ar sheirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas trí réimse roghanna, bróicéirí seirbhíse san áireamh, agus cumhacht a thabhairt do dhaoine na tacaíochtaí is fearr a oireann dá riachtanais a roghnú. Beidh sé sin bunaithe ar thorthaí na scéimeanna píolótacha.

Tacaíochtaí Fostaíochta

Déanfaimid:

- Clár feasachta agus tacaíochta d'fhostóirí a chur chun cinn chun tacú le daoine faoi mhíchumas a fhostú agus a choinneáil.
- Tionscnaimh a fhorbairt trína bhfeabhsaítear deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas atá ag cur fúthu i gceantair thuaithe, lena n-áirítear

trí roghanna i leith cianobair.

- Tús áite a thabhairt do dhaoine filleadh ar Phinsean Míchumais nó Easláine i gcás nach n-éiríonn le deiseanna fostaíochta.
- Scéimeanna fostaíochta spriocdhírithe ar nós An Scéim Fóirdheontais Pá (WSS) agus An Clár Cumais a mhionchoigeartú agus a mhéadú chun cuidiú le níos mó daoine faoi mhíchumas fanacht san fhórsa saothair.
- Tiomantas a thabhairt don mhúnla feirmeoireachta sóisialta, ina n-aithnítear an luach atá le taithí oibre feirmeoireachta agus gairneoireachta a thabhairt do dhaoine atá ag baint leas as seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear seirbhísí míchumais.
- Iniúchadh a dhéanamh ar chothromas rochtana ar Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET) do dhaoine faoi mhíchumas.

Cúram Cónaithe agus Faoisimh

Cuirfimid an méid a leanas ar fáil:

- Áiteanna cónaithe breise agus socrúcháin cónaithe éigeandála nua.
- Áiteanna cónaithe oiriúnacha breise do dhaoine atá ag maireachtáil i gcúram faoisimh faoi láthair, mar fhreagra éigeandála ar a gcuid riachtanais.
- Dlúthphacáistí tacaíochta idirthréimhseacha breise do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais tacaíochta casta/arda acu.
- Oícheanta faoisimh bhreise do dhaoine faoi mhíchumas.

Seirbhísí agus Tacaíochtaí Lae

Déanfaimid:

- Oibriú chun seirbhísí agus tacaíochtaí lae do dhaoine fásta a mhéadú ar fud na tíre do dhaoine fásta a bhfuil míchumais fhisiceacha nó céadfacha, míchumas intleachtúil agus uathachas orthu.
- Tacaíocht baile méadaithe agus níos mó uaireanta Cúnaimh Phearsanta a chur ar fáil.

Neamhoird ar Speictream an Uathachais

Déanfaimid:

- An Plean Náisiúnta um Uathachas a chur i bhfeidhm agus a choinneáil faoi athbhreithniú rialta.
- A chinntiú go bhfuil an Plean Náisiúnta um Uathachas á chur i bhfeidhm go héifeachtach ar fud na ranna agus go gcuirfear tuairiscí ar fáil don choiste comh-aireachta ábhartha.
- Clár ardaithe feasachta a chur i bhfeidhm chun acmhainn faisnéise níos fearr a chur ar fáil do leanaí agus tuismitheoirí maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil.
- Feachtas a chur ar fáil chun feasacht a ardú ar na dúshláin, riachtanais agus taithí atá ag daoine a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais orthu.
- Acmhainn agus inniúlacht a fhorbairt i measc na bpríomhghairmithe atá ag obair le daoine a bhfuil uathachas orthu, lena n-áirítear clár náisiúnta oiliúna do chliniceoirí.

Forbairt a Dhéanamh i Réimsí Nua

Déanfaimid:

- An Tionscnamh um Chomhionannas i mBuiséadú a mhéadú, ag féachaint ar mar a bhaineann torthaí caiteachais le daoine faoi mhíchumas.
- Forbairt a dhéanamh ar an obair a rinneadh go dtí seo lena chinntiú go bhfuil gach seirbhís iompair phoiblí inrochtana ag daoine faoi mhíchumas.
- Leanúint d'oibriú leis na ranna rialtais ar fad agus a gcuid gníomhaireachtaí lena chinntiú go bhfuil peirspictíocht mhíchumais comhtháite i bhforbairt beartais phríomhshrutha.

Daoine Leochaileacha a Chosaint

Déanfaimid an doiciméad beartais náisiúnta *Daoine Leochaileacha i mBaol mí-úsáide a Chosaint, Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta* a athbhreithniú agus a fheabhsú.

Leanaí agus Tacaíocht Teaghlaigh

Bíonn tionchar bunúsach ag an gcéad chúig bliana ar an gcineál duine atá ionainn ar deireadh. Tá tús sona agus sláintiúil ar an saol – ina gcuirtear timpeallacht chothaitheach ar fáil do leanaí – ríthábhachtach. Tá an Rialtas seo tiomanta do chonradh sóisialta nua le saoránaigh ina dtabharfar cosaint dóibh agus dá dteaghlach ag tráthanna éagsúla ina saol.

Chomh maith leis sin, ba mhaith linn go mbeadh téarnamh na tíre fóinteach do theaghlaigh. Tá meas againn ar an obair a dhéanann gach tuismitheoir agus cinnteoimid go mbeidh tacaíocht acu maidir lena roghanna i leith cúram leanaí, bíodh siad sin trí bhíthin feighlithe leanaí, in áiteanna cúraim leanaí, nó sa bhaile.

Cé go ndearnadh infheistíocht shuntasach i gcúram leanaí le blianta beaga anuas, agus tá dul chun cinn mór déanta, tá costas agus rochtain ina ndúshlán fós. Laghdóimid an costas a bhaineann le cúram leanaí do thuismitheoirí trí infheistíocht

a dhéanamh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, agus scrúdóimid tuilleadh na roghanna atá ann chun é sin a bhaint amach freisin. Trí fhóirdheontais chomhchoiteanna agus spriocdhírithe, tabharfar cúnamh do thuismitheoirí maidir le hinacmhainneacht cúram leanaí nó maidir le filleadh ar obair nó ar oiliúint. Maidir le soláthraithe, aithnímid an luach a bhaineann le Luathoideachas agus Cúram Leanaí do leanaí agus tabharfaimid múnla maoinithe fadtréimhseach inbhuanaithe isteach trína gcuirfear chun cinn ardchaighdeán agus torthaí níos fearr do leanaí agus trína ndéanfar gairm i gcúram leanaí níos tarraingtí.

Ós rud é go bhfuil gá i gcónaí le cianobair agus le fleisc-am, tacóimid le solúbthacht agus rogha níos mó i ndáil le cúram leanaí chun cuidiú le riachtanais tuismitheoirí atá ag athrú.

D'imir COVID-19 tionchar nach beag ar an earnáil cúraim leanaí, agus leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do sholáthraithe agus a mbaill foirne de réir mar a osclaíonn saoráidí cúraim leanaí arís. Laghdóimid an t-ualach rialála atá ar sholáthraithe, agus bunóimid *Childcare Ireland* chun cuidiú leis an earnáil agus conairí gairme fadtréimhseacha a chur ar fáil.

Láidreoimid seirbhísí idirghabhála luatha agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh trí sheirbhísí a mhéadú go réamhghníomhach ina mbeidh torthaí láidre i gceist do leanaí agus dá dteaghlach.

Tacaíocht a thabhairt do Thuismitheoirí

Déanfaimid

- Fad a chur le saoire thuismitheoireachta ar íocaíocht do thuismitheoirí, ionas go mbeidh siad in ann níos mó ama a chaitheamh lena leanbh sa chéad bhliain.
- An Straitéis *First 5* do leanaí, páistí óga agus a dteaghlach chur i bhfeidhm, ina moltar iniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí maoinithe nua i ndáil le cúram leanaí agus ina leagtar amach bearta nua um bhochtaineacht a chosc.

Fleisc-am

Déanfaimid:

Socruithe níos mó maidir le cianobair, fleisc-am agus moil chianoibre a chur ar fáil do daoine chun tacú le teaghlaigh maidir lena roghanna tuismitheoireachta agus cúraim leanaí, agus tacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht ag an am céanna. Tacóimid le rannpháirtíocht níos airde mná san ionad oibre, comaitéireacht níos lú, agus cothromaíocht níos fearr idir réigiúin. Trí athruithe dá leithéid a dhéanamh, tabharfar acmhainneacht dár ngeilleagar agus dár sochaí san fhadtréimhse. Oibreoimid leis an earnáil cúraim leanaí chun tuilleadh solúbthachta a thabhairt isteach i suíomhanna cúraim leanaí.

Oideachas sna Luathbhlianta agus Cúram Leanaí

Inacmhainne a chur ar fáil

Déanfaimid:

- Gníomhaireacht, *Childcare Ireland*, a chur ar bun chun cuidiú le cúram leanaí ardchaighdeáin a mhéadú, d'fhonn bheith ar thús cadhnaíochta maidir le ceannaireacht, an dea-chleachtas agus nuálaíocht, agus forbairt ghairmiúil i suíomhanna pobail agus príobháideacha. Beidh sé de chúraim air freisin conairí gairme a fhorbairt do bhaill foirne cúraim leanaí. Beidh *Childcare Ireland* freagrach freisin as Síolta a mhéadú.
- Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí chun costais tuismitheoirí a laghdú agus tuilleadh roghanna agus solúbthachta a thabhairt isteach do thuismitheoirí.
- An córas cúraim leanaí a athchóiriú d'fhonn córas a chruthú ina dtugtar le chéile an chuid is fearr de sholáthar cúraim leanaí pobail agus príobháideach, ina leagtar béim ar chearta leanaí agus ar thorthaí ardchaighdeáin, ina laghdaítear neamhionannais, ina dtacaítear le baill foirne a choinneáil, agus ina laghdaítear na costais ar thuismitheoirí go mór. Déanfaimid amhlaidh i gcomhairle le soláthraithe, baill foirne agus tuismitheoirí.
- Inbhuanaitheacht laistigh den earnáil Luathoideachais agus Cúraim agus Cúraim Aois Scoile a chinntiú trí thús áite a thabhairt d'obair an tSainghrúpa maidir le múnla maoinithe nua a bhreithniú.
- Iniúchadh a dhéanamh ar chuir chuige atá ag tíortha eile san Eoraip maidir le huasteorann a chur ar tháillí tuismitheoirí beag beann ar ioncam. Déanfar anailís maidir le beartas, an dlí agus an geilleagar a chur i gcrích agus a fhoilsiú sa bhliain 2020.
- Roghanna maidir le solúbthacht a mhéadú laistigh de shuíomhanna cúraim ionadbhunaithe a iniúchadh, mar aon le roghanna chun dlús a chur le teacht a bheith ag cúramóirí linbh nach duine muinteartha iad ar fhóirdheontais, agus tuarascáil le foilsiú faoi dheireadh na bliana.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt don Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-óige do leanaí trí go cúig bliana d'aois agus cur le raon na scéime má tá acmhainní ar fáil ina leith sin.
- An réimse seirbhísí iarscoile i scoileanna nó moil phobail a mhéadú ina gcuirfear ar fáil réimse bearta oideachais agus bearta atá dírithe ar theaghlaigh.

- Tacaíocht a thabhairt do Chomhchoiste Saothair a bhunú san earnáil cúraim leanaí agus Ordú Rialaithe Fostaíochta a dhréachtú ina gcinnteofaí na rátaí íocaíochta íosta d'oibrithe cúraim leanaí, mar aon le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.
- Múnla printíseachta do ghairmithe luathbhlianta a reáchtáil ar bhonn píolótach.
- Riachtanais rialála a chuíchóiriú agus ardchaighdeán a fheabhsú ag an am céanna.
- Struchtúr trédhearcach do thuairisciú cigireachta a chinntiú do thuismitheoirí agus caomhnóirí.

Idirghabháil Luath agus Tacaíocht Teaghlaigh

Déanfaimid:

- An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) trína gcuidítear le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu teacht a bheith acu ar shuíomhanna luathoideachais agus cúraim a chur i bhfeidhm go hiomlán.

- An tionscadal píolótach maidir le teiripeoirí urlabhra agus teanga agus saothair inscoile a mhéadú agus a fheabhsú mar gheall ar chomh maith a bhfuil éirithe leis.

- Tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí altramaithe a fhorbairt ar bhonn leanúnach ar fud na tíre.

- An múnla inmheánach rathúil do sheirbhísí teiripeacha agus tacaíochta do leanaí leochaileacha agus cúramóirí i dTusla Baile Átha Cliath Thuaidh-Lár a leathadh chuig ceantair eile.

- Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí tacaíochta deonacha pobail agus teaghlaigh agus in obair don ógra, ag tabhairt aitheantas don luach a bhaineann leo maidir le dochar a chosc agus freagra a thabhairt ar na riachtanais atá ag teaghlaigh leochaileacha.

- Rochtain ar chláir tacaíochta tuismitheoireachta a bhfuil fianaise ann go bhfuil siad éifeachtach a mhéadú.

- Plean Gníomhaíochta Tusla a chur i bhfeidhm go hiomlán maidir le Moltaí ó Imscrúdú Reachtúil HIQA ar Bhainistiú Tarchur Tusla (Meitheamh 2018).

- Iarraidh ar an Rapóirtéir Speisialta maidir le Cosaint Leanaí athbhreithniú a dhéanamh ar mar is féidir cearta agus leasanna leanaí a chosaint maidir le tuismitheoireacht a aithint i gcásanna d'atáirgeadh daonna cuidithe agus máthairionadaíocht
- Leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil don Tionscadal Tuairiscithe um an Dlí um Chosaint Leanaí.
- Déanfaimid leagan nua de Torthaí níos fearr, Todhchaí níos gile: Creatlach an Pholasaí do Leanaí agus do Dhaoine Óga a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm agus forbróimid meicníochtaí, trí straitéis náisiúnta don óige, d'fhonn guth agus tuairimí daoine óga a bheith páirteach i gcinnteoireacht ag leibhéal an phobail, an chontae agus an náisiúi

Pobail níos Láidre agus níos Sábháilte a Fhorbairt

- **Póilíneacht**
- **Sábháilteacht ar líne**
- **Na hEalaíona agus Cultúr**
- **An Ghaeilge**
- **Spórt**
- **Forbairt Pobail, Ionchuimsiú Sóisialta agus Rannpháirtíocht an Phobail**

Misean: Pobail níos Láidre agus níos Sábháilte a Fhorbairt

Bhí an phaindéim COVID-19 ina léiriú ar chomh láidir agus chomh domhain is atá saol an phobail in Éirinn. Bunchloch don dlúthpháirtíocht láidir a chuidigh le brúnna na héigeandála dianghlasála a sheasamh ab ea saol pobail agus mórtas ceantair atá fréamhaithe go domhain. Saothraíodh an t-ómós áite seo trí shaorálaíochas in eagraíochtaí ar nós cumainn áitritheoirí, eagraíochtaí sóisialta agus clubanna spóirt inar féidir le daoine tacaíocht a thabhairt. Ceangailte leis sin, tá earnáil ealaíon agus cultúir bhríomhar ina gné lárnach de phobail rathúla agus ina gné lárnach dár n-oidhreacht náisiúnta.

Tá sábháilteacht an phobail ag croílár athrú leanúnach An Gharda Síochána. Cinnteoidh an Rialtas nua go mbeidh sé sin ina dhlúthchuid dár gconradh sóisialta le saoránaigh. Tá An Garda Síochána níos saibhre mar gheall ar na naisc láidre atá aige sna ceantair ina n-oibríonn sé agus a chosnaíonn sé.

Tacóimid le hearnáil pobail atá láidir agus réiteoimid an bealach dó sin, spreagfaimid stíleanna maireachtála gníomhacha agus cuideoimid leis an earnáil ealaíon agus cultúir barr a acmhainne a bhaint amach agus cinnte a dhéanamh de ag an am céanna go gcoinnítear teaghlaigh agus pobail na tíre slán.

Póilíneacht

Dualgas bunaidh an stáit is ea saoránaigh a chosaint agus tá ról sainiúil ag póilíneacht san fheidhm bhunúsach sin. Tá traidisiún láidir ag An Garda Síochána maidir le póilíneacht le comhthoil agus tá naisc aige atá fréamhaithe go domhan i ngach pobal a chuireann ar chumas dó a chuid oibre a chur i gcrích ar bhealach cothrom agus éifeachtach. Tá muinín an phobail go mbeidh An Garda Síochána ar fáil dóibh nuair atá siad ag teastáil bunriachtanach maidir leis an traidisiún sin a choinneáil agus tá acmhainní, cumhachtaí agus athchóiriú leanúnach ag teastáil ina leith sin.

Déanfaidh an Rialtas seo forbairt ar an oidhreacht sin lena chinntiú go mbeidh póilíneacht pobail láidir agus infheicthe ar thús cadhnaíochta inár bhfórsa póilíneachta agus ina ghné lárnach dár gconradh sóisialta le saoránaigh. I *Tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta* cuirtear bealach soiléir ar fáil don Gharda Síochána chun é sin a bhaint amach. Cinnteoidh an Rialtas nua go mbeidh sé sin ina dhlúthchuid dár gConradh Sóisialta le Saoránaigh agus cuirfear é ag croílár an bheartais maidir le póilíneacht.

Déanfaimid:

- *Tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta* a chur i bhfeidhm go gasta, agus ag an am céanna, cinnte a dhéanamh de go bhfuil meicníocht chuntasachta sheachtrach ag Coimisinéir na

nGardaí agus ag Foireann Ceannasaíochta na nGardaí atá láidir agus neamhspleách.

- Leanúint d'earcaigh nua a oiliúint gach bliain.
- Tús áite a thabhairt do phóilíneacht infheicthe i bpobail thuaithe agus uirbeacha araon.
- Gardaí a thógáil as dualgais riaracháin, teicniúla agus dualgais eile neamhchroíláir le gur féidir leo díriú ar chúrsaí póilíneachta.
- Éagsúlacht laistigh den Gharda Síochána a mhéadú trí thús áit a thabhairt do bhacainní a aithint agus a bhaint agus daoine óga ó chúlraí éagsúla agus mionlaigh a choinneáil.
- Bille nua um Phóilíneacht agus Shábháilteacht an Phobail a thabhairt isteach chun sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar fheidhmeanna An Garda Síochána.
- Na cumhachtaí maidir le cuardach, gabháil agus coinneáil atá ag An Garda Síochána a chódú.
- Cur leis na cumhachtaí trína rialaítear an úsáid a bhaineann Gardaí as CCTV agus Uathaithiint Uimhirphlátaí chun cuidiú le coireacht a chosc agus na daoine atá páirteach i ngníomhaíocht choiriúil a ionchúiseamh.
  - Athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar an gcreat dlí agus eagraíochtúil trína rialaítear CCTV pobail.
  - Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair an Gharda Síochána maidir le dul i ngleic le coireacht eagraithe agus cur isteach uirthi.
  - An múnla d'Ionchathair Thuaidh Thoir Bhaile Átha Cliath a leathadh chuig áiteanna comparáideacha eile ina bhfuil míbhuntáiste i gceist.
  - Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1998 agus ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Leasú) 2009.
  - Athchóiriú agus láidriú na Roinne Dlí agus Cirt a thacú agus a dhaingniú.
  - A chinntiú go gcuirtear an tAcht Parúil 2019 i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear Bord Parúil reachtúil neamhspleách a bhunú chomh luath agus is féidir.

Coireacht an Bhóna Bháin

Tá éilliú agus coireacht an bhóna bháin ina gcúis le dochar a dhéanamh don gheilleagar, ina gcúis le soiniciúlacht a cothú sa tsochaí agus ina mbagairt maidir lenár gcáil idirnáisiúnta. Déanfaimid:

- Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) a bhunú mar chomhlacht reachtúil neamhspleách.
- Struchtúir frith-éillithe agus frith-chalaoise nua a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm le heolas ó Athbhreithniú Hamilton atá le teacht gan mhoill.
- Reachtaíocht a rith chun foráil a dhéanamh do réamhéisteachtaí trialach d'fhonn riar an chirt a dheifriú i gcásanna de choireacht an bhóna bháin.
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2018 a leasú d'fhonn coireacht an bhóna bháin a ionchúiseamh ar bhealach níos soláimhsithe agus níos éifeachtúla.

Athchóiriú Cúirteanna

Tá córas breithiúnais agus cúirteanna atá neamhspleách, neamhchlaonta agus éifeachtúil ríthábhachtach dár ndaonlathas. Ní mór dúinn díriú ar ár gcóras cúirteanna teaghlaigh a athchóiriú, lena chinntiú go ndéileáiltear le himeachtaí a bhaineann le leanaí ar bhealach ina n-aithnítear an leochaileacht agus riachtanais ar leith atá ag leanaí. Is soiléir go bhfuil gá le níos mó speisialtóireachta i réimsí ar nós an dlí pleanála ionas gur féidir cásanna a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla. Tá na costais a bhaineann le córas dlí na hÉireann, mar aon leis an am a chaitear ar chásanna, níos costasaí agus bíonn níos mó ama i gceist leo ná mar is amhlaidh i dtíortha piara, agus rachaimid i ngleic leis sin.

Ní mór dúinn úsáid níos mó a bhaint as réiteach díospóide malartach ar fud na gcúirteanna ar fad. Déanfaimid:

- Bille um Chúirt Teaghlaigh a achtú chun Cúirt Teaghlaigh nua tiomnaithe a chruthú laistigh den struchtúir cúirte reatha agus foráil a dhéanamh do nósanna imeachta cúirte trína dtacaítear le díospóidí a réiteach ar bhealach nach bhfuil an oiread sáraíochta ag baint leis.
- Foirgneamh nua do Chúirt Dlí Teaghlaigh a thógáil i mBaile Átha Cliath lena chinntiú go bhfuil saoráidí cúirte ar fud na tíre oiriúnach d'éisteachtaí dlí teaghlaigh, ionas gur féidir na cásanna sin a reáchtáil ar leithligh ar chásanna eile.
- Smachtbhannaí maidir le díspeagadh cúirte maidir le sáruithe sna meáin shóisialta a shoiléiriú agus a láidriú.
- Reachtaíocht a rith chun mionn éithigh a thabhairt isteach mar chion reachtúil d'fhonn an coir sin a bheith níos éasca a ionchúiseamh.
- An dlí maidir le daoine a chur faoi mhionn ag imeachtaí breithiúnacha agus imeachtaí eile a

nuachóiriú.

- Cúirt um Dlí Pleanála agus Comhshaoil nua a bhunú atá á bainistiú ag breithimh speisialtóra ar an mbunús céanna leis an múnla reatha don Chúirt Tráchtála.
- Grúpa oibre a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar líon agus cineál na mbreitheamh atá ag teastáil chun riar éifeachtúil an cheartais a chinntiú sa chúig bliana atá amach romhainn.
- An Bille fá Choimisiún um Cheapachán Breithiúnacha a achtú laistigh den chéad sé mhí den Rialtas. Mar sin féin, rachaimid i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun leasuithe cuí a dhéanamh ar an mBille reatha lena chinntiú go mbeidh tacaíocht leathan aige. D'áireofaí leo sin a chinntiú go bhfuil an Príomh-Bhreitheamh ina chathaoirleach *ex-officio* den chomhlacht.
- Leasuithe a chur i bhfeidhm maidir le riar an cheartais shibhialta sa Stát ina gclúdaítear ceisteanna maidir le hacmhainní cúirte agus breithiúnacha a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Tabharfar treoir dó sin ó thuarascáil ón ngrúpa ar a bhfuil laruachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Uasal Peter Kelly
- ina chathaoirleach.
- Iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar an rogha maidir le córas tiomnaithe de chosantóirí poiblí.
- Na hathchóirithe reachtacha riachtanacha a thabhairt isteach don chóras um dhócmhainneacht phearsanta.

Iompraíocht Fhrithshóisialta

Tá iompraíocht fhrithshóisialta ina cúis le faitíos agus easpa muiníne a bheith ag daoine agus pobail. Rachaimid i ngleic leis sin trína chinntiú go mbeidh póilíneacht níos infheicthe sa phobal i gcomhréir le Tuarascáil ón gCoimisiún Um Thodhchaí na Póilíneachta. Trí sin a dhéanamh, laghdófar iompraíocht fhrithshóisialta go mór agus braithfidh daoine níos sábháilte sa phobal. Déanfaimid:

- Sainfhóram speisialta maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta a bhunú chun éifeachtacht na reachtaíochta reatha a mheas agus bealaí nua chun cinn a mholadh, lena n-áirítear cumhachtaí nua don Gharda Síochána agus idirghabhálacha breise chun tacú le tuismitheoireacht a dhéanamh ar chiontóirí.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an teorainn aoise maidir le Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm a mhéadú go 24 bliain d'aois.
- Straitéis nua um Cheartas i leith an Aos Óig a chur i bhfeidhm, ag baint leas as an méid a foghlaimíodh ón múnla Íoslannach agus béim a leagan ar chosc, idirghabháil luath agus comhoibriú idir gníomhaireachtaí.
- Coirpigh a dhéanamh de dhaoine fásta a ullmhaíonn leanaí chun coireanna a dhéanamh.
- Oibriú leis na gníomhaireachtaí um cheartas coiriúil ar fad chun acmhainn a forbairt maidir le ceartas aisiríoch a chur ar fáil go sábháilte agus go héifeachtach.
- Na scéimeanna píolótacha maidir le Freagra Comhpháirteach Gníomhaireachtaí ar Choireacht a leathadh chuig tuilleadh limistéar chun díriú ar athchiontóirí líonmhara agus ciontóirí leochaileacha atá 16-21 bliain d'aois.
- Cur leis na cumhachtaí atá ar fáil don Gharda Síochána chun srian a chur leis an úsáid a bhaintear as rothair streachailte agus cuadrothair ag daoine atá i mbun iompraíocht fhrithshóisialta agus reachtaíocht a achtú chun cur leis na cumhachtaí sin, más gá.

Cearrbhachas

Bunóimid rialálaí cearrbhachais atá dírithe ar shábháilteacht agus leas an phobail, a chlúdaíonn cearrbhachas ar líne agus i bpearsa, agus a chlúdaíonn na cumhachtaí maidir le fógraíocht, láithreáin gréasáin agus aipeanna cearrbhachais a rialáil.

Príosúin agus Athchóiriú an Chórais Choiriúil

Tá sé bunriachtanach go mbeadh seirbhís phríosúin againn ina gcoinnítear daoine i bpríosún ar bhealach sábháilte agus trí sin, pobal a chosaint ar choirpigh chontúirteacha, agus ag an am céanna, éascaíocht a dhéanamh ar phríosúnaigh a athshlánú le gur féidir leo filleadh ar an bpobal ar bhealach atá slán. Déanfaimid:

- An Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i gcoinne Céasadh a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm laistigh de 18 mí ar an Rialtas a bhunú.
- Tascfhórsa ardleibhéil tras-rannach agus tras-ghníomhaireachta a bhunú chun na dúshláin mheabhairshláinte agus andúile atá ag daoine a chuirtear i bpríosún, agus tacaíocht bhunchúraim ar iad a scaoileadh saor, a bhreithniú.
- Cur chuige cuimsitheach a ghlacadh chun an Chéad Straitéis Chaipitil ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann a fhorbairt chun infhaighteacht saoráidí coinneála nua-aimseartha ina bhfuil acmhainn leordhóthanach a chinntiú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na feidhmeanna,

cumhachtaí, nósanna imeachta ceapacháin agus próisis tuairiscithe reatha do choistí cuairte príosún.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe) 2026 chun cur leis an réimse cionta a mheastar a bheith spíonta.
- Comhairle Comhairlitheach um Beartas Pionósach a bhunú chun comhairle a chur ar fáil maidir le beartas pionósach.

Coireanna Fuatha

Imríonn fuathchaint agus coireanna fuatha tionchar ar feadh an tsaoil ar dhaoine aonair agus ar phobail agus níl aon áit acu sin inár sochaí. Déanfaimid:

- Reachtaíocht maidir le Coireanna Fuatha a thabhairt isteach laistigh de 12 mhí ar an Rialtas a bhunú. Tríd an reachtaíocht seo, cruthófar cionta sonracha lena chinntiú go n-aithneofar daoine a dhíríonn ar íospartaigh mar gheall ar a gceangal le haitheantas áirithe mar dhéantóirí coir fuatha. Beidh an reachtaíocht seo bunaithe ar mhúnla maidir le tromchionta. Tacófar léi trí oiliúint ar fud an chórais cheartais choiriúil mar aon le tacaíochtaí d'íospartaigh.
- D'fhonn a chinntiú gur féidir daoine a fhéachann le daoine eile a spreagadh agus a ghríosú chun fuatha i leith grúpaí mionlaigh a ionchúiseamh, déanfaimid an tAcht um Ghríosú chun Fuatha 1989 a athbhreithniú agus a nuashonrú agus an comhairliúchán poiblí a cuireadh i gcrích in 2019 á chur san áireamh.

Foréigean Teaghlaigh agus Foréigean Gnéis

Tá foréigean teaghlaigh, agus foréigean gnéis agus inscne-bhunaithe ann go rábach. Agus muid ag déanamh forbairt ar dhaingniú Choinbhinsiún Iostanbúl, oibreoimid le NGOnna agus seirbhísí chun:

- An tríú Straitéis Náisiúnta um Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne-bhunaithe a fhorbairt ina dtabharfar tús áite do chosc agus laghdú agus lena n-áireofar Straitéis Náisiúnta Coisctheach.
- Iniúchadh a chur i gcrích láithreach atá le críochnú laistigh de naoi mí ar an Rialtas a bhunú, ar mar atá freagracht i leith foréigean teaghlaigh, gnéis agus inscne-bhunaithe deighilte ar fud gníomhaireachtaí rialtais éagsúla, agus moltaí a fhorbairt maidir leis an mbonneagar atá ag teastáil lena chinntiú go ndéileáiltear leis an gceist ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir.
- Tabharfar faoin iniúchadh seo i gcomhar le NGOnna agus soláthraithe seirbhísí.
  - Plean a chur i bhfeidhm do spás tearmainn amach anseo i ndiaidh athbhreithniú a fhoilsiú maidir le cóiríocht a chur ar fáil i ndáil le foréigean teaghlaigh.
  - Iniúchadh a dhéanamh ar shaoire íoctha agus cosaint shóisialta a chur ar fáil d'íospartaigh foréigean teaghlaigh.
  - Foghlaim ó mhúnla na RA, inar éiríodh leis an gcoir maidir le smacht comhéigneach a ionchúiseamh ó 2015 i leith. Infheisteoimid i bplean cuimsitheach oiliúna do ghairmithe a d'fhéadfadh bheith i dteagmháil le híospartach smacht comhéigneach, An Garda Síochána, gairmithe dlí, agus pearsanra na seirbhíse cúirteanna san áireamh, lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar an gcineál ciona atá sa chion sách nua seo.
  - Reachtaíocht a rith chun Athbhreithnithe ar Dhúnbhású Teaghlaigh a thabhairt isteach.
  - An tAcht um Chiontóirí Gnéis 2001 a nuashonrú lena chinntiú go ndéantar ciontóirí gnéis ciontaithe a bhainistiú agus a mhonatóiriú go héifeachtach.
  - An Bille um Chiapadh & Cumarsáid Dhochrach (arna leasú) a achtú d'fhonn mí-úsáid gnéis íomhá-bhunaithe a eisreachtú agus íomhánna dlúthphearsanta a bheith á roinnt go drochídeach ar líne a chosc.
  - Torthaí *Athbhreithniú O'Malley* a chur i bhfeidhm maidir le tacaíochtaí d'fhinnéithe leochaileacha i gcásanna d'fhoréigean gnéis chun tacú le híospartaigh.
  - Straitéis chuimsitheach a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm chun troid i gcoinne mná agus cailíní a gháinneáil.

Íospartaigh Coireachta

Déanfaimid:

- An Cairt d'Íospartaigh athbhreithnithe a chur i bhfeidhm go hiomlán agus córas a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar a feidhmiú.
- An Treoir um Íospartaigh Coireachta ón AE a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh d'íospartaigh a chur ar fáil.

Sábháilteacht ar líne

Achtóimid an Bille um Shábháilteacht ar líne agus Rialú Meán agus déanfaimid Coimisinéir um Shábháilteacht ar líne a bhunú. Déanfaidh an Coimisinéir um Shábháilteacht

ar líne:

- A éileamh ar ardáin ar líne na céimeanna a ghlacfaidh siad maidir lena gcuid úsáideoirí a choinneáil slán ar líne a leagan amach agus sábháilteacht a fhorbairt isteach i leagan amach a n-ardán.
- A chinntiú trí na Cóid Sábháilteachta nua ar líne gur féidir troid i gcoinne ábhar cibearbhulaíochta agus ábhar ina gcuirtear neamhoird itheacháin, féindochar agus féinmharú chun cinn.
- Meicníocht a chur ar fáil maidir le catagóirí eile d'ábhar dochrach a chur leis i ndiaidh comhairliúcháin leis an Oireachtas.
- A Éileamh ar sheirbhísí nósanna imeachta éifeachtacha a oibriú maidir le gearáin.
- A chinntiú nach bhfuil fógraíocht, urraíocht agus suíomh táirgí dochrach agus go gcloítear leis na caighdeáin íosta.
- A iarraidh ar ardáin bearta bainte anuas a bheith acu atá tráthúil agus éifeachtach.
- Saoránacht dhigiteach dhearfach a chur chun cinn i measc leanaí agus daoine óga i gcomhar le Webwise agus comhpháirtithe oideachais eile, scoileanna agus an tOmbudsman do Leanaí.
- Clár taighde a fhorbairt faoi stiúir saineolaithe a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta orthu chun athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht reatha agus an litríocht atá á forbairt maidir le (a) na hiarmhairtí, tairbhí agus dochair a d'fhéadfaí a dhéanamh don tsochaí agus do leanaí mar gheall ar ghníomhaíocht dhigiteach go háirithe agus (b) an coincheap maidir le dualgas cúraim agus leas an phobail sa leagan amach atá ar ardán ar líne.

Tiocfaidh Coimisiún nua maidir leis na Meáin agus Sábháilteacht ar líne in ionad Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) nuair a achtófar an reachtaíocht.

Tacóimid le scéimeanna maidir le litearthacht dhigiteach ar fud na tíre agus leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don Scéim maidir le Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh.

Cibearshlándáil

Baineann sraith rioscaí agus leochaileachtaí le húsáid níos mó a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. De réir mar a chomhcheanglaítear tuilleadh an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí atá ceangailte leis an idirlíon inár saol laethúil, i bhfeidhmiú gnóthaí agus i bhfeidhmiú an Stáit, tiocfaidh méadú ar na rioscaí sin i gcónaí.

Déanfaimid na gníomhartha atá riachtanach chun Éire a chosaint in aghaidh haiceáil, cibearchoireacht, cripteabhradaíl, haiceáil chúise agus cibirspíodóireacht.

Déanfaimid:

- Acmhainn an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCCS) a fhorbairt chun an earnáil phoiblí agus phríobháideach a chosaint ar chibearchoireacht de bhun an athbhreithnithe acmhainne atá ar siúl faoi láthair.
- Cur le cumas NCCS monatóireacht a dhéanamh ar eachtraí cibearshlándála agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn agus gníomhú ina leith.
- *An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála* a chur i bhfeidhm, ina dtugtar aitheantas don ról tábhachtach atá ag Óglaigh na hÉireann agus don ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith acu.
- Litearthacht dhigiteach a mhéadú i measc saoránaigh agus gnóthaí d'fhonn bheith ina ann bagairtí ar líne a aithint níos fearr.
- Acmhainn maidir le cibearshlándáil a fhorbairt in Éirinn chun cosaint níos fearr a thabhairt do shaoránaigh, cuideachtaí agus institiúid.

Na hEalaíona agus Cultúr

Tá na healaíona bunriachtanach maidir le leas na sochaí agus maidir le pobail a thabhairt le chéile. Ba mhaith linn go mbeadh teacht níos fearr fós ag daoine ar na healaíona agus go mbeadh siad ar fáil do chách.

Aithnímid an réimse éagsúil gníomhaíochtaí ealaíonta agus cruthaitheacha in Éirinn agus an luach suntasach geilleagrach agus sóisialta atá ag ár gcultúr cruthaitheach ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Chuir géarchéim COVID-19 isteach go mór ar an earnáil ealaíon, agus táimid dúthrachtach cuidiú leis an earnáil sin agus muid i mbun téarnamh geilleagrach na tíre a leagan amach. Mar chuid den Tionscnamh *July Jobs*, leagfaidh an Rialtas amach an bealach a dtacófar leis an earnáil i dtreo téarnamh inbhuanaithe.

Tá cáil idirnáisiúnta ar Éirinn as barr feabhais sna healaíona. Ba mhaith linn béim a leagan ar an luach geilleagrach, sóisialta agus cultúir atá ar ár bpobal dúchasach cruthaitheach atá sárchumasach. Spreagtar bród mór náisiúnta agus ceantair trí na healaíona agus cultúr.

Déanfaimid:

- Tascfhórsa tras-rannach a bhunú chun cur chuige

soiléir a fhorbairt, in éineacht le heolas ó thuairimí páirtithe leasmhara, chun an earnáil ealaíon agus cultúir a chosaint agus a choimeád ag imeacht tríd an téarnamh ó COVID-19 agus ina dhiaidh sin. Cuirfear é sin isteach sa Phlean Geilleagrach Náisiúnta.

- Pacáiste spreagthaí a fhorbairt chun tacú leis an earnáil trí COVID-19 agus ina dhiaidh, de réir acmhainní geilleagracha a bheith ar fáil.
- Neamhspleáchas phobal na n-ealaíon a chosaint.
- Tacú le Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm a leanann go fóill.
- Tacaíocht airgeadais a thabhairt d'obair na Comhairle Ealaíon i gcónaí.
- Tacú le Clár Éire Ildánach maidir leis an tionscnamh 'Teagmháil a dhéanamh leis an bPobal maidir le hAthrú Aeráide trí na hEarnálacha Ealaíon agus Cultúir'.
- Cionn tairbhe na mban a chur chun cinn trí scéimeanna cultúir nuálacha ar nós Dámhachtain Markievicz trína dtacaítear le saothair nua ealaíne.
- Tacú leis an earnáil cultúir agus cruthaitheach, agus go háirithe tionscal na n-imeachtaí, i ndáil le téarnamh glas, agus cuidiú leis bheith ina thionscal níos inbhuanaithe agus níos ísle maidir le carbón, na hastaíochtaí a bhaineann leis a laghdú agus margadh dúchasach a fhorbairt maidir le réitigh atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur ar fáil don earnáil.

Léiriúchán Scannán/Teilifíse /Meán Closamhairc/Digiteach

Déanfaimid:

- An Plean Gníomhaíochta Closamhairc a chur i bhfeidhm.
- Leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil d'Fhís Éireann.
- Oibriú leis na ranna rialtais ábhartha lena chinntiú go gcuirtear an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) i bhfeidhm go hiomlán.
- A chinntiú go bhfuil ár réimeas cánach tacúil agus tarraingteach i gcónaí i ndiaidh an rath a bhí ar an Ardú Céatadáin d'Fhorbairt Scannáin Réigiúnacha.
- Treochlár do Thionscail Dhigiteacha Chruthaitheacha a fhorbairt.
- Oibriú le ranna rialtais ábhartha agus le páirtithe leasmhara seachtracha chun cosaint ar chearta maoine intleachtúla agus cearta digiteacha a ráthú don earnáil chruthaitheach, agus a chinntiú go gcuirtear an Treoir ón AE maidir le Cóipcheart i bhfeidhm go hiomlán.
- Tacaíocht a thabhairt chun spás stiúideo nua a fhorbairt agus oibrithe closamhairc a uasoiliúint.

Ealaíona Pobail

Déanfaimid:

- Tionscnaimh a fhorbairt chun cur ar chumas na bhForas Cultúir Náisiúnta dul ar camchuairt chuig bailte ar fud na tíre.
- Scéimeanna tacaíochta nuálacha a fhorbairt d'fhéilte beaga áitiúla, drámaíocht amaitéarach agus seónna ceoil.
- An chéad ghlúin eile d'ealaíontóirí óga a spreagadh trí scéimeanna sparánachta nua a chruthú.
- Comórtas nua do Bhaile Náisiúnta Cultúir a chruthú a chur san áireamh.
- Oibriú lena chinntiú go bhfuil tacaíocht leordhóthanach ag údaráis áitiúla le bheith in ann pleanáil straitéiseach ealaíona agus cultúir fadtréimhseach ag an leibhéal áitiúil a chomhlíonadh.

  Scoileanna Cruthaitheacha a mhéadú, lena chinntítear go bhfuil teacht ag gach leanbh in Éirinn ar theagasc agus ar rannpháirtíocht in ealaín, ceol, drámaíocht agus códú.

  - A chinntiú go leanann sé ar aghaidh i ndiaidh shaolré Éire Ildánach agus rachfar i mbun oibre leis an Roinn Oideachais chun é sin a bhaint amach.
  - Tuilleadh comhoibrithe a chothú idir údaráis áitiúla agus eagraíochtaí ealaíona áitiúla trí Phobail Ildánacha.

Cultúr Oíche

Beidh tionchar mór ag scaradh sóisialta ar an gcultúr oíche. Oibreoimid le páirtithe leasmhara ón earnáil cultúr oíche chun cuir chuige nuálacha a fhorbairt ionas go mbeidh an earnáil in ann feidhmiú agus chun geilleagar oíche fuinniúil, éagsúil agus inbhuanaithe a chruthú in Éirinn.

Déanfaimid:

- Tascfhórsa Geilleagair Oíche a bhunú laistigh den chéad 30 lá den Rialtas.
- Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na rialacháin agus ar an gcreat beartais trína rialaítear ár gcultúr oíche ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, lena n-áirítear uaireanta trádála do thithe tábhairne, beáir

dhéanacha, clubanna agus bialanna.

- Ár ndlíthe ceadúnúcháin agus próisis iarratais a nuachóiriú.
- Tacú leis na Méaraí Cultúr Oíche a moladh do Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh a bhunú, agus iniúchadh a dhéanamh ar choistí áitiúla a bhunú chun ár siamsaíocht oíche agus saothair chruthaitheacha i gceantair uirbeacha eile a chur chun cinn agus a fheabhsú.

Bonneagar Cruthaitheach agus Cultúir

Déanfaimid:

- Na tionscnaimh 'Agent of Change' a scrúdú, nuair nach mór spásanna cultúir reatha a chur san áireamh nuair atá tógáil ar siúl.
- Tacú le bearta chun an soláthar spásanna oibre inacmhainne atá ar fáil d'ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha a mhéadú.
- Reachtaíocht maidir le 'úsáid idir an dá linn' a scrúdú maidir le foirgnimh fholmha a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm in Éirinn.
- A chinntiú go mbaintear amach gealltanais infheistíochta maidir leis na healaíona agus cultúr in am trátha, lena n-áirítear ár bhForais Cultúir Náisiúnta, dé réir mar atá leagtha amach i *Tionscadal Éireann 2040*.

Comóradh

Tá Éire ag tabhairt aghaidh ar thréimhse an-chasta, agus muid ag pleanáil comórthaí sna blianta atá amach romhainn. Déanfaimid:

- Múnla cuimsitheach a chinntiú i leith comóradh a phleanáil le treoir ón Sainghrúpa Comhairleach.
- Iarraidh ar an Sainghrúpa Comhairleach féidearthacht maidir le comóradh stáit bliantúil a scrúdú i gcás pearsana i rinne cion tairbhe dearfach suntasach maidir le cultúr agus oidhreacht na hÉireann.
- Gealltanas a thabhairt i leith rannpháirteachas le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann maidir le comórthaí atá íogair ó thaobh pobal agus polaitíochta de a phleanáil agus a bhainistiú.
- Údaráis áitiúla a spreagadh le rannpháirtíocht agus éascaíocht a uasmhéadú i bpobail maidir le himeachtaí comóraidh a fhorbairt.

An Ghaeilge

Aithníonn an Rialtas seo an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge mar chéad teanga an Stáit, mar theanga bheo, agus mar dhlúthchuid d'oidhreacht an oileáin seo. Táimid dúthrachtach faoi infheictheacht ár dteanga dúchais a mhéadú agus a húsáid laethúil sa phobal a mhéadú freisin. Ba mhaith linn go mbraithfeadh daoine a labhraíonn Gaeilge mar chéad teanga go bhfuil siad cumasaithe mar shaoránaigh ghníomhacha agus go mbraithfeadh daoine nach bhfuil líofacht acu sa teanga muiníneach a dhóthain Gaeilge a úsáid go rialta ina saol laethúil, san ionad oibre agus sa phobal.

Déanfaimid:

- Cur chuige uile-Rialtais a ghlacadh maidir le Gaeilge a chosaint agus a chur chun cinn tríd an *Straitéis 20 Bliana don Ghaeilge 2010-2030* agus *Plean Gníomhaíochta*. A chur i bhfeidhm.
- Bille na dTeangacha Oifigiúla a láidriú agus a achtú faoi dheireadh na bliana 2020 agus athbhreithnithe tréimhsiúla a chur san áireamh chun monatóireacht a dhéanamh ar an sprioc fhoriomlán maidir lena chinntiú go mbeadh 20% d'fhostaithe nua na seirbhíse poiblí ina gcainteoirí Gaeilge.
- Ionaid Ghaeilge a fhorbairt i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre a chur chun cinn le haghaidh cur chuige pobalbhunaithe maidir le cur chun cinn na Gaeilge.
- Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do phobail labhartha Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus ardáin a fhorbairt chun rannpháirtíocht daoine óga sa teanga a mhéadú (e.g. TG4, Raidió na Gaeltachta, RTÉ, Raidió Rí-Rá).
- An Ghaeilge a chur chun cinn in ionaid oibre agus suíomhanna sóisialta trí Chonradh na Gaeilge agus trí eagraíochtaí eile. Feachtas meán náisiúnta a fhorbairt chun tacú leis an obair sin.
- An Scéim Teanga Teaghlaigh / 'Teanga Tí' a mhéadú agus iniúchadh a dhéanamh ar scéimeanna den chineál céanna a thabhairt isteach ar fud na tíre.
- Gealltanas a thabhairt maidir le ceantair Ghaeltachta a chosaint agus a chaomhnú lena chinntiú go mbeidh siad ag croílár na teanga beo i gcónaí.

Údarás na Gaeltachta

Déanfaimid:

- Tacú leis an ról atá ag Údarás na Gaeltachta maidir le fostaíocht a chruthú, an Próiseas Pleanála Teanga a

riar, agus obair Oifigí Fiontair Áitiúla, an IDA agus Fiontraíocht Éireann a chur i gcrích i gceantair Ghaeltachta trí acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don eagraíocht.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir eagraíochtúla agus rialachais Údarás na Gaeltachta, lena n-áirítear an próiseas roghnúcháin/toghcháin chuig an mBord.
- Tús áite a thabhairt d'obair Údarás na Gaeltachta maidir le haitheantas agus brandáil a láidriú dár gceantair Ghaeltachta tríd an mbranda 'Gaeltacht na hÉireann'.

Oidhreacht Thógtha

Déanfaimid:

- An beartas oidhreachta nua uile-Rialtais a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm agus tosú ar é a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.
- Iniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí maoinithe il-bhliantúla agus cinnte a dhéanamh de go gcuirtear maoiniú leordhóthanach ar fáil chun gach Plean Oidhreacht Contae a chur i bhfeidhm.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt don ról atá ag na hOifigigh Oidhreachta sna réimsí maidir le hoidhreacht, oideachas, sláinte agus folláine, agus eolaíocht saoránach.
- Gach údarás áitiúil a spreagadh chun Oifigeach um Chaomhnú agus Athrú Cuspóra a cheapadh.
- Forbairt a dhéanamh ar scéimeanna atá faoi stiúir an phobail, ar nós an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha agus an Ciste um Struchtúir i mBaol, trína gcuirtear cúnamh deontais ar fáil chun foirgnimh thábhachtacha stairiúla inár bpobail áitiúla a chosaint agus a chothabháil.
- Scileanna tógála traidisiúnta a spreagadh trí chlár printíseachta a cheapadh in éineacht leis an earnáil tógála inbhuanaithe, ag díriú ar dhisciplíní agus ceirdeanna oidhreachta.
- An Scéim Oidhreachta sna Scoileanna a mhéadú le gur féidir le níos mó daltaí leas a bhaint as ár n-oidhreacht nádúrtha cultúir shaibhir.
- Leanúint d'Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta a mhéadú agus foirgnimh nua-aimseartha agus tionsclaíocha a chur san áireamh.
- Leanúint de mháistirphlean dár bPáirceanna Náisiúnta agus dár nAnaclanna Náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Scéim a bhunú do gach scoil ina gcuirtear chun cinn cuairteanna ar shuíomhanna stairiúla OPW in Éirinn.

Spórt

Tá spórt ag croílár saol gníomhach faoi bhláth agus ag croílár pobail bhríomhara. Tá spéis nua á cur san aclaíocht mar gheall ar an bpaindéim, ina gcuirtear deis ar leith ar fáil nósanna a athrú agus grá a chothú don aclaíocht ar feadh an tsaoil. Déanfaidh an Rialtas seo forbairt air sin agus oibreofar chun rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do gach earnáil den tsochaí agus pobail. Beidh an beartas seo ag teacht go maith le hathrú níos leithne i dtreo taisteal gníomhach agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú.

Gníomhóimid ar fud an Rialtais chun sláinte pearsanta, folláine agus aclaíocht daoine a spreagadh agus a chur chun cinn. Tá spórt agus aclaíocht lárnach dó sin. Le linn na paindéime, ba léir go raibh tóir níos mó ar dhul ag rith, ag rothaíocht agus ag siúl toisc go raibh daoine ag iarraidh aire a thabhairt dá sláinte fhisiceach agus sláinte intinne. Déanfaimid forbairt air sin. Déanfaimid cinnte de go mbeidh ár n-idirghabhálacha i spórt ag teacht lenár n-iarrachtaí maidir le taisteal gníomhach a mhéadú agus sláinte phoiblí agus folláine a fheabhsú.

Rannpháirtíocht

Ní mór gan inscne, aois, míchumas ná cúlra eitneach nó socheacnamaíoch a bheith ina mbac ar rannpháirtíocht.

Déanfaimid:

- 60% den daonra ar a laghad a bheith rannpháirteach i spórt faoin mbliain 2027 a bheith mar sprioc againn.
- Luach na haclaíochta mar chuid den saol laethúil a chur chun cinn trí pheirspictíocht ar feadh an tsaoil atá tacaithe ag litearthacht fhisiceach a ghlacadh.
- Béim láidir a leagan ar shnámh, rothaíocht, siúl agus rith ar spóirt iad atá oiriúnach do gach glúin.
- Oibriú le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt d'fhonn leathadh amach níos mó a chinntiú maidir le tionscnaimh ar éirigh leo ar nós 'Go for Life Games' nó 'Men on the Move'.
- Oibriú le réamhscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna d'fhonn nósanna aclaíochta gach linbh a fheabhsú agus béim a leagan ar an tréimhse idir ógántacht agus aois

duine óig fhásta.

- Clár um thógáil agus nuachóiriú PE a chur ar fáil le go mbeidh saoráidí laistigh ag níos mó scoileanna do PE agus le go mbeidh teacht ag pobail áitiúla orthu agus ar bhreis saoráidí.
  - Acmhainní a dhíriú ar chláir ina bhféachtar le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais maidir le rannpháirtíocht sa spórt, go háirithe míbhuntáiste shocheacnamaíoch. Tús áite a thabhairt do níos mó rannpháirtíochta ag mná i spóirt mar rannpháirtithe, cóitseálaithe, réiteoirí agus riarthóirí. Leanfaimid de mhaoiniú a mhéadú gach bliain don chlár Mná sa Spórt ó Spórt Éireann.
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht i ngach spórt maoinithe lena chinntiú nach bhfuil inscne, eitneacht ná cultúr ina mbac ar rannpháirtíocht.
  - Údarás a thabhairt do Spórt Éireann clár idirghabhálacha a fhorbairt chun cur le leibhéil rannpháirtíochta i measc daoine faoi mhíchumas.
  - Cur chuige i leith rannpháirtíocht neamhiomaíoch a spreagadh i spórt faoi aois agus scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag cur chuige dá leithéid maidir le rannpháirtíocht agus barr feabhais a mhéadú.
  - Cur chuige neamhfhulaingthe a ghlacadh i leith ciníochas agus drugaí i spórt amaitéarach agus gairmiúil.

Ardfheidhmíocht

Bíonn spórt ina chúis le mórtas ollmhór náisiúnta agus áitiúil nuair a éiríonn go maith lenár bhfoirne agus lúthchleasaithe. Tá sé ina chuid dhílis dár gcultúr, aitheantas agus stair. Tugann ár lúthchleasaithe ardfheidhmíochta inspioráid don chéad ghlúin eile trí ardchaighdeáin a threisiú agus leanaí i ngach pobal a spreagadh.

Déanfaimid:

- Straitéis Ardfheidhmíochta a fhoilsiú chun treo na hÉireann a leagan amach ar feadh 12 bhliain ar a laghad, agus é a athbhreithniú gach ceithre bliana. Leagfar amach spriocanna uaillmhianacha i ndáil le boinn sa straitéis i gcaitheamh trí thimthriall Oilimpeacha/Parailimpeacha.
- Éascaíocht a dhéanamh ar iarrachtaí chun iniúchadh a dhéanamh ar mhaoiniú gnó agus daonchairdiúil do spórt ardfheidhmíochta chun cur le maoiniú stáit.
- Maoiniú stáit a mhéadú chun dul in iomaíocht le tíortha eile atá ar cóimhéid linn agus ar éirigh thar cionn leo, agus chun éascaíocht a dhéanamh ar chur chuige il-timthriallach i leith maoiniú ardfheidhmíochta.
- Tionscnaimh a fhorbairt chun clúdach na meán a mhéadú ar bhonn náisiúnta agus áitiúil maidir le spórt na mban agus freastal ag imeacht spóirt ban.
- Déanfar an fhorbairt atá á dhéanamh ar Champas Spórt Náisiúnta Spórt Éireann i mBaile an Aba a chur i gcrích i gcomhréir le *Tionscadal Éireann 2040*.

Cumas agus Rialú níos fearr

Tá súil ag an bpobal, agus an ceart acu, go léireodh gach comhlacht spóirt in Éirinn ceannasaíocht, eitic agus rialachas láidir ar fud na comhlachta. Tá sé tábhachtach go mbeadh gach eagraíocht spóirt cuntasach agus go mbainfí feidhm as modhanna oibre nua-aimseartha.

Déanfaimid:

- Oibriú le Spórt Éireann lena chinntiú go nglacann gach Coiste Náisiúnta Rialaithe (NGBanna) agus gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt (LSPanna) an Cód Rialaithe don Earnáil Pobail, Dheonach agus Carthanachta faoi dheireadh na bliana 2021. Tugtar le chéile sa Chód prionsabail mhaithe rialaithe maidir le spórt agus aithnítear nach bhfuil aon mhúnla amháin i leith dea-rialachais don earnáil.
- Tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí spóirt atá ag fáil maoiniú poiblí chun uirlisí measúnaithe a fhorbairt dá gcláir agus tionscnaimh.
- Oibriú le clubanna spóirt chun oiliúint d'oibrithe deonacha a mhéadú chun díriú ar shaincheisteanna ar nós leas leanaí, feasacht ar mhíchumas, garchabhair, riarachán agus

rialachas spóirt, agus tiomsú airgid.

- Leanúint den Chlár Caipitil Spóirt do chlubanna agus d'fhaichí spóirt údarás áitiúil agus don Chiste d'Infreastruchtúr Spóirt ar Mhórscála (LSSIF). Tabharfaimid tús áite d'infheistíocht chaipitil spóirt i gceantair ina raibh leibhéal íseal rannpháirtíochta agus bochtaineacht san am atá thart.
- Ciste um Nuálaíocht sa Teicneolaíocht Spóirt a fhorbairt chun taighde agus forbairt a spreagadh maidir le hidirghabhálacha d'fhonn tacú le rannpháirtíocht agus barr feabhais.
- Straitéis a fhorbairt chun na cineálacha mórimeachtaí spóirt ar chóir dúinn iarratas a dhéanamh orthu a aithint (go háirithe na cinn a cuireadh ar ceal mar gheall ar COVID-19), agus an bealach inar féidir na himeachtaí sin a úsáid a aithint d'fhonn rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú, turasóireacht intíre agus idirnáisiúnta a spreagadh, agus Éire a chur chun cinn.

Forbairt Pobail, Ionchuimsiú Sóisialta agus Rannpháirtíocht an Phobail

Cuirfimid tús le Plean Gníomhaíochta nua Frithbhochtaineachta, um Ionchuimsiú Sóisialta agus um Fhorbairt Pobail agus beidh na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe ó na NA mar chreat aige, chun tacú le cleachtais fhónta maidir le forbairt pobail, agus chun léiriú a thabhairt ar fhreagra ar an bpaindéim COVID-19 agus an éifeacht a bhí ag an bpaindéim ar bhochtaineacht agus Ionchuimsiú sóisialta.

Tríd an bplean seo, déanfar forbairt ar *Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe : Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn 2019-2024* ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Chomh maith leis sin, déanfaimid:

- Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus Pleananna Áitiúla Geilleagracha agus Pobail lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt pobail.
- Cur de chúram ar gach údarás áitiúil/Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDCanna) Straitéis Contae um Imeascadh a fhorbairt chun mionlaigh a ionchuimsiú trí phróiseas rannpháirteach a chur chun cinn.
- Tacú leis an gclár Urraíocht Phobal Éireann chun tacú le teifigh a imeascadh.
- Straitéis a fhoilsiú chun tacú le hobair dheonach, lena n-áirítear bonneagar tacaíochta cuimsitheach a fhorbairt mar aon le bearta chun an dea-chleachtas a scaipeadh.
- Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe, an straitéis cúig bliana chun tacú leis an earnáil phobail agus dheonach in Éirinn go dtí 2024 a chur i bhfeidhm go hiomlán.
- Líon tionscadal a thabhairt isteach de réir a chéile atá cosúil le Tionscadail Forbartha Pobail (CDPanna) ó thaobh cur chuige de.
- Gealltanas a thabhairt clár deontas beag caipitiúil bliantúil a thabhairt isteach arna reáchtáil trí údaráis áitiúla chun ionaid phobail a chaomhnú, a fheabhsú agus a chothabháil.
- Tacú leis an gclár Ciste Nuálaíochta Sóisialta Éireann agus cur leis chun cuidiú a thabhairt foinsí breise a fháil maidir le maoiniú daonchairdiúil do chláir agus tionscadail phobalbhunaithe go háirithe, sna réimsí maidir le ceartas aeráide agus forbairt tuaithe agus pobail.
- Na hAchtanna um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005-12 a nuashonrú chun incháilitheacht tionscadal agus clár faoin scéim mhaoinithe a mhéadú, lena n-áireofar bithéagsúlacht, feasacht comhshaoil agus athrú aeráide.
- A chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag Botháin na bhFear agus ag Botháin na mBan.
- Réimse clár chun tacú le pobail a mhionchoigeartú agus forbairt a dhéanamh orthu, lena n-áirítear CLÁR, an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail, an Clár Seirbhísí Pobail (CSP) agus an Clár um Fheabhsú an Phobail (CEP).

Glao an Phobail

Coinneoimid Glao an Phobail ag imeacht agus muid ag teacht amach as COVID-19, agus

scrúdóimid na buanna a d'fhéadfadh bheadh i gceist le hé a choinneáil ar bhonn seasta mar mhodh chun réimse leathan seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil a nascadh ag leibhéal áitiúil agus le bheith ina ghrúpa tras-rannach ag an leibhéal náisiúnta.

Leabharlanna

Tacóimid lenár líonra leabharlanna d'fhonn riachtanais ár sochaí atá ag athrú i gcónaí a bhaint amach, agus cuirfimid an straitéis do leabharlanna poiblí, *Ár Leabharlanna Poiblí 2022* i bhfeidhm.

Scoileanna i gCeantair Thuaithe

Tacóimid le húinéirí scoileanna, nuair nach bhfuil foirgnimh á n-úsáid mar scoileanna a thuilleadh, le go mbeidh siad ar fáil don phobal nó do chuspóirí eile, i gcomhréir le mianta na n-úinéirí.

Fiontar Sóisialta

Déanfaimid forbairt ar an gcéad Bheartas Náisiúnta Fiontair Shóisialta in Éirinn.

Scéim Rabhadh do Sheanóirí

Leanfaimid den scéim seo atá faoi thionchar éilimh a fhorbairt agus a fheabhsú lena chinntiú go gcuirfear í in oiriúint d'athruithe déimeagrafacha agus do dhul chun cinn sa teicneolaíocht.

Carthanais

Déanfaimid forálacha reachtaíochta a nuashonrú in éineacht leis an Rialálaí Carthanas lena chinntiú go bhfuil na cumhachtaí aige atá riachtanach chun iontaoibh agus muinín a mhéadú maidir le carthanais a bhainistiú agus a riar.

Deiseanna níos fearr trí Oideachas agus Taighde

- **Oideachas Bunscoile agus Meánscoile**
- **Ardoideachas, Breisoideachas agus Taighde**
- **Printíseachtaí**

Misean: Deiseanna Níos Fearr trí Oideachas agus Taighde

Táimid tiomanta do chóras oideachais den scoth a chruthú ó na luathbhlianta go dtí an tArdoideachas agus an Breisoideachas, ag tairiscint deiseanna do dhaoine dul chun cinn a dhéanamh ar feadh a saoil. Chun dul i ngleic le dúshláin na todhchaí, beidh ar ár scoileanna, ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta agus institiúidí Breisoideachais fuinneamh, samhlaíocht agus fiontar foghlaimeoirí de gach aois a chothú. Beidh ár dtiomantas don oideachas bunaithe ar phrionsabail an fheabhais, an chuimsithe agus na hinbhuanaitheachta.

Chun Éire fíor-nua-aimseartha, athléimneach, uilechuimsitheach agus rathúil a bheith againn, caithfimid teorainneacha a bhrú go leanúnach trí ardtaighde. Tógfaimid ar ár láidreachtaí sa réimse seo, chun a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíochtaí nua, go háirithe i réimse na laghduithe ar astaíochtaí agus an digitithe.

Oideachas Bunscoile agus Iar-Bhunscoile

Is cloch choirnéil den tsochaí é an t-oideachas agus spreagann sé comhionannas sóisialta. Is riachtanas cathartha, sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil anois níos mó ná riamh deiseanna nua inmharthana a chruthú do dhaoine óga agus dóibh siúd ar mian leo athoiliúint a dhéanamh. Beidh ról lárnach ag an oideachas inár dtéarnamh tar éis COVID-19, agus inár n-iarrachtaí leanúnacha dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide.

Leanfaimid orainn ag forbairt ár gcórais oideachais chun freastal ar riachtanais gach mac léinn agus chun dul i ngleic le míbhuntáiste ó aois an-óg. Forbróimid cuir chuige nuálacha agus comhoibríocha chun a chinntiú go gcothaíonn ár gcóras oideachais grá don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, go gcuireann sé ar chumas pobail a bheith níos láidre, go gcothaíonn sé an timpeallacht, go gcuireann sé leis an ngeilleagar, agus go gcuireann sé le sláinte agus folláine gach foghlaimeora agus an tsochaí i gcoitinne.

Beidh ár gcur chuige faoi threoir na gcuspóirí:

- Eispéireas foghlama agus rath foghlaimeoirí a fheabhsú.
- Dul chun cinn méadaithe na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Cuidiú leo siúd a sholáthraíonn oideachas feabhsú go leanúnach.

- Droichid níos láidre a thógáil idir an t-oideachas agus an pobal i gcoitinne.
- Seirbhísí pleanála agus tacaíochta náisiúnta níos fearr a sholáthar.
- Polasaithe bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm.

Ag iarraidh Sármhaitheas san Oideachas

Táimid tiomanta do thacú le comhthuiscint a fhorbairt ar luach an oideachais, a thugann aghaidh ar an gcaoi ar féidir le hoideachas daoine de gach aois a ullmhú chun freastal ar dhúshláin nua shochaíocha, chomhshaoil, theicneolaíocha agus eacnamaíocha atá os ár gcomhair go léir. Déanfaimid:

- Tionól Saoránach a bhunú ar Thodhchaí an Oideachais chun a chinntiú go bhfuil guthanna na ndaoine óga agus iad siúd atá ag foghlaim lárnach.
- Straitéis um Oideachas Digiteach a fhorbairt agus a leabú, áit a dtacaítear le múinteoirí agus le mic léinn acmhainní ar líne a sholáthar agus foghlaim uathu agus a chinntiú go bhfuil litearthacht dhigiteach mar chuid den churaclam bunscoile agus iar-bhunscoile.
- An Straitéis um Oideachas Digiteach a úsáid chun daltaí agus mic léinn a mhealladh chun a dtaithí foghlama agus a rannpháirtíocht féin a struchtúrú agus a mhúnlú.
- A chinntiú go gcoinníonn gach múinteoir céimithe leibhéil arda eolais oideolaíochta agus ábhair, d'fhonn barr feabhais a chur ar eispéiris teagaisc agus foghlama do gach mac léinn.
- Leanúint ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag athchóiriú an churaclaim bunscoile.
- Leanúint ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag athchóiriú an churaclaim iar-bhunscoile, ag tabhairt tosaíochta d'eilimintí mar smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna agus measúnú leanúnach, ionas go mbeidh tábhacht níos lárnaí leo.
- Rannóg nua um Thaighde agus Beartas Oideachais a bhunú laistigh den Roinn, a bhfuil sé de dhualgas uirthi a chinntiú go mbeidh bonn láidir fianaise bunaithe ar fhorbairt beartas oideachais in Éirinn, go bhfuil sí dírithe ar thorthaí, agus ar an eolas faoi na cleachtais idirnáisiúnta is fearr.
- Curaclaim RSE agus SPHE cuimsitheacha agus aoisoiriúnacha a fhorbairt ar fud leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile, lena n-áirítear clár cuimsitheach ar chaidrimh LGBTI agus athruithe reachtaíochta iomchuí a dhéanamh, más gá.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar, ábhar agus seachadadh oideachas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil, ag cinntiú go bhfuil pobal na múinteoirí agus idirphlé gairmiúil i gcroílár fhoghlaim múinteoirí.
- Clár oideachais nua um Bia Shláintiúil Bunscoile a bhunú.
- Tionscnamh nua a chruthú chun nua-theangacha a fhorbairt sa bhunscoil.
- Straitéis a chur i bhfeidhm chun tacú le mic léinn tréitheach agus cumasach ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile.

Infheistiú in Oideachas d'Ardchaighdeán

Tá múinteoirí agus daltaí i gcroílár ár gcórais oideachais. Glacfaimid cur chuige bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar thorthaí maidir lenár n-idirghabhálacha beartais a thacóidh le ceannairí scoile agus le múinteoirí ina gcuid oibre.

Déanfaimid:

- Iarracht an deontas caipitíochta a mhéadú, d'fhonn an spleáchas ar ranníocaíochtaí deonacha a dhéantar le scoileanna a laghdú.
- Iarracht dul chun cinn breise a dhéanamh maidir le cóimheasa daltaí le múinteoir a laghdú i mbunscoileanna.
- Comhtháthú níos fearr a sholáthar do sheirbhís chomhairleach Chigireacht na Scoileanna, le tacaíochtaí mar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD), forbairt ceannaireachta agus sainseirbhísí tacaíochta (m.sh. NEPS, NCSE).
- Bearta nuálacha a fhorbairt chun tacú le ceannaireacht scoile agus cáilíocht an teagaisc, bunaithe ar shonraí agus dírithe ar fhoghlaim agus acmhainneacht mac léinn.
- Iniúchadh agus fardal cuimsitheach a dhéanamh ar gach foirgneamh, bonneagar agus saoráid scoile sa Stát, agus bunachar sonraí a chruthú de na beartais iontrála scoile go léir.
- Scéim spriocdhírithe scoláireachta rialtais a scrúdú chun díriú ar chéimithe a spreagadh i réimsí ábhair ina bhfuil ganntanas múinteoirí iar-bhunscoile sa ghairm.
- An Deontas Mionoibreacha a chur ar bhonn buan do scoileanna.
- Leanúint ar aghaidh ag aithint a thábhachtaí atá scoileanna beaga do phobail ar fud na hÉireann.

- Foirne Seirbhíse Tacaíochta Teicniúla a fhorbairt, a chuirfidh le cumas nuálaíochta scoileanna agus cnuasaigh scoileanna.
- Clár a chur ar fáil chun áiseanna corpoideachais agus spóirt scoile a thógáil agus a nuachóiriú.
- Tiomantas a thabhairt d'athbhreithniú cuimsitheach ar bheartas réamhphleanála scoile, ag aithint go háirithe an gá atá le tacaíochtaí leordhóthanacha do leanaí le riachtanais speisialta oideachais, agus an gá le pleanáil ghlas agus tógáil glas a chothú do scoileanna amach anseo.

- An Clár Píolótach Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh do Scoileanna a leathnú.
- Maoiniú a mhéadú do na Cistí Digiteacha, STEM agus Cruthaitheach agus Cistí Feabhais Scoile eile.

Aghaidh a thabhairt ar Chostas an Oideachais

Tá costas an oideachais fós ina bhac ar rannpháirtíocht agus ina chúis le deacrachtaí airgeadais do go leor teaghlach. Tabharfaimid aghaidh air seo sna cúig bliana amach romhainn.

Déanfaimid:

- An Bille um Chairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí a achtú.
- Tús a chur le scéim phíolótach leabhair scoile saor in aisce i Meán Fómhair 2020 agus, go dtí go ndéanfar athbhreithniú rathúil ar an gclár píolótach, an scéim a leathnú chuig scoileanna ar fud na tíre, de réir mar a cheadaíonn acmhainní.
- Béim a chur ar chíos agus ar athúsáid leabhar do scoileanna agus cosc a chur ar úsáid leabhair oibre.
- Treoirlínte soiléire a sholáthar do scoileanna ar chleachtais atá éifeachtach ó thaobh costais agus inbhuanaithe chun na costais do theaghlaigh a laghdú maidir le leabhair scoile, éide, agus trealamh IT agus spóirt.

Fís Chuimsitheach don Oideachas

Tá cuimsiú san oideachas agus rochtain ar oideachas mar bhunús do shochaí níos cothroime. Agus muid ag fáiltiú roimh gach duine páirt a ghlacadh san oideachas, ba cheart dúinn caitheamh leo go cóir. D'fhonn tacú le córas oideachais cuimsitheach agus comhionann, déanfaimid:

- Tacú le hinfheistíocht leanúnach inár gCúntóirí Riachtanais Speisialta.
- A chinntiú go bhfaigheann mic léinn an cúnamh ceart ag an am ceart, ag tógáil ar an bhfoghlaim ón bpíolótach atá ar siúl faoi láthair agus faoi réir tuilleadh comhairliúcháin.
- A chinntiú go bhfuil áit scoile oiriúnach ag gach leanbh a bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige, de réir a gceart bunreachtúil.
- Dul chun cinn breise a dhéanamh ar an aistriú i dtreo tacar tacaíochtaí freagartha stáit bunaithe ar riachtanais do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus foirne luath-idirghabhála a leathnú i scoileanna sna cúig bliana amach romhainn.
- An tsamhail aitheantais nua DEIS a chomhlánú, chun stádas DEIS a leathnú chuig scoileanna a shainaithnítear a bheith oiriúnach a chinntiú.
- Tacaíochtaí breise a sholáthar do mhic léinn atá gan dídean, a bhfuil cónaí orthu i moil teaghlaigh, nó i soláthar díreach. Cláir rochtana ar Ardoideachas agus Breisoideachas a fhorbairt tuilleadh do mhic léinn ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear baill den Phobal Taistealaithe, iad siúd atá i soláthar díreach, agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.
- Acmhainní a chinntiú do mhic léinn nach labhraíonn Béarla mar an chéad teanga.
